



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0150/2023**

14.4.2023

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM(2021)0423 – C9-0342/2021 – 2021/0250(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta  
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéirí: Luděk Niedermayer, Paul Tang

(Nós imeachta coiste comhphárteach — Rial 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló ***trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló ***trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló ***trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló ***trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le cló ***trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	218
SEASAMH MIONLACH (RIAIL 52a).....	221
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH.....	223
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	225



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM(2021)0423 – C9-0342/2021 – 2021/0250(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0423),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0342/2021),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Feabhra 2022<sup>1</sup>,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0150/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

<sup>1</sup> IO C 210, 25.5.2022, lch. 15.

<sup>2</sup> IO C 152, 6.4.2022, lch. 89.

**Leasú 1**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Is í Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup> an phríomhionstraim dlí a bhaineann le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Leis an Treoir sin leagtar amach creat dlíthiúil cuimsitheach, rud a neartaíodh a thuilleadh le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup> trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla a mhéadú. D’ainneoin na n-éachtaí lena mbaineann, is léir ón taithí a fuarthas gur cheart feabhsú breise a dhéanamh ar Threoir (AE) 2015/849 chun rioscaí a mhaolú go leordhóthanach agus chun iarrachtaí coiriúla chun mí-úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais chun críoch coiriúil a bhrath go héifeachtach.

---

<sup>22</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

<sup>23</sup> Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus

*Leasú*

(1) Is í Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>22</sup> an phríomhionstraim dlí a bhaineann le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Leis an Treoir sin leagtar amach creat dlíthiúil cuimsitheach, rud a neartaíodh a thuilleadh le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup> trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla a mhéadú. D’ainneoin na n-éachtaí lena mbaineann, is léir ón taithí a fuarthas gur cheart feabhsú breise a dhéanamh ar Threoir (AE) 2015/849 chun rioscaí a mhaolú go leordhóthanach agus chun iarrachtaí coiriúla chun mí-úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais chun críoch coiriúil a bhrath go héifeachtach ***agus chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn.***

---

<sup>22</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

<sup>23</sup> Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus

**Leasú 2**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Laghdaítear cumas na mBallstát rannchuidiú le sláine agus fíontacht chóras airgeadais an Aontais ar mhodh sainiúil mar gheall ar bhagairtí, rioscaí agus na leochaileachtaí sonracha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a dhéanann difear d'earnálacha eacnamaíochá áirithe ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin, is íomchúí lígean do na Ballstáit, ar earnálacha den sórt sin agus rioscaí sonracha a shainnithint, ***cinneadh a dhéanamh*** ceanglais AML/CFT a chur i bhfeidhm i leith earnálacha breise seachas na hearnálacha atá cumhdaithe faoi Rialachán [cúir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid]. D'fhonn éifeachtacht an mhargaidh inmheánaigh agus chóras AML/CFT an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, le tacaíocht ó ÚFA, measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil bonn cirt ***leis na cinntí atá beartaithe ag na Ballstáit*** ceanglais AML/CFT a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha breise. I gcásanna ina mbainfí amach leasanna is fearr an Aontais ar leibhéal an Aontais a mhéid a bhaineann le hearnálacha sonracha, ba cheart don Choimisiún an Ballstát sin a chur ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige gníomhú ar leibhéal an Aontais ina áit agus gur cheart don Bhallstát staonadh ó na bearta náisiúnta atá beartaithe a dhéanamh.

**Leasú 3**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 6 a (nua)**

*Leasú*

(6) Laghdaítear cumas na mBallstát rannchuidiú le sláine agus fíontacht chóras airgeadais an Aontais ar mhodh sainiúil mar gheall ar bhagairtí, rioscaí agus na leochaileachtaí sonracha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a dhéanann difear d'earnálacha eacnamaíochá áirithe ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin, is íomchúí lígean do na Ballstáit, ar earnálacha den sórt sin agus rioscaí sonracha a shainnithint, ceanglais AML/CFT a chur i bhfeidhm i leith earnálacha breise seachas na hearnálacha atá cumhdaithe faoi Rialachán [cúir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid]. D'fhonn éifeachtacht an mhargaidh inmheánaigh agus chóras AML/CFT an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, le tacaíocht ó ÚFA, measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil bonn cirt ***le cinntí na mBallstát chun*** ceanglais AML/CFT a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha breise. I gcásanna ina mbainfí amach leasanna is fearr an Aontais ar leibhéal an Aontais a mhéid a bhaineann le hearnálacha sonracha, ba cheart don Choimisiún an Ballstát sin a chur ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige gníomhú ar leibhéal an Aontais ina áit agus gur cheart don Bhallstát staonadh ó na bearta náisiúnta atá beartaithe a dhéanamh.

*(6a) D'fhonn córas airgeadais an Aontais a chosaint, tá sé rithábhachtach maidir le hiarratasóirí atá ag dul isteach i ngairmeacha sonracha arb eintitis faoi oibleagáid iad go bhfuil tuiscint mhaith acu ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta ina n-earnáil gníomhaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, maidir le nósanna imeachta ceadúnúcháin agus ceanglais iontrála faoin dlí náisiúnta do ghairmeacha rialáilte arb eintitis faoi oibleagáid iad dá dtagraítear i Rialachán ... [cuir isteach tagairt don togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239(COD)], go gceanglófar ar iarratasóirí a léiriú go bhfuil tuiscint mhaith acu ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ina n-earnáil gníomhaíochta. Ba cheart rochtain a bheith ag na hiarratasóirí sin ar oiliúint AML/CFT a sholáthraíonn eintitis faoi oibleagáid nó maoirseoirí.*

#### Leasú 4

#### Togra le haghaidh treorach

#### Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) I bhfianaise na leochaileachtaí **sonracha** i dtaca le frithsciúradh airgid a **chonacthas i dtionscal** na heisiúna airgid leictreonaigh, na seirbhísí íocaíochta agus an tsoláthair seirbhísí criptea-shócmhainní, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chur de cheangal ar na soláthraithe sin atá bunaithe ar a gcríoch i bhfoirmeacha seachas brainse agus a bhfuil a gceannoifig suite i mBallstát eile pointe teagmhála lárnach a cheapadh. Ba cheart do phointe teagmhála lárnach den sórt sin, ag gníomhú dó thar ceann na hinstitiúide ceapacháin, a áirithiú go mbeidh rialacha AML/CFT á

Leasú

(7) I bhfianaise na leochaileachtaí i dtaca le frithsciúradh airgid a **bhaineann le tionscal** na heisiúna airgid leictreonaigh, na seirbhísí íocaíochta agus an tsoláthair seirbhísí criptea-shócmhainní, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chur de cheangal ar na soláthraithe sin atá bunaithe ar a gcríoch i bhfoirmeacha seachas brainse agus a bhfuil a gceannoifig suite i mBallstát eile pointe teagmhála lárnach a cheapadh. Ba cheart do phointe teagmhála lárnach den sórt sin, ag gníomhú dó thar ceann na hinstitiúide ceapacháin, a áirithiú go mbeidh rialacha AML/CFT á



gcomhlíonadh ag na bunáochtaí.

gcomhlíonadh ag na bunáochtaí.

**Leasú 5**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Ba cheart do na maoirseoirí a áirithiú maidir leis na hoifigí malairte airgeadra, oifigí briste seiceanna, soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta nó soláthraithe seirbhísí cearrbhachais, na daoine, le fírinne, a dhéanann gnó na n-eintiteas sin a bhainistiú go héifeachtach agus úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas sin, go ngníomhóidh siad **go hionraic** macánta agus go mbeidh an t-eolas agus an saineolas is gá acu chun a gcuid feidhmeanna a dhéanamh. Ba cheart go ndéanfadh na critéir chun a chinneadh an bhfuil duine ag cloí leis na ceanglais sin nó nach bhfuil a léiriú, ar a laghad, an gá chun na heintitis sin a chosaint ar mhí-úsáid á déanamh orthu ag a mbainisteoirí nó ag a n-úinéirí tairbhiúla chun críoch coiriúil.

**Leasú 6**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(8) Ba cheart do na maoirseoirí a áirithiú maidir leis na hoifigí malairte airgeadra, oifigí briste seiceanna, soláthraithe seirbhíse iontaobhais nó cuideachta nó soláthraithe seirbhísí cearrbhachais, na daoine, le fírinne, a dhéanann gnó na n-eintiteas sin a bhainistiú go héifeachtach agus úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas sin go **bhfuil dea-cháil orthu agus go** ngníomhóidh siad **le cneastacht, le meon** macánta agus **le hionracas agus** go mbeidh an t-eolas **cruthaithe** agus an saineolas is gá acu chun a gcuid feidhmeanna a dhéanamh. Ba cheart go ndéanfadh na critéir chun a chinneadh an bhfuil duine ag cloí leis na ceanglais sin nó nach bhfuil a léiriú, ar a laghad, an gá chun na heintitis sin a chosaint ar mhí-úsáid á déanamh orthu ag a mbainisteoirí nó ag a n-úinéirí tairbhiúla chun críoch coiriúil. **Ba cheart do AMLA treoirlínte a eisiúint chun comhthuiscint a chothú maidir leis na heilimintí a chuirfidh maoirseoirí san áireamh chun a chinneadh an bhfuil dea-cháil ar lucht bainistíochta sinsearaí, go ngníomhóidh siad go macánta agus go hionraic agus go mbeidh an t-eolas agus an saineolas is gá acu.**

*Leasú*

**(8a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cláir oiliúna do ghairmithe le**

*forbairt nó i bhfeidhm cheana ag gníomhairí eastáit dá dtagraítear in Rialachán [cuir isteach tagairt don togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239(COD)]. Féadfaidh comhlachais ghairmiúla a dhéanann ionadaíocht ar ghníomhairí agus ar an earnáil réadmhaoine cláir oiliúna den sórt sin a éascú nó a chur ar fáil. Ba cheart cineál agus fairsinge na hoiliúna a chur in oiriúint do scála agus casacht an ghnó agus a bheith iomchuí le leibhéal an riosca a bhaineann leis an sciúradh airgid agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta atá os comhair an eintitis faoi oibleagáid.*

**Leasú 7**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Tá an Coimisiún i ndea-riocht chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhagairtí trasteorann ar leith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh inmheánach agus nach féidir le Ballstáit aonair a shainaithint ná a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfí de chúram air comhordú a dhéanamh ar mheasúnú na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann. Tá rannpháirtíocht na saineolaithe ábhartha, amhail an Grúpa Saineolaithe maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus ionadaithe ó na AFAnna, agus, i gcás inarb iomchuí, ó chomhlachtaí eile ar leibhéal an Aontais, rithábhachtach d'éifeachtacht phróiseas an mheasúnaithe ar na rioscaí. Is foinse thábhachtach faisnéise don phróiseas sin freisin iad measúnuithe riosca náisiúnta agus taithí ina leith. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist sa mheasúnú sin ar na rioscaí trasteorann a dhéanfaidh an Coimisiún. Ar aon chaoi, ba cheart do na sonraí a bheith anaithnidithe go hiomlán. Níor cheart d'údaráis

*Leasú*

(10) Tá an Coimisiún i ndea-riocht chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhagairtí trasteorann ar leith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh inmheánach agus nach féidir le Ballstáit aonair a shainaithint ná a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfí de chúram air comhordú a dhéanamh ar mheasúnú na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann. Tá rannpháirtíocht na saineolaithe ábhartha, amhail an Grúpa Saineolaithe maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus ionadaithe ó na AFAnna, agus, i gcás inarb iomchuí, ó chomhlachtaí eile ar leibhéal an Aontais, rithábhachtach d'éifeachtacht phróiseas an mheasúnaithe ar na rioscaí. Is foinse thábhachtach faisnéise don phróiseas sin freisin iad measúnuithe **leanúnacha** riosca náisiúnta agus taithí ina leith. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist sa mheasúnú sin ar na rioscaí trasteorann a dhéanfaidh an Coimisiún. Ar aon chaoi, ba cheart do na sonraí a bheith anaithnidithe go hiomlán.

mhaoirseachta um chosaint sonraí náisiúnta ná de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach ach amháin má tá tionchar ag measúnú riosca an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe airgeadais ar phríobháideacht agus ar chosaint sonraí daoine aonair.

## **Leasú 8** **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Is iad na Ballstáit fós is fearr atá in ann na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a **dhéanann difear dóibh go díreach** a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint agus cinneadh a dhéanamh conas iad a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát na céimeanna iomchuí a thabhairt **mar iarracht** chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta atá aige, chomh maith le rioscaí nach gcuirfear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé i bhfeidhm agus go ndéanfar iad a sheachaint, a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint i gceart agus straitéis náisiúnta chomhleanúnach a shainiú chun gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú. Ba cheart measúnú riosca náisiúnta den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus ba cheart tuairisc a bheith ann ar struchtúr institiúideach agus ar nósanna imeachta leathana chóras AML/CFT an Bhallstáit, chomh maith leis na hacmhainní daonna agus airgeadais atá leithdháilte a **mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil**.

Níor cheart d'údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí náisiúnta ná de chuid an Aontais a bheith rannpháirteach ach amháin má tá tionchar ag measúnú riosca an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe airgeadais ar phríobháideacht agus ar chosaint sonraí daoine aonair.

*Leasú*

(12) Is iad na Ballstáit fós is fearr atá in ann na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint agus cinneadh a dhéanamh conas iad a mhaolú, **agus conas comhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear dóibh go díreach**. Dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát na céimeanna iomchuí a thabhairt chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta atá aige, chomh maith le rioscaí nach gcuirfear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé i bhfeidhm agus go ndéanfar iad a sheachaint, a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint i gceart agus **ar bhonn leanúnach, agus** straitéis náisiúnta chomhleanúnach a shainiú chun gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú. Ba cheart measúnú riosca náisiúnta den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus ba cheart tuairisc a bheith ann ar struchtúr institiúideach agus ar nósanna imeachta leathana chóras AML/CFT an Bhallstáit, chomh maith leis na hacmhainní daonna agus airgeadais atá leithdháilte. **Ba cheart measúnuithe riosca náisiúnta a choinneáil cothrom le dáta agus ba cheart iad a athbhreithniú gach trí bliana ar a laghad. Bunaithe ar shainaithint rioscaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus ar chúis a bhfuil bonn cirt léi, ba**

*cheart don Choimisiún a bheith in ann a cheangal ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a measúnú riosca níos luaithe chun rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta san Aontas a laghdú.*

**Leasú 9**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(12a) Ba cheart do na Ballstáit achoimre ar thorthaí a measúnaithe riosca a chur ar fáil go poiblí. Níor cheart faisnéis rúnaicmithe a bheith san achoimre sin. Níor cheart aon duine nádúrtha nó dlíthiúil a ainmniú san fhaisnéis atá san achoimre sin. In imthosca sonracha, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit tagairt a dhéanamh do chásanna suntasacha sciúrtha airgid, d'fhaisnéis ábhartha ó sceitheadh nó do mhóramhrais eile faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a tuairiscíodh go forleathan sna meáin. Glactar leis i gcásanna den sórt sin go bhfuil seans ann gach bhféadfaí céannacht duine nádúrtha nó duine dlíthiúil ar leith a sheachaint nó gur féidir é a thuiscint ón bhfaisnéis fhíorasach.*

**Leasú 10**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(13) Ba cheart, *i gcás inarb iomchuí*, torthaí na measúnuithe riosca a chur ar fáil do na heintitis atá faoi oibleagáid ar bhealach tráthúil chun a chur ar a gcumas a rioscaí féin a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú.

(13) Ba cheart torthaí na measúnuithe riosca a chur ar fáil do na heintitis atá faoi oibleagáid ar bhealach tráthúil *agus iomchuí* chun a chur ar a gcumas a rioscaí féin a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú.

**Leasú 11**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Ina theannta sin, chun rioscaí a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú ar leibhéal an Aontais fiú go leibhéal níos airde, ba cheart do na Ballstáit torthaí a measúnuithe riosca a chur ar fáil dá chéile, don Choimisiún agus do ÚFA.

**Leasú 12**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Chun a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcóras chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaoiniú, ba cheart do na Ballstáit cáilíocht an staidrimh ábhartha a chothabháil agus a fheabhsú. D'fhonn cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí staidrimh a bailíodh ar leibhéal an Aontais a fheabhsú tuilleadh, ba cheart don Choimisiún agus do ÚFA súil a choinneáil ar an staid ar fud an Aontais maidir leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus forbheathnú rialta a fhoilsiú.

*Leasú*

(14) Ina theannta sin, chun rioscaí a shainaithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú ar leibhéal an Aontais fiú go leibhéal níos airde, ba cheart do na Ballstáit torthaí a measúnuithe riosca a chur ar fáil dá chéile, don Choimisiún agus do ÚFA. ***Chun príobháideachas a urramú agus chun sonraí pearsanta a chosaint, ní cheart go gcuirfí torthaí na measúnuithe riosca ar fáil ach amháin a mhéid is gurb iad na sonraí a sholáthraítear an t-íosleibhéal sonraí is gá chun dualgais AML/CFT a dhéanamh.***

*Leasú*

(15) Chun a bheith in ann athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a gcóras chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaoiniú, ba cheart do na Ballstáit cáilíocht an staidrimh ábhartha a chothabháil agus a fheabhsú. D'fhonn cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí staidrimh a bailíodh ar leibhéal an Aontais a fheabhsú tuilleadh, ba cheart don Choimisiún agus do ÚFA súil a choinneáil ar an staid ar fud an Aontais maidir leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus forbheathnú rialta a fhoilsiú. ***Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an mhodheolaíocht chun staidreamh a bhailiú agus na socruithe chun an staidreamh sin a tharchur chuig an gCoimisiún agus chuig ÚFA.***

**Leasú 13**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 16**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) D'fhorbair FATF caighdeáin ionas go ndéanfaidh dlínsí na rioscaí a bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a **bhaineann le maoiniú leata a** shainaithint agus a mheasúnú, agus chun beart a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Maidir leis na caighdeáin nua sin atá tugtha isteach ag FATF, ní ghabhann siad ionad na gceanglas dian atá ann cheana na ní bhaineann siad an bonn díobh chun go gcuirfidh tíortha smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé chun feidhme leis na Rialacháin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bhaineann le leathadh arm ollscriosta a chosc, a chur faoi chois agus a shuaitheadh agus maoiniú an mhéid sin. Maidir leis na hoibleagáidí sin, mar a chuirtear chun feidhme iad ar leibhéal an Aontais le Cinntí 2010/413/CBES<sup>26</sup> agus (CBES) 2016/849<sup>27</sup> ón gComhairle agus le Rialacháin (AE) 267/2012<sup>28</sup> agus (AE) 2017/1509<sup>29</sup> ón gComhairle, leanann siad de bheith ina n-oibleagáidí riosca-bhunaithe diana atá ceangailteach ar na daoine nádúrtha agus dlítheanacha uile laistigh den Aontas.

---

<sup>26</sup> 2010/413/CBES: Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

*Leasú*

(16) D'fhorbair FATF caighdeáin ionas go ndéanfaidh dlínsí na rioscaí a bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a shainaithint agus a mheasúnú, agus chun beart a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Maidir leis na caighdeáin nua sin atá tugtha isteach ag FATF, ní ghabhann siad ionad na gceanglas dian atá ann cheana na ní bhaineann siad an bonn díobh chun go gcuirfidh tíortha smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé chun feidhme leis na Rialacháin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bhaineann le leathadh arm ollscriosta a chosc, a chur faoi chois agus a shuaitheadh agus maoiniú an mhéid sin. Maidir leis na hoibleagáidí sin, mar a chuirtear chun feidhme iad ar leibhéal an Aontais le Cinntí 2010/413/CBES<sup>26</sup> agus (CBES) 2016/849<sup>27</sup> ón gComhairle agus le Rialacháin (AE) 267/2012<sup>28</sup> agus (AE) 2017/1509<sup>29</sup> ón gComhairle, leanann siad de bheith ina n-oibleagáidí riosca-bhunaithe diana atá ceangailteach ar na daoine nádúrtha agus dlítheanacha uile laistigh den Aontas. ***Ba cheart feidhm chomh maith céanna a bheith ag oibleagáidí diana atá bunaithe ar rialacha maidir leis an sceimhlitheoireacht agus maidir le smachtbhannaí a bhaineann le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus maidir le smachtbhannaí spriocdhírithé airgeadais eile arna nglacadh ag an Aontas.***

---

<sup>26</sup> 2010/413/CBES: Cinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

<sup>27</sup> Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

<sup>28</sup> Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

<sup>29</sup> Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

<sup>27</sup> Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

<sup>28</sup> Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

<sup>29</sup> Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

#### **Leasú 14** **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Chun na forbairtí is déanaí **a rinneadh** ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú, tugadh ceanglas isteach leis an Treoir seo chun rioscaí a bhaineann le **mainneachtain cur** chun feidhme nó imghabháil **fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú leata** ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a shainaitheint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú.

#### **Leasú 15** **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 18**

*Leasú*

(17) Chun na forbairtí is déanaí ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú **agus chun creat cuimsitheach a úirithiú chun smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a chur chun feidhme**, tugadh **iliomad** ceanglas isteach leis an Treoir seo chun rioscaí a bhaineann le **neamhchur** chun feidhme nó imghabháil smachtbhannaí airgeadais **a d'fhéadfadh a bheith ann** ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a **chosc, a** shainaitheint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú.



(18) Tá cláir lárnacha d'fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil ríthábhachtach ó thaobh mí-úsáid eintiteas dlítheanach a chomhrac. Chun a **áirithe** go bhfuil rochtain éasca ar na cláir faoi úinéireacht thairbhiúil agus go bhfuil sonraí ardcháilíochta iontu, ba cheart rialacha comhsheasmhacha maidir le bailiú agus stóráil na faisnéise sin a thabhairt isteach.

(18) Tá cláir lárnacha d'fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil ríthábhachtach ó thaobh mí-úsáid eintiteas dlítheanach a chomhrac. **Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcoimeádtar faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlítheanach agus socruithe dlíthiúla, faisnéis faoi shocruithe ainmnithe agus faisnéis faoi eintitis dhlítheanacha choigríche agus faoi shocruithe dlíthiúla eachtracha i gclár lárnach.** Chun a **áirithiú** go bhfuil rochtain éasca ar na cláir faoi úinéireacht thairbhiúil agus go bhfuil sonraí ardcháilíochta iontu, ba cheart rialacha comhsheasmhacha maidir le bailiú agus stóráil na faisnéise sin a thabhairt isteach. **Ba cheart cláir lárnacha a bheith inrochtaine ar bhealach i bhformáid atá inúsáidte go héasca agus inléite ag meaisín**

**Leasú 16**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 19**

(19) D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú chun mí-úsáid a bhaint as eintitis dhlítheanacha a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil á stóráil i gclár lárnach atá suite lasmuigh den chuideachta, i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais. **Féadfaidh** na Ballstáit, chun na críche sin, bunachar sonraí lárnach a úsáid a bhailíonn faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil, nó an clár gnó, nó clár lárnach eile gnó. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil na heintitis atá faoi oibleagáid freagrach as an gclár a chomhlánú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil i ngach cás do na húdaráis inniúla agus do na AFAnna agus go soláthrófar d'eintitis atá faoi oibleagáid

(19) D'fhonn trédhearcacht a fheabhsú chun mí-úsáid a bhaint as eintitis dhlítheanacha a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil á stóráil i gclár lárnach atá suite lasmuigh den chuideachta, i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais. **Ba cheart do** na Ballstáit, chun na críche sin, bunachar sonraí lárnach a úsáid a bhailíonn faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil, nó an clár gnó, nó clár lárnach eile gnó. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil na heintitis atá faoi oibleagáid freagrach as an gclár a chomhlánú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil i ngach cás do na húdaráis inniúla agus do na AFAnna agus go soláthrófar d'eintitis atá faoi oibleagáid



í nuair a ghlacfaidh siad bearta díchill chuí custaiméara.

**Leasú 17**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Ba cheart faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus **chomshocrúithe** dlíthiúla comhchosúla a chlárú san áit ina bhfuil na hiontaobhaithe agus na daoine ag a bhfuil poist choibhéiseacha acu i **gcomshocrúithe** dlíthiúla comhchosúla bunaithe nó san áit a bhfuil cónaí orthu. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus clárú éifeachtach ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus **comshocrúithe** dlíthiúla comhchosúla, tá comhar idir na Ballstáit riachtanach freisin. Trí idirnascadh chláir na mBallstát d'uinéirí thairbhiúla iontaobhas agus **comshocrúithe** dlíthiúla comhchosúla, **bheadh** an fhaisnéis sin inrochtana, agus **d'áiritheofaí** leis go ndéanfar ilchlárú ar na hiontaobhais chéanna agus na **comshocrúithe** dlíthiúla comhchosúla céanna laistigh den Aontas a sheachaint freisin.

**Leasú 18**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Is rud bunúsach é cruinneas na sonraí atá san áirítear sna cláir **faoi úinéireacht thairbhiúil** do na húdaráis ábhartha uile agus do na daoine eile a gceadaítear dóibh rochtain a fháil ar na sonraí sin, agus chun cinntí bailí dleathacha a dhéanamh bunaithe ar na sonraí sin. Dá bhrí sin, i gcás ina dtagann cúiseanna

í nuair a ghlacfaidh siad bearta díchill chuí custaiméara.

*Leasú*

(20) Ba cheart faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus **socrúithe** dlíthiúla comhchosúla a chlárú san áit ina bhfuil na hiontaobhaithe agus na daoine ag a bhfuil poist choibhéiseacha acu i **socrúithe** dlíthiúla comhchosúla bunaithe nó san áit a bhfuil cónaí orthu. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus clárú éifeachtach ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus **socrúithe** dlíthiúla comhchosúla, tá comhar idir na Ballstáit riachtanach freisin. Trí idirnascadh chláir na mBallstát d'uinéirí thairbhiúla iontaobhas agus **socrúithe** dlíthiúla comhchosúla, **ba cheart go ndéanfaí** an fhaisnéis sin inrochtana, agus **ba cheart go n-áiritheofaí** leis go ndéanfar ilchlárú ar na hiontaobhais chéanna agus na **socrúithe** dlíthiúla comhchosúla céanna laistigh den Aontas a sheachaint freisin.

*Leasú*

(22) Is rud bunúsach é cruinneas na sonraí atá san áirítear sna cláir **úinéireachta tairbhiúla** do na húdaráis ábhartha uile agus do na daoine eile a gceadaítear dóibh rochtain a fháil ar na sonraí sin, agus chun cinntí bailí dleathacha a dhéanamh bunaithe ar na sonraí sin. Dá bhrí sin, **ba cheart do na Ballstáit a**

leordhóthanacha chun cinn, tar éis do na cláraitheoirí anailís chúramach a dhéanamh, chun amhras a chur ar chruinneas na faisnéise faoi úinéireacht thairbhiúil atá sna cláir, ba cheart é a bheith de cheangal ar eintitis dhlítheanacha agus ar **chomshocrúithe** dlíthiúla faisnéis bhreise a sholáthar ar bhonn riosca-íogair. Chomh maith leis sin, is den tábhacht é go mbronnfadh na Ballstáit cumhachtaí leordhóthanacha ar an eintiteas atá i gceannas ar bhainistiú na gclár chun úinéireacht thairbhiúil agus fírinneacht na faisnéise a chuirtear ar fáil dó a fhíorú, agus aon amhras a thuairisciú dá AFA. Ba cheart go gcuimseodh na cumhachtaí **den sórt** sin cigireachtaí ag áitreabh na n-eintiteas dlítheanach.

***áirithiú go bhfíoróidh na heintitis atá i bhfeighil na gclár lárnach, tráth a chuirtear isteach an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil agus ar bhonn rialta ina dhiaidh sin, go bhfuil an fhaisnéis sin a chuirtear isteach leormhaith, cruinn agus cothrom le dáta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil teicneolaíocht úrscothach ar fáil do na heintitis atá i bhfeighil na gclár lárnach chun fíorúithe uathoibríthe a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn cearta bunúsacha agus a sheachnaíonn torthaí idirdhealaitheacha. Thairis sin, i gcás ina dtagann cúiseanna leordhóthanacha chun cinn, tar éis do na cláraitheoirí anailís chúramach a dhéanamh, chun amhras a chur ar chruinneas na faisnéise faoi úinéireacht thairbhiúil atá sna cláir, ba cheart é a bheith de cheangal ar eintitis dhlítheanacha agus ar **shocrúithe** dlíthiúla faisnéis bhreise a sholáthar ar bhonn riosca-íogair. Chomh maith leis sin, is den tábhacht é go mbronnfadh na Ballstáit cumhachtaí **agus acmhainní** leordhóthanacha ar an eintiteas atá i gceannas ar bhainistiú na gclár chun úinéireacht thairbhiúil agus fírinneacht na faisnéise a chuirtear ar fáil dó a fhíorú, agus aon amhras a thuairisciú dá AFA. Ba cheart go gcuimseodh na cumhachtaí sin cigireachtaí ag áitreabh na n-eintiteas dlítheanach **agus, i gcás inarb infheidhme, chuig eintitis faoi oibleagáid, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go gcuimseodh na cumhachtaí sin ionadaithe daoine dlítheanacha eachtracha agus socrúithe dlíthiúla eachtracha san Aontas, i gcás ionadaithe den sórt sin a bheith ann.*****

**Leasú 19**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22 a (nua)**

**(22a) *I gcás ina mbaintear de thátal as fíorú a dhéantar tráth a chuirtear isteach an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil go bhfuil neamhréireachtaí nó earráidí san fhaisnéis sin, nó i gcás nach gcomhlíonann an fhaisnéis sin na ceanglais is gá ar shlí eile, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an t-eintiteas sin in ann an deimhniú clárúcháin a chur ar fionraí go dtí mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear don úinéir tairbhiúil in ord. I gcás ina mbraítear na neamhréireachtaí ag céim níos déanaí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach dtiocfaidh iarmhairtí dlíthiúla atá ceangailte leis an gclárú astu.***

**Leasú 20**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22 b (nua)**

**(22b) *I gcás ina mainnítear arís agus arís eile faisnéis cothrom le dáta, chruinn agus leormhaith a sholáthar do na húdaráis atá i bhfeighil na gclár lárnach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforchuirfeadh na húdaráis náisiúnta smachtbhannaí iomchuí. Leis na smachtbhannaí, ba cheart go n-áiritheofaí srianta maidir le rochtain ar ghairmeacha áirithe agus i bhfeidhmiú feidhmeanna áirithe laistigh d'eintiteas corparáideach dlíthiúil nó socrú dlíthiúil, srianta maidir le cearta úinéireachta eintitis chorparáidigh agus dhlíthiúil a fheidhmiú nó maidir leis an gcumas díbhinní a fháil agus gníomhaíochtaí a chur ar fionraí nó a scor. Ba cheart don eintiteas atá i gceannas ar na clár fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun smachtbhannaí iomchuí a fhorchur maidir le mainneachtain arís agus arís. I***

*gcás ina mainnítear arís agus arís eile faisnéis cothrom le dáta, chruinn agus leormhaith a sholáthar, ba cheart smachtbhannaí a mhéadú go dtí an leibhéal is gá chun comhlíonadh a áirithiú*

**Leasú 21**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(22c) Ba cheart d'eintitis atá i gceannas ar chlár lárnacha a bheith neamhspleách ó thaobh oibríochta agus uathrialaitheach agus ba cheart an t-údarás agus an cumas a bheith acu a bhfeidhmeanna a chur i gcrích gan tionchar ná cur isteach polaitiúil, rialtais ná tionscail. Ba cheart go mbeadh ardleibhéal ionracais ag foireann na n-eintiteas sin agus scileanna iomchuí acu, agus go gcoinneoidís ardchaighdeán ghairmiúla ar bun. Ba cheart fostaithe nó bainisteoirí an chlár lárnaigh a thuairiscíonn sárúithe ar na ceanglais faoin Treoir seo a chosaint ó thaobh an dlí de ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí, ar ghníomhaíocht díoltais nó naimhdeach agus, go háirithe, ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>.*

---

*<sup>1a</sup> Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).*

**Leasú 22**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(22d) Is ionstraim éifeachtach iad athbhreithnithe piaraí chun a áirithiú go gcomhlíonann na cláir arna mbunú sna Ballstáit ceanglais na Treorach seo agus chun dea-chleachtais agus easnaimh a shainaithint. Ba cheart, dá bhri sin, ról a bheith ag ÚFA le linn athbhreithnithe piaraí a dhéanamh ar chuid de ghníomhaíochtaí na n-eintiteas atá i gceannas ar na cláir lárnacha úinéireachta tairbhiúla nó orthu go léir d'fhonn a mheas an bhfuil sásraí ag na heintitis sin chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh agus a sheiceáil go héifeachtach an bhfuil an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a shealbhaítear sna cláir sin cruinn, leormhaith agus cothrom le dáta.*

**Leasú 23**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 22 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(22e) Is maith atá cláir úinéireachta tairbhiúla in ann daoine a shainaithint, ar bhealach tapa agus éifeachtúil, ar daoine iad a bhfuil eintitis dhlítheanacha agus socruithe dlíthiúla faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, lena n-áirítear daoine aonair atá ainmnithe i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe. Má bhraítear struchtúir úinéireachta den sórt sin go tráthúil, cuirtear feabhas ar an tuiscint ar an neamhchosaint ar na rioscaí a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a sheachaint, agus ar bhearta maolaitheacha a ghlacadh chun na rioscaí sin a laghdú. Tá sé tábhachtach, dá bhri sin, go n-éileofar le cláir den sórt sin scagadh a*

*dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ina seilbh acu i gcoinne ainmniúcháin i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, láithreach bonn ar ainmniú den sórt sin agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, chun a bhrath an gcuidíonn athruithe ar úinéireacht nó ar struchtúr rialaithe an eintitis dhlítheanaigh nó an tsocraithe dhlíthiúil an riosca go ndéanfaí smachtbhannaí spriocdhírthe airgeadais a imghabháil. Ba cheart d'eintitis atá i gceannas ar chlár úinéireachta tairbhiúla na torthaí sin a roinnt go pras le húdaráis inniúla, lena n-áirítear AFAnna agus maoirseoirí AML/CFT, chun comhlíonadh smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a áirithiú.*

**Leasú 24**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) D'fhonn a áirithiú go bhfuil an sásra tuairiscithe neamhréireachtaí comhréireach agus dírithe ar chásanna d'fhaisnéis mhíchruinn faoi úinéireacht thairbhiúil a bhrath, **féadfaidh** na Ballstáit cead a thabhairt d'eintitis atá faoi oibleagáid a iarraidh ar an gcustaiméir neamhréireachtaí de chineál teicniúil a cheartú go díreach leis an eintiteas atá i gceannas ar na clár lánacha. Ní bhaineann rogha den sórt sin ach amháin le custaiméirí a mbaineann riosca íseal leo agus leis na hearráidí sin de chineál teicniúil, amhail mionchásanna ina bhfuil faisnéis litrithe go mícheart, ina bhfuil sé soiléir nach gcuireann siad sin bac ar shainathint an úinéara thairbhiúil/na n-úinéirí tairbhiúla agus ar chruinneas na faisnéise.

*Leasú*

(24) D'fhonn a áirithiú go bhfuil an sásra tuairiscithe neamhréireachtaí comhréireach agus dírithe ar chásanna d'fhaisnéis mhíchruinn faoi úinéireacht thairbhiúil a bhrath, **ba cheart do** na Ballstáit cead a thabhairt d'eintitis atá faoi oibleagáid a iarraidh ar an gcustaiméir neamhréireachtaí de chineál teicniúil a cheartú go díreach leis an eintiteas atá i gceannas ar na clár lánacha. Ní bhaineann rogha den sórt sin ach amháin le custaiméirí a mbaineann riosca íseal leo agus leis na hearráidí sin de chineál teicniúil, amhail mionchásanna ina bhfuil faisnéis litrithe go mícheart, ina bhfuil sé soiléir nach gcuireann siad sin bac ar shainathint an úinéara thairbhiúil/na n-úinéirí tairbhiúla agus ar chruinneas na faisnéise.

**Leasú 25**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(27a) Ba cheart rochtain phras, neamhshrianta agus shaor ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a bheith ag AFAnna, ag údaráis inniúla eile, ag comhlachtaí féinrialála agus ag eintitis faoi oibleagáid tríd an Ardán Lárnach Eorpach chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus dícheall cuí a dhéanamh.**

**Leasú 26**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 28**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(28) Ach rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a bheith ag an tsochaí sibhialta, lena n-áirítear ag an bpreas nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, is féidir go ndéanfaí grinnscrúdú níos doimhne ar an bhfaisnéis agus rannchuidíonn sí le hiontaoibh i sláine an chórais airgeadais a chaomhnú. Is féidir léi rannchuidiú le mí-úsáid eintiteas corparáideach agus eintiteas dlítheanach agus comhshocrúithe dlíthiúla eile chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, trí chuidiú le himscrúduithe agus trí éifeachtaí clú araon, ós rud é go bhfuil aon duine a d'fhéadfadh dul isteach i gcaidreamh gnó ar an eolas faoi chéannacht na n-úinéirí tairbhiúla. Féadfaidh sí cur ar fáil tráthúil agus éifeachtúil faisnéise a éascú d'eintitis atá faoi oibleagáid agus d'údaráis tríú tíortha a bhfuil baint acu leis an gcomhrac in aghaidh cionta den sórt sin. Chuideodh rochtain ar an bhfaisnéis sin freisin le himscrúduithe ar sciúradh airgid, ar chionta**

**(28) Is uirlísí tábhachtacha iad cláir úinéireachta tairbhiúla chun dul chun cinn a dhéanamh sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus in aghaidh an éillithe, mí-úsáid cánach agus coireanna phreideacáide eile. Cuidíonn rochtain ar an bhfaisnéis sin freisin le himscrúduithe ar sciúradh airgid, ar chionta preideacáide bainteacha agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta.**



preideacáide bainteacha agus ar mhaoiniú  
sceimhlitheoireachta.

**Leasú 27**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 29**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(29) *Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margáí airgeadais cuid mhaith ar chóras nocht cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht in úinéireacht thairbhiúil agus i struchtúir rialaithe na gcuideachtaí. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás córais rialachais chorparáidigh a bhfuil tréithe dlúthúinéireachta acu, amhail an ceann san Aontas. Ar thaobh amháin, d'fhéadfadh infheisteoirí móra le cearta suntasacha vótála agus sreafa airgid fás fadtéarmach agus feidhmíocht dhaindean a spreagadh. Ar an taobh eile, áfach, féadfaidh úinéirí tairbhiúla rialaithe le bloic mhóra vótála dreasachtaí a bheith acu chun sócmhainní agus deiseanna corparáideacha a atreorú i gcomhair luaíocht phearsanta agus na hinfheisteoirí mionlaigh a bheith thíos leis. Ba cheart breathnú ar an méadú féideartha ar an muinín sna margáí airgeadais mar fho-éifeacht dearfach agus ní mar an cuspóir atá le trédhearcacht a mhéadú, arb ann don chuspóir sin chun timpeallacht a chruthú ar lú an dóchúlacht go mbainfí úsáid aisti chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.***

*scriosta*

**Leasú 28**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 30**



(30) **Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margáí airgeadais cuid mhaith ar chóras nochta cruinn a bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht i dtaca le húinéireacht thairbhiúil agus struchtúir rialaithe na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlítheanach eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocrúithe dlíthiúla comhchosúla. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a cheadú ar bhealach atá comhleanúnach agus comhordaithe go leor, trí rialacha muiníne maidir le rochtain ag an bpobal a bhunú ionas go mbeidh tríú páirtithe ábalta a fháil amach, ar fud an Aontais, cé hiad úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlítheanach eile chomh maith le cineálacha áirithe iontaobhas agus comhshocrúithe dlíthiúla comhchosúla, ar choinníoll go bhfuil leas dlisteanach ann.**

(30) **Sa bhreithiúnas uaithi an 22 Samhain 2022 i gCás C-37/201<sup>1a</sup>, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go meastar maidir le daoine a bhfuil baint acu le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, go bhfuil leas dlisteanach acu faisnéis ar úinéirí tairbhiúla a rochtain. Go háirithe, shaináithin an Chúirt roinnt catagóirí daoine a bhfuil leas dlisteanach acu i rochtain a fháil ar fhaisnéis den sórt sin, eadhon daoine a ghníomhaíonn chun críche iriseoireachta, tuairiscithe nó cineál eile léirithe sna meáin a bhfuil baint acu le cosc agus comhrac a dhéanamh ar sciúradh airgid, ar aon cheann dá coireanna preideacáide bainteacha nó ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta; eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le cosc agus comhrac a dhéanamh ar sciúradh airgid, ar aon cheann dá coireanna preideacáide bainteacha nó ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta; daoine ar dóigh dóibh idirbhearta nó caidreamh gnó a dhéanamh le heintiteas corparáideach, le heintiteas dlítheanach nó le socruithe dlíthiúla; agus institiúidí agus údaráis airgeadais a mhéid a bhaineann siad le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac agus nach bhfuil rochtain acu cheana féin de bhun Airteagal 11 den Treoir seo. Dá bhrí sin, is é is aidhm don Treoir seo liosta íosta agus neamh-uileghabhálach a shainiú de dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla. D'fhéadfadh catagóirí eile daoine leas dlisteanach a éileamh bunaithe ar fhorais seachas na forais a liostaítear sa Treoir seo. Agus cásdlí infheidhme na Cúirte Breithiúnais á urramú go hiomlán, ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'aon dlí de chuid an Aontais nó d'aon dlí náisiúnta**

*lena ndéantar foráil maidir le rochtain níos leithne ar fhaisnéis thairbhiúil shonrach ar bhonn cuspóirí éagsúla leasa ghinearálta nó cearta chun faisnéise. Chun measúnú a dhéanamh an bhfuil leas dlisteanach ag daoine atá ag gníomhú chun críche iriseoireachta, tuairiscithe nó aon chineál eile léirithe sna meáin, ba cheart coincheap na meán a léirmhíniú go forleathan, chun go n-áireofaí aon mhodh chun ábhar a chur ar fáil atá inrochtana don phobal, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, gan beann ar ann d'fhreagracht eagarthóireachta ar sholáthraí traidisiúnta seirbhíse meán nó nach bhfuil. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go n-áireofaí in eagraíochtaí na sochaí sibhialta gach cineál eagraíochtaí neamhrialtasacha arna mbunú faoi dhlí Ballstáit nó tríú tír, chomh maith le heagraíochtaí pobail áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta agus comhlachais saoránach nach bhfuil á mbainistiú ag údaráis stáit. Ba cheart feidhm a bheith ag cinntí leasa dhliteanaigh gan aon idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht, ar thír chónaithe ná ar thír bhunaíochta an duine a dhéanann an iarraidh, lena n-áirítear maidir le modhanna fiordheimhnithe.*

---

*<sup>1a</sup> Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Samhain 2022, Luxembourg Business Registers, C-37/20, ECLI:EU:C:2022:912, mír 74.*

**Leasú 29**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) A mhéid a bhaineann le heintitis chorparáideacha **agus** le heintitis dhlítheanacha **eile**, ba cheart féachaint le cothromaíocht chóir a aimsiú go háirithe

*Leasú*

(31) A mhéid a bhaineann le heintitis chorparáideacha, le heintitis dhlítheanacha **agus socrúithe dlítheúla**, ba cheart féachaint le cothromaíocht chóir a aimsiú

idir leas an phobail i gcoitinne i sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí. Ba cheart an tacar sonraí atá le cur ar fáil **don phobal** a bheith teoranta, sainmhínithe go soiléir agus go hiomlán, agus ba cheart go mbeadh sé de chineál ginearálta, chun go n-íoslaghdófar an dochar ionchasach do na húinéirí tairbhiúla. Ag an am céanna, níor cheart go mbeadh difríocht shuntasach idir an fhaisnéis atá inrochtana **don phobal** agus na sonraí a bhailítear faoi láthair. Chun an bac ar an gceart ar urraim dá saol príobháideach go ginearálta a theorannú agus ar a sonraí pearsanta a chosaint go háirithe, ba cheart baint a bheith ag an bhfaisnéis sin go bunúsach le stádas úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach **agus** eintiteas dlítheanach **eile**, agus ba cheart baint a bheith aige go docht leis an réimse gníomhaíochta eacnamaíche ina n-oibríonn na húinéirí tairbhiúla. Sna cásanna sin nár sainaithníodh oifigeach sinsearach bainistíochta mar an t-úinéir tairbhiúil ach ex officio agus ní trí leas úinéireachta a shealbhaítear nó trí rialú a fheidhmiú ar shlí eile, ba cheart é sin a bheith le feiceáil go soiléir sna cláir.

go háirithe idir leas an phobail i gcoitinne i sciúradh airgid, **a chuireanna phreideacáide** agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí. Ba cheart an tacar sonraí atá le cur ar fáil **do na daoine a bhfuil leas dlisteanach acu a** bheith teoranta, sainmhínithe go soiléir agus go hiomlán, agus ba cheart go mbeadh sé de chineál ginearálta, chun go n-íoslaghdófar an dochar ionchasach do na húinéirí tairbhiúla. Ag an am céanna, níor cheart go mbeadh difríocht shuntasach idir an fhaisnéis atá inrochtana **do na daoine a bhfuil leas dlisteanach acu** agus na sonraí a bhailítear faoi láthair. Chun an bac ar an gceart ar urraim dá saol príobháideach go ginearálta a theorannú agus ar a sonraí pearsanta a chosaint go háirithe, ba cheart baint a bheith ag an bhfaisnéis sin go bunúsach le stádas úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach, eintiteas dlítheanach **agus socruithe dlíthiúla**, agus ba cheart baint a bheith aige go docht leis an réimse gníomhaíochta eacnamaíche ina n-oibríonn na húinéirí tairbhiúla. Sna cásanna sin nár sainaithníodh oifigeach sinsearach bainistíochta mar an t-úinéir tairbhiúil ach ex officio agus ní trí leas úinéireachta a shealbhaítear nó trí rialú a fheidhmiú ar shlí eile, ba cheart é sin a bheith le feiceáil go soiléir sna cláir.

## Leasú 30

### Togra le haghaidh treorach

#### Aithris 32

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(32) I gcás iontaobhais shainráite nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla, ba cheart an fhaisnéis a bheith ar fáil d'aon duine den phobal, ar choinnioll gur féidir an leas dlisteanach a léiriú. Ba cheart cásanna a bheith san áireamh leis sin ina ndéanann duine nádúrtha nó dlítheanach iarraidh a chomhdú i ndáil le hiontaobhas nó le comhshocrú dlíthiúil**

*Leasú*

**scriosta**

*comhchosúil a bhfuil leas rialaitheach ina seilbh nó úinéireacht aige ar aon eintiteas corparáideach nó in aon eintiteas dlítheanach eile atá corpraithe nó a cruthaíodh lasmuigh den Aontas trí bhíthin úinéireacht dhíreach nó indíreach, lena n-áirítear trí scairshealbhaíocht iompróra, nó trí rialú ar mhodh eile. Níor cheart do léirmhíniú an Bhallstáit ar leas dlisteanach coincheap an leasa dhlísteanaigh a shrianadh go dtí cásanna atá ar feitheamh in imeachtaí riaracháin nó dlíthiúla, agus ba cheart a chumasú a chur san áireamh leo aon obair choisctheach a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha agus iriseoirí imscrúdaitheacha, i gcás inarb iomchuí, i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus cionta preideacáide bainteacha agus an fhríthmhaoinithe sceimhlitheoireachta. Cé gur féidir iontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla eile a úsáid i struchtúir chasta chorparáideacha, is é an príomhchuspóirí a bhíonn leo fós saibhreas daoine aonair a bhainistiú. Chun cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach idir an aidhm dhlísteanach cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, rud a fheabhsaítear le grinnscrúdú poiblí, agus cosaint chearta bunúsacha daoine aonair, go háirithe an ceart chun príobháideachta agus cosaint sonraí pearsanta, is gá foráil a dhéanamh maidir le leas dlisteanach a léiriú agus rochtain á fáil ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil ar iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla eile.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**

**Aithris 33**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(33) Chun a áirithiú gur féidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil *don phobal* an t-úinéir

PE730.070v02-00

*Leasú*

(33) Chun a áirithiú gur féidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil *do na daoine a bhfuil*

28/225

RR\1276766GA.docx

tairbhiúil a shainaithint go cruinn, ba cheart rochtain a bheith ag **an bpobal** ar thacar íosta sonraí. Ba cheart a bheith in ann an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint gan iomrall leis na sonraí den sórt sin, agus an méid sonraí pearsanta atá **ar fáil don phobal** a íoslaghdú ag an am céanna. Gan faisnéis a bhaineann le hainm, mí agus bliain bhreithe agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil, ní bheadh sé indéanta cén duine nádúrtha arb é an t-úinéir tairbhiúil é a bhunú gan iomrall. Ar an gcaoi chéanna, gan faisnéis maidir leis an **leas** tairbhiúil **atá ina sheilbh** bheadh sé dodhéanta an chúis gur cheart an duine nádúrtha sin a shainaithint a bheith ina úinéir tairbhiúil a chinneadh. Dá bhrí sin, chun míthuiscintí i dtaca leis an bhfaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil atá ar fáil **go poiblí** agus chun nochtadh comhréireach sonraí pearsanta go comhsheasmhach ar fud an Aontais, is iomchuí an tacar **íosta** sonraí a mbeidh rochtain ag **an bpobal** air a leagan síos.

**leas dlisteanach acu** an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint go cruinn, ba cheart rochtain a bheith ag **na daoine a bhfuil leas dlisteanach acu** ar thacar íosta sonraí. Ba cheart a bheith in ann an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint gan iomrall leis na sonraí den sórt sin, agus an méid sonraí pearsanta atá **inrochtana** a íoslaghdú ag an am céanna. Gan faisnéis a bhaineann le hainm, mí agus bliain bhreithe agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara thairbhiúil, ní bheadh sé indéanta cén duine nádúrtha arb é an t-úinéir tairbhiúil é a bhunú gan iomrall. Ar an gcaoi chéanna, gan faisnéis maidir **le cineál agus méid an leasa thairbhiúil atá i seilbh, lena n-áirítear faisnéis maidir le húinéireacht agus slabhra rialaithe, chomh maith** leis an **dáta ar tháinig duine éigin chun bheith ina úinéir** tairbhiúil, bheadh sé dodhéanta an chúis gur cheart an duine nádúrtha sin a shainaithint a bheith ina úinéir tairbhiúil a chinneadh **tráth ar leith**. Dá bhrí sin, chun míthuiscintí i dtaca leis an bhfaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil atá ar fáil agus chun nochtadh comhréireach sonraí pearsanta go comhsheasmhach ar fud an Aontais, is iomchuí an tacar sonraí a mbeidh rochtain ag **na daoine a bhfuil leas dlisteanach acu** air a leagan síos.

## Leasú 32 Togra le haghaidh treorach Aithris 34

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) **Féadfaidh an grinnscrúdú poiblí feabhsaithe rannchuidiú le mí-úsáid** na n-eintiteas dlítheanach agus na **gcomhshocrúithe** dlíthiúla, **lena n-áirítear seachaint cánach**, a **chosc**. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an fhaisnéis sin fós ar fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár **um úinéireacht thairbhiúil** ar feadh 5 bliana ar a laghad tar éis don fhoras le faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil an iontaobhais nó

*Leasú*

(34) **Ní mór d'údaráis inniúla, d'eintitis faoi oibleagáid agus do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla** na n-eintiteas **corparáideach, na n-eintiteas dlítheanach agus na socrúithe** dlíthiúla **a baineadh de na cláir. Is amhlaidh atá toisc go dteastaíonn dóthain ama ó imscrúduithe, faireachán, anailís nó taighde chun fíorais a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú**

an **chomhshocráithe** dhlíthiúil chomhchosúil a chlárú scor de bheith ann. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta, **áfach**, foráil a dhéanamh le dlí chun próiseáil na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, lena n-áirítear sonraí pearsanta chun críoch eile, má chomhlíonann an phróiseáil sin cuspóir leasa phoiblí agus más beart é atá riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach don aidhm dhlísteanaigh a shaothraítear.

**sceimhlitheoireachta a bhrath, a nochtadh agus a shainaitint. Is minic a bhíonn baint ag eintitis chorparáideacha, eintitis dhlítheanacha agus socruithe dlíthiúla le scéimeanna sciúrtha airgid a chruthaítear ar feadh tréimhse ghearr chun inrianaitheacht a theorannú. Dá scriosfaí na sonraí láithreach, chruthófaí lúb ar lár ina mbainfeadh coirpigh eintitis chorparáideacha ghaolmhara, eintitis dhlítheanacha ghaolmhara nó socruithe dlíthiúla gaolmhara de na cláir chun aon rian díobh a bhaint i ndáil le húdarais inniúla, eintitis faoi oibleagáid agus daoine a bhfuil leas dlisteanach acu. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an fhaisnéis sin fós ar fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár **úinéireachta tairbhiúla** ar feadh 5 bliana ar a laghad agus suas le 10 mbliana tar éis don fhoras le faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil an iontaobhais nó an tsocráithe dhlíthiúil chomhchosúil a chlárú scor de bheith ann. Gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, ba cheart go bhféadfaidh na Ballstáit coinneáil faisnéise nó doiciméid den sórt sin a cheadú nó a cheangal i gcásanna nithiúla ar feadh tréimhse bhreise uasta chúig bliana, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála tuilleadh den sórt sin chun sciúradh amhrasta airgid, a choireanna amhrasta preideacáide nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta foráil a dhéanamh le dlí chun próiseáil na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil, lena n-áirítear sonraí pearsanta chun críoch eile, má chomhlíonann an phróiseáil sin cuspóir leasa phoiblí agus más beart é atá riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach don aidhm dhlísteanaigh a shaothraítear.**



**Leasú 33**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(35) Anuas air sin, agus é mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú, ba cheart do na Ballstáit **a bheith in ann** foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a nochtadh trí na cláir **faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil**, agus ó rochtain ar an bhfaisnéis sin, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina nochtfadh an fhaisnéis sin an t-úinéir tairbhiúil do bhaol díreireach calaoise, fuadaigh, dúmhála, sractha, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe. Ba cheart **don** na Ballstáit a bheith in ann freisin a cheangal go ndéanfaí clárú ar líne chun aon duine a iarrann faisnéis ón gclár a shainaithint, chomh maith le go ndéanfaí táille a íoc ar rochtain ar an bhfaisnéis sa chlár.

**Leasú 34**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 35 a (nua)**

*Leasú*

(35) Anuas air sin, agus é mar aidhm acu cur chuige comhréireach agus cothrom a áirithiú agus na cearta chun saoil phríobháidigh agus chun cosaint sonraí pearsanta a ráthú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le díolúintí ó fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a nochtadh trí na cláir **úinéireachta tairbhiúla**, agus ó rochtain ar an bhfaisnéis sin, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina nochtfadh an fhaisnéis sin an t-úinéir tairbhiúil do bhaol díreireach calaoise, fuadaigh, dúmhála, sractha, ciaptha, foréigin nó imeaglaithe. Ba cheart **d'údaráis inniúla díolúintí den sórt sin a dheonú ar bhonn cás ar chás agus ar anailís mhionsonraithe ar chineál na n-imthosca eisceachtúla i ngach cás. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann freisin a cheangal go ndéanfaí clárú ar líne chun aon duine a iarrann faisnéis ón gclár a shainaithint, chomh maith le go ndéanfaí táille **chomhréireach agus leormhaith** a íoc ar rochtain ar an bhfaisnéis sa chlár, **ar táille í nár cheart a bheith níos airde ná na costais dhíreacha a bhaineann leis an bhfaisnéis a iarraidh nó a chur ar fáil. I gcás ina gcuirtear rochtain ar an gclár ar fáil ar líne trí mheán leictreonach, níor cheart do na Ballstáit a cheangal go n-íocfar aon táille ós rud é go nglactar leis nach bhfuil aon chostas díreach ag baint leis an bhfaisnéis a chur ar fáil.****

**(35a) Faoi láthair, éilíonn Ballstáit áiríthe clárú ar líne chun go mbeifear in ann aon duine a iarrann faisnéis ón gclár úinéireachta tairbhiúla a shainaitheint, agus táille a íoc chun faisnéis a fháil ón gclár. D'fhéadfadh sé gur ceanglas dlisteanach é úsáideoirí a shainaitheint ach níor cheart idirdhealú bunaithe ar a dtír chónaithe ná ar a náisiúntacht a bheith mar thoradh air. Thairis sin, d'fhéadfadh ceanglais a bhaineann le clárú nó le táillí bac a chur ar rochtain ar chláir úinéireachta tairbhiúla. Tá sé fíorriachtanach go n-áiritheoidh na Ballstáit rochtain ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil gan aon srianta bunaithe ar shuíomh geografach nó ar náisiúntacht.**

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**

**Aithris 36**

(36) Bhain Treoir (AE) 2018/843 idirnascadh ar chláir lárnacha na mBallstát ina bhfuil faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil amach tríd an Ardán Lárnach Eorpach a bunaíodh le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>. Ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát i bhfeidhmiú an chórais ina iomláine a áirithiú trí bhíthin idirphlé rialta idir an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát faoi na saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú an chórais agus le forbairt an chórais amach anseo.

(36) Bhain Treoir (AE) 2018/843 idirnascadh ar chláir lárnacha na mBallstát ina bhfuil faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil amach tríd an Ardán Lárnach Eorpach a bunaíodh le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>. **Tá sé ríthábhachtach go bhfeidhmeodh an tArdán Lárnach Eorpach mar sheirbhís cuardaigh lárnach lena gcuirtear an fhaisnéis uile a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil ar fáil d'údaráis inniúla, do chomhlachtaí féinrialála, d'eintitis faoi oibleagáid agus do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu.** Ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát i bhfeidhmiú an chórais ina iomláine a áirithiú trí bhíthin idirphlé rialta idir an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát faoi na saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú an chórais agus le forbairt an chórais amach anseo. **Ba cheart**



*Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi fhorbairt an idirphlé sin.*

---

<sup>30</sup> Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

---

<sup>30</sup> Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

**Leasú 36**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 38**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup> maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo. Ba cheart daoine nádúrtha a bhfuil sonraí pearsanta fúthu i gcláir náisiúnta mar úinéirí tairbhiúla a chur ar an eolais faoi na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. *Anuas air sin, níor cheart ach sonraí pearsanta atá cothrom le dáta agus a fhreagraíonn do na húinéirí tairbhiúla iarbhir a chur ar fáil agus ba cheart na tairbhíthe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi chreat dlíthiúil an Aontais um chosaint sonraí agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme chun na cearta sin a fheidhmiú. **Sa bhreis air sin, chun drochúsáid na faisnéise sna cláir a chosaint agus chun cóimheá a aimsiú do chearta na n-úinéirí tairbhiúla, d'fhéadfadh sé gurbh iomchuí leis na Ballstáit a mbreithniú a dhéanamh i dtaobh an fhaisnéis faoin duine iarrthach mar aon leis an mbunús dlí dá n-iarraidh a chur ar fáil don úinéir tairbhiúil.***

---

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint

*Leasú*

(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup> maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo. Ba cheart daoine nádúrtha a bhfuil sonraí pearsanta fúthu i gcláir náisiúnta mar úinéirí tairbhiúla a chur ar an eolais faoi na rialacha cosanta sonraí is infheidhme. *Thairis sin, ní mór d'údaráis inniúla, d'eintitis faoi oibleagáid agus do dhaoine a bhfuil leas dlisteanach acu rochtain a bheith acu ar stair na n-úinéirí tairbhiúla uile in aon eintiteas corparáideach, eintiteas dlítheanach nó socrú dlíthiúil ar leith chun úinéirí tairbhiúla roimhe sin a shainaithint. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ar leith leis an bhfaisnéis sin chun faireachán, anailís agus imscrúdú a dhéanamh ar sciúradh airgid, ar a chuireanna preideacáide nó ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.* Níor cheart ach sonraí pearsanta atá cothrom le dáta agus a fhreagraíonn do na húinéirí tairbhiúla iarbhir **ag tráth ar leith** a chur ar fáil agus ba cheart na tairbhíthe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi chreat dlíthiúil an Aontais um chosaint sonraí agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme chun na cearta sin a fheidhmiú.

---

<sup>31</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint

na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Leasú 37**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 39**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Cuireann rochtain mhoillithe ar fhaisnéis ag AFAnna agus ag údaráis inniúla eile ar chéannacht sealbhóirí cuntas bainc **agus** íocaíochta agus **taisceadán**, go háirithe cinn anaithnide, srian ar bhrath aistrithe cistí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Na sonraí náisiúnta **lena ligtear do chuntais** banc **agus** íocaíochtaí agus taisceadán **is** le duine amháin a shainaithint, tá siad blúirithe agus dá bhrí sin níl rochtain ag AFAnna agus údaráis inniúla eile orthu ar mhodh tráthúil. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, sásraí uathoibríthe láraithe, amhail clár nó córas aisghabhála sonraí a bhunú i ngach Ballstát mar mhodh éifeachtach chun rochtain thráthúil a fháil ar fhaisnéis maidir le céannacht sealbhóirí cuntas **banc** agus íocaíochta **mar aon le** taisceadán, a seachshealbhóirí, agus a n-úinéirí tairbheacha. Nuair a bheidh na forálacha rochtana á gcur i bhfeidhm, is iomchuí na sásraí atá ann cheana a úsáid ar choinníoll gur féidir le AFAnna na sonraí a ndéantar fiosruithe maidir leo a rochtain ar mhodh láithreach agus neamhscagtha. Ba cheart do na Ballstáit smaoineamh ar an sásra sin a fhothú le faisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach ionas go ndéanfar maolú níos éifeachtaí ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta. Maidir le **fiosruithe** agus **le faisnéis** ghaolmhar ó

na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

*Leasú*

(39) Cuireann rochtain mhoillithe ar fhaisnéis ag AFAnna agus ag údaráis inniúla eile ar chéannacht sealbhóirí cuntas bainc, **cuntas** íocaíochta agus **urrús**, **tiachóg chumhdaigh criptea-shócmhainní agus taisceadán**, go háirithe cinn anaithnide, srian ar bhrath aistrithe cistí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Na sonraí náisiúnta **lenar féidir cuntais** banc, **cuntais** íocaíochtaí agus **urrús**, **tiachóga cumhdaigh criptea-shócmhainní, agus** taisceadán **ar** le duine amháin **iad** a shainaithint, tá siad blúirithe agus dá bhrí sin níl rochtain ag AFAnna agus údaráis inniúla eile orthu ar mhodh tráthúil. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, sásraí uathoibríthe láraithe, amhail clár nó córas aisghabhála sonraí a bhunú i ngach Ballstát mar mhodh éifeachtach chun rochtain thráthúil a fháil ar fhaisnéis maidir le céannacht sealbhóirí cuntas **bainc** agus íocaíochta, **lena n-áirítear cuntais fhíorúla bhainc, cuntais urrús, tiachóga cumhdaigh criptea-shócmhainní agus** taisceadán, a seachshealbhóirí, agus a n-úinéirí tairbheacha. **Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin an fhaisnéis stairiúil maidir le sealbhóirí cuntas custaiméara iata, cuntais bhainc, cuntais íocaíochta agus urrús, tiachóga cumhdaigh criptea-shócmhainní agus taisceadán.** Nuair a bheidh na forálacha

AFAnna agus ó údaráis inniúla *seachas na húdaráis sin atá freagrach as ionchúiseamh, ba cheart lán-rúnmhaireacht a áirithiú ina leith.*

rochtana á gcur i bhfeidhm, is iomchuí na sásraí atá ann cheana a úsáid ar choinníoll gur féidir le AFAnna na sonraí a ndéantar fiosruithe maidir leo a rochtain ar mhodh láithreach agus neamhscagtha. Ba cheart do na Ballstáit smaoineamh ar an sásra sin a fhothú le faisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach agus comhréireach ionas go ndéanfar maolú níos éifeachtaí ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta. **Ba cheart lán-rúndacht a áirithiú** maidir le **fiosrúcháin agus iarrataí den sórt sin ar fhaisnéis** ghaolmhar ó AFAnna agus ó údaráis inniúla.

**Leasú 38**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(40) Chun príobháideacht a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart go gcoimeádfaí na sonraí íosta is gá chun imscrúduithe AML/CFT a dhéanamh a shealbhú sna sásraí uathoibríthe láraithe do chuntais **bainc** agus **íocaíochta**, amhail clárlanna nó córais aisghabhála sonraí. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit a chinneadh cad iad na sonraí atá úsáideach agus comhréireach le bailiú, á chur san áireamh dóibh na córais agus na traidisiúin dlíthiúla atá ann chun a chumasú sainathint chiallmhar a dhéanamh ar na húinéirí tairbhiúla. Nuair a bheidh na forálacha a bhaineann leis na sásraí sin á dtrasuí, ba cheart do na Ballstáit tréimhsí coinneála a leagan amach atá coibhéiseach leis an tréimhse choinneála le haghaidh doiciméadacht agus faisnéis a fhaightear laistigh de chur i bhfeidhm na mbeart díchill chuí do chustaiméirí. Ba cheart **gurbh fhéidir leis** na Ballstáit an tréimhse choinneála **a fhadú ar bhonn ginearálta le dlí, ach fós gan gá a bheith le cinní ar bhonn cás ar chás**. Níor cheart go rachadh an tréimhse choinneála bhreise thar 5

*Leasú*

(40) Chun príobháideacht a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart go gcoimeádfaí na sonraí íosta is gá chun imscrúduithe AML/CFT a dhéanamh a shealbhú sna sásraí uathoibríthe láraithe do chuntais **bhainc** agus **tiachóga criptea-shócmhainní**, amhail clárlanna nó córais aisghabhála sonraí. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit a chinneadh cad iad na sonraí atá úsáideach agus comhréireach le bailiú, á chur san áireamh dóibh na córais agus na traidisiúin dlíthiúla atá ann chun a chumasú sainathint chiallmhar a dhéanamh ar na húinéirí tairbhiúla. Nuair a bheidh na forálacha a bhaineann leis na sásraí sin á dtrasuí, ba cheart do na Ballstáit tréimhsí coinneála a leagan amach atá coibhéiseach leis an tréimhse choinneála le haghaidh doiciméadacht agus faisnéis a fhaightear laistigh de chur i bhfeidhm na mbeart díchill chuí do chustaiméirí. Ba cheart **go bhféadfadh** na Ballstáit **síneadh eisceachtúil a chur leis** an tréimhse choinneála, **ar choinníoll go dtugtar cúiseanna maithe ina leith**. Níor cheart go rachadh an tréimhse choinneála

bliana breise. **Ba cheart nár dhochar** an tréimhse sin don dlí náisiúnta **lena leagtar amach ceanglais eile do choinneáil sonraí lena gceadaítear cinntí cás ar chás** chun imeachtaí coiriúla nó riaracháin a éascú. Ba cheart rochtain ar na sásraí sin a bheith teoranta ar bhonn riachtanais.

bhreise thar 5 bliana breise. **Beidh** an tréimhse sin **gan dochar** don dlí coiriúil náisiúnta **maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha agus déanfar coinneáil faisnéise nó doiciméad den sórt sin a cheadú nó a cheangal i gcásanna nithiúla ar feadh tréimhse bhreise chúig bliana ar a mhéad, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála tuilleadh den sórt sin chun sciúradh amhrasta airgid nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chos, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart rochtain ar na sásraí sin a bheith teoranta ar bhonn riachtanais.**

### Leasú 39 Togra le haghaidh treorach Aithris 41

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(41) Trí idirnascadh shásraí uathoibríthe láraithe na mBallstát, bheadh na AFAnna náisiúnta in ann faisnéis trasteorann a fháil go tapa faoi chéannacht shealbhóirí **chuntais** bainc agus **íocaíochtaí** agus taisceadán i mBallstát eile, rud a threiseodh a gcumas anailís airgeadais a dhéanamh go héifeachtach agus dul i gcomhar lena gcontrapháirteanna as Ballstáit eile. Chuirfeadh rochtain dhíreach trasteorann ar fhaisnéis faoi chuntais **bainc** agus **íocaíochtaí** agus faoi thaisceadán, chuirfí ar chumas na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais anailís airgeadais a chur ar fáil laistigh d’achar ama gearr go leor chun cásanna féideartha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhrath agus gníomhaíocht thapa forfheidhmithe dlí a ráthú.

*Leasú*

(41) Trí idirnascadh shásraí uathoibríthe láraithe na mBallstát, bheadh na AFAnna náisiúnta **agus údaráis náisiúnta inniúla eile arna n-ainmniú de réir Threoir (AE) 2019/1153<sup>1a</sup>** in ann faisnéis trasteorann a fháil go tapa faoi chéannacht shealbhóirí **cuntas** bainc, **cuntas íocaíochtaí** agus **urrús, tiachóg chumhdaigh criptea-shócmhainní** agus taisceadán i mBallstát eile, rud a threiseodh a gcumas anailís airgeadais a dhéanamh go héifeachtach **ar cionta coiriúla** agus **iad a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus** dul i gcomhar lena gcontrapháirteanna as Ballstáit eile. Chuirfeadh rochtain dhíreach trasteorann ar fhaisnéis faoi chuntais **bhainc, faoi chuntais íocaíochtaí** agus **urrús, faoi thiachóga cumhdaigh criptea-shócmhainní** agus faoi thaisceadán, chuirfí ar chumas na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais anailís airgeadais a chur ar fáil laistigh d’achar ama gearr go leor chun cásanna féideartha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhrath

agus gníomhaíocht thapa forfheidhmithe dlí a ráthú.

---

*1<sup>a</sup> Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/JHA ón gComhairle, IO L 186, 11.7.2019, lgh. 122-137.*

**Leasú 40**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 42**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Chun an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais a urramú, agus chun teorainn a chur le tionchar na rochtana trasteorann ar an bhfaisnéis atá sna sásraí uathoibríthe láraithe náisiúnta, dhéanfaí raon feidhme na faisnéise ar féidir rochtain a fháil uirthi trí lárphointe rochtana na gclár cuntas bainc (CCB) a shrianadh don íosmhéid is gá i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí chun a bheith in ann aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cuntais íocaíochtaí agus cuntais bainc arna sainaitheint le IBAN agus taisceadáin ina seilbh acu nó á rialú acu a shainaitheint. **Thairis sin, níor** cheart rochtain láithreach agus neamhscagtha ar an lárphointe rochtana a dheonú **ach** do AFAnna. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go **gcoinneoidh foirne** na AFAnna ardchaighdeáin **maidir le rúndacht** agus **le cosaint** sonraí, go **mbeidh** ardleibhéal ionracais acu agus go **mbeidh** na scileanna iomchuí acu. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur a chur i bhfeidhm a thabharfadh ráthaíocht maidir le slándáil na sonraí ag

*Leasú*

(42) Chun an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais a urramú, agus chun teorainn a chur le tionchar na rochtana trasteorann ar an bhfaisnéis atá sna sásraí uathoibríthe láraithe náisiúnta, dhéanfaí raon feidhme na faisnéise ar féidir rochtain a fháil uirthi trí lárphointe rochtana na gclár cuntas bainc (CCB) a shrianadh don íosmhéid is gá i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí chun a bheith in ann aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cuntais íocaíochtaí agus cuntais bainc arna sainaitheint le IBAN, **cuntais urrús, tiachóga cumhdaigh criptea-shócmhainní** agus taisceadáin ina seilbh acu nó á rialú acu a shainaitheint. **Ba** cheart rochtain láithreach agus neamhscagtha ar an lárphointe rochtana a dheonú do AFAnna **agus do na húdaráis inniúla eile arna n-ainmniú de réir Threoir (AE) 2019/1153**. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go **gcoimeádann foireann** na AFAnna ardchaighdeáin **ghairmiúla rúndachta** agus **cosanta** sonraí, go **bhfuil** ardleibhéal ionracais acu agus go **bhfuil** na scileanna iomchuí acu, **lena n-áirítear chun claontaí**

caighdeáin arda teicneolaíochta.

*i dtacar mórshonraí agus úsáid eiticiúil na dtacar sin a bhrath.* Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur a chur i bhfeidhm a thabharfadh ráthaíocht maidir le slándáil na sonraí ag caighdeáin arda teicneolaíochta.

**Leasú 41**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 44**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Is tráchtearra tarraingteach *é* an réadmhaoin le haghaidh coirpeach chun fáltais a ngníomhaíochtaí aindleathacha a sciúradh, toisc go bhfágann sé gur féidir fíorfhoinse na gcistí agus céannacht an úinéara thairbhiúil a cheilt. Is den tábhacht é go ndéanfadh AFAnna agus údaráis inniúla eile an *daoine* nádúrtha nó dlítheanach ar leis réadmhaoin a shainaitheint go cuí agus go tráthúil chun scéimeanna sciúrtha airgid a bhrath agus chun sócmhainní a chalcadh agus a choigistiú araon. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go *ndéanfadh* na Ballstáit rochtain *a sholáthar* do AFAnna agus d'údaráis inniúla *ar fhaisnéis lenar* féidir *an* duine nádúrtha nó *dlítheanacha ar leo réadmhaoin* a shainaitheint go tráthúil agus faisnéis atá ábhartha chun riosca agus amhras an idirbhirt a shainaitheint.

*Leasú*

(44) Is tráchtearra tarraingteach *iad talamh agus* an réadmhaoin le haghaidh coirpeach chun fáltais a ngníomhaíochtaí aindleathacha a sciúradh, toisc go bhfágann sé gur féidir fíorfhoinse na gcistí agus céannacht an úinéara thairbhiúil a cheilt. Is den tábhacht é go ndéanfadh AFAnna agus údaráis inniúla eile an *duine* nádúrtha nó dlítheanach ar leis *talamh agus* réadmhaoin a shainaitheint go cuí agus go tráthúil chun scéimeanna sciúrtha airgid a bhrath agus chun sócmhainní a chalcadh, *a urghabháil* agus a choigistiú araon, *go háirithe i gcás smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe. Ba cheart do na Ballstáit cláir nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí a bhunú chun deireadh a chur go héifeachtach le heastát réadach nó le talamh mar mhodh chun airgead a sciúradh.* Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go *dtabharfaidh* na Ballstáit rochtain *ar fhaisnéis* do AFAnna agus d'údaráis inniúla *trí phointe rochtana aonair i ngach Ballstát, rud a fhágann gur féidir duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar leis talamh agus eastát réadach* a shainaitheint go tráthúil, *lena n-áirítear trí chláir nó córais aisghabhála sonraí leictreonacha,* agus faisnéis atá ábhartha chun *an t-úinéir tairbhiúil a shainaitheint, chomh maith le rochtain thráthúil ar an bhfaisnéis ábhartha chun* riosca agus amhras an idirbhirt a shainaitheint. *Ba cheart na sonraí sin a idirnascadh tríd an bpointe rochtana aonair Eorpaigh do*



*shonraí eastáit réadaigh a bheidh le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún.*

**Leasú 42**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 44 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(44a) D'fhéadfadh earraí áirithe atá cláraithe faoin dlí náisiúnta a bheith tarraingteach do choirpigh chun fáltais a ngníomhaíochtaí aindleathacha a sciúradh. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh do chórais chun faisnéis a chomhiomlánú maidir le húinéireacht earraí den sórt sin, mar shampla árthái uisce agus aerárthái. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar fhaisnéis maidir le húinéireacht earraí áirithe eile arb earraí ardluacha iad, go háirithe earraí árachaithe, a chomhiomlánú trí chláir nó trí chórais eile. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh AFAnna agus údaráis inniúla eile daoine nádúrtha arb úinéirí tairbhiúla na n-earraí sin iad a shainaithint go cuí agus go tráthúil chun scéimeanna sciúrtha airgid a bhrath agus sócmhainní a chalcadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go soláthróidh na Ballstáit rochtain do AFAnna agus d'údaráis inniúla ar fhaisnéis lenar féidir daoine nádúrtha ar leo earraí áirithe go díreach nó trí úinéireacht thairbhiúil a aithint ar mhodh tráthúil agus ar fhaisnéis atá ábhartha chun riosca agus amhras idirbheart a shainaithint. I bhfianaise an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann le hearraí i gcriosanna saorthrádála, tá sé chomh tábhachtach céanna do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi earraí áirithe i gcriosanna saorthrádála ar fáil d'údaráis inniúla trí chláir nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí ar chriosanna saorthrádála. Ba cheart na cláir nó córais leictreonacha aisghabhála*

*sonraí sin a idirnascadh tríd an bpointe rochtana aonair faisnéise ar earraí na gcriosanna saorthrádála a bheidh le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún.*

**Leasú 43**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 45**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(45) Tá AFAnna atá neamhspleách go hoibríochtúil agus uathrialach curtha ar bun ag na Ballstáit go léir, nó ba cheart go gcuirfidís ar bun iad, chun an fhaisnéis a fhaigheann siad a bhailiú agus a anailísiú chun naisc a bhunú idir idirbhearta amhrasacha agus bunghníomhaíocht choiriúil chun cosc a chur le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus chun iad a chomhrac. Is ceart don AFA a bheith ar aon aonad aonair lárnach náisiúnta atá freagrach as tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha, tuarascálacha ar ghluaiseachtaí fisiciúla trasteorann airgid thirim agus ar íocaíochtaí in airgead tirim os cionn tairseach áirithe, chomh maith le faisnéis eile atá ábhartha maidir sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta arna gcur isteach agus eintitis atá faoi oibleagáid, a fháil agus a anailísiú. Ba cheart neamhspleáchas oibríochtúil agus uathriail an AFA a áirithiú tríd an údarás agus an cumas a dheonú do gach AFA chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi shaoirse, lena n-áirítear an cumas cinntí uathrialacha a ghlacadh maidir le faisnéis shonrach a anailísiú, a iarraidh agus a scaipeadh. I ngach cás, ba cheart an ceart neamhspleách a bheith ag an AFA an fhaisnéis a chur ar aghaidh nó a scaipeadh chuig na húdaráis inniúla. Ba cheart acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leordhóthanacha a sholáthar don AFA, ar bhealach a dhaingníonn a uathriail agus a neamhspleáchas agus a chuireann ar a chumas a shainordú a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart don AFA a bheith

*Leasú*

(45) Tá AFAnna atá neamhspleách go hoibríochtúil agus uathrialach curtha ar bun ag na Ballstáit go léir, nó ba cheart go gcuirfidís ar bun iad, chun an fhaisnéis a fhaigheann siad a bhailiú agus a anailísiú chun naisc a bhunú idir idirbhearta amhrasacha agus bunghníomhaíocht choiriúil chun cosc a chur le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus chun iad a chomhrac. Is ceart don AFA a bheith ar aon aonad aonair lárnach náisiúnta atá freagrach as tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha, tuarascálacha ar ghluaiseachtaí fisiciúla trasteorann airgid thirim ***tríd an gcóras faisnéise custaim*** agus ar íocaíochtaí in airgead tirim os cionn tairseach áirithe, chomh maith le faisnéis eile atá ábhartha maidir sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta arna gcur isteach agus eintitis atá faoi oibleagáid, a fháil agus a anailísiú. Ba cheart neamhspleáchas oibríochtúil agus uathriail an AFA a áirithiú tríd an údarás agus an cumas a dheonú do gach AFA chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi shaoirse, lena n-áirítear an cumas cinntí uathrialacha a ghlacadh maidir le faisnéis shonrach a anailísiú, a iarraidh agus a scaipeadh. I ngach cás, ba cheart an ceart neamhspleách a bheith ag an AFA an fhaisnéis a chur ar aghaidh nó a scaipeadh chuig na húdaráis inniúla. Ba cheart acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leordhóthanacha a sholáthar don AFA, ar bhealach a dhaingníonn a uathriail agus a neamhspleáchas agus a chuireann ar a chumas a shainordú a fheidhmiú go



in ann na hacmhainní is gá chun a fheidhmeanna a dhéanamh a fháil agus a chur in úsáid, ar bhonn aonair nó ar bhonn gnáthaimh, saor ó aon tionchar nó cur isteach míchuí polaitiúil, rialtais nó tionscail, rud a d'fhéadfadh a neamhspleáchas oibríochtúil a chur i mbaol.

héifeachtach. Ba cheart don AFA a bheith in ann na hacmhainní is gá chun a fheidhmeanna a dhéanamh a fháil agus a chur in úsáid, ar bhonn aonair nó ar bhonn gnáthaimh, saor ó aon tionchar nó cur isteach míchuí polaitiúil, rialtais nó tionscail, rud a d'fhéadfadh a neamhspleáchas oibríochtúil a chur i mbaol. ***Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin agus laigí agus dea-chleachtais a shainiú, ba cheart ÚFA a chumhachtú chun comhordú a dhéanamh ar eagrú athbhreithnithe piaraí ar AFAnna.***

**Leasú 44**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 45 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(45a) Ba cheart go mbeadh ardleibhéal ionracais ag foireann AFAnna agus go mbeadh scileanna iomchuí acu, lena n-áirítear chun claontachtaí a bhrath i dtacair ollsonraí agus in úsáid eiticiúil na dtacar sin, agus ba cheart dóibh ardchaighdeán ghairmiúla a choinneáil. Níor cheart go mbeadh foireann AFAnna i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa ann nó ina bhféadfaí a mheas gur ann do choinbhleacht leasa. Ba cheart do ÚFA treoirlínte a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna coinbhleachta leasa.***

**Leasú 45**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 46**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(46) Tá ról tábhachtach ag AFAnna i sainiú oibríochtaí airgeadais na líonraí sceimhlitheoireachta, go háirithe thar theorainneacha, agus i mbrath a n-

(46) Tá ról tábhachtach ag AFAnna i sainiú oibríochtaí airgeadais na líonraí sceimhlitheoireachta, go háirithe thar theorainneacha, agus i mbrath a n-

urraitheoirí airgeadais. D'fhéadfadh faisnéis airgeadais a bheith bunriachtanach chun éascú cionta sceimhlitheoireachta mar aon le líonraí agus scéimeanna eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a aimsiú. Cothaíonn AFAnna éagsúlachtaí suntasacha maidir lena bhfeidhmeanna, a n-inniúlachtaí agus a gcumhachtaí. Níor cheart go ndéanfadh na héagsúlachtaí reatha difear, áfach, do ghníomhaíocht AFA, go háirithe a chumas chun anailísí coisctheacha a fhorbairt mar thaca le gach údarás atá i gceannas gníomhaíochtaí faisnéise, imscrúdaithe agus breithiúnacha, agus comhoibriú idirnáisiúnta. Agus a gcúraimí á bhfeidhmiú ag AFAnna, tá sé bunriachtanach anois an tacar íosta sonraí is ceart rochtain thapa a bheith acu orthu a shainnithint agus a bheith in ann malartú gan bhac a dhéanamh lena gcontrapháirteanna ó Bhallstáit eile. I ngach cás ina bhfuil amhras faoi sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus i gcásanna ina bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta i gceist, ba cheart go rithfeadh faisnéis go díreach agus go tapa gan moill mhíchúí. Tá sé riachtanach mar sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht AFAnna a fheabhsú tuilleadh, trí shoiléiriú a dhéanamh ar chumhachtaí AFAnna agus ar an gcomhar eatarthu.

urraitheoirí airgeadais. D'fhéadfadh faisnéis airgeadais a bheith bunriachtanach chun éascú cionta sceimhlitheoireachta mar aon le líonraí agus scéimeanna eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a aimsiú. Cothaíonn AFAnna éagsúlachtaí suntasacha maidir lena bhfeidhmeanna, a n-inniúlachtaí agus a gcumhachtaí. Níor cheart go ndéanfadh na héagsúlachtaí reatha difear, áfach, do ghníomhaíocht AFA, go háirithe a chumas chun anailísí coisctheacha a fhorbairt mar thaca le gach údarás atá i gceannas gníomhaíochtaí faisnéise, imscrúdaithe agus breithiúnacha, agus comhoibriú idirnáisiúnta. Agus a gcúraimí á bhfeidhmiú ag AFAnna, tá sé bunriachtanach anois an tacar íosta sonraí is ceart rochtain thapa a bheith acu orthu a shainnithint agus a bheith in ann malartú gan bhac a dhéanamh lena gcontrapháirteanna ó Bhallstáit eile. I ngach cás ina bhfuil amhras faoi sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus i gcásanna ina bhfuil maoiniú sceimhlitheoireachta i gceist, ba cheart go rithfeadh faisnéis go díreach agus go tapa gan moill mhíchúí. Tá sé riachtanach mar sin éifeachtacht agus éifeachtúlacht AFAnna a fheabhsú tuilleadh, trí shoiléiriú a dhéanamh ar chumhachtaí AFAnna agus ar an gcomhar eatarthu. ***Ba cheart do AFAnna comhoibriú lena chéile a mhéid is féidir. Níor cheart go mbeadh AFA in ann diúltú faisnéis a mhalartú le AFA eile ach amháin in imthosca eisceachtúla ina bhféadfadh an malartú a bheith contrártha do phrionsabail bhunúsacha an dlí náisiúnta. Ba cheart eisceachtaí den sórt sin a shonrú ar bhealach a choscfaí mí-úsáid shaormhalartú na faisnéise chun críocha anailise agus teorainneacha míchúí ar an saormhalartú sin.***

**Leasú 46**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 47**

(47) Áirítear leis na cumhachtaí atá ag AFAnna an ceart chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí a theastaíonn uathu chun sciúradh airgid, na cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac. Is é an toradh a bhí ar an easpa sainmhíthe ar na cineálacha faisnéise is ceart a bheith san áireamh sna catagóirí ginearálta gur tugadh rochtain do AFAnna ar thacair faisnéise atá an-éagsúil óna chéile, agus bhí tionchar aige sin ar fheidhmeanna anailíseacha AFAnna chomh maith lena gcumas dul i gcomhar go héifeachtach lena gcontrapháirteanna as Ballstáit eile. Is gá dá bhrí sin na tacair íosta a shainiú ar fhaisnéis ‘airgeadais’, ‘riaracháin’ agus ‘forfheidhmiú an dlí’ is ceart a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach do gach AFA ar fud an Aontais. Thairis sin, ba cheart do AFAnna a bheith ábalta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena bhfeidhmeanna a fháil go tapa ó aon eintiteas atá faoi oibleagáid. Ba cheart do AFA a bheith ábalta an fhaisnéis sin a fháil ar iarraidh arna déanamh ag AFA eile *den Aontas* agus an fhaisnéis sin a mhalartú leis an AFA iarrthach.

**Leasú 47**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 48**

(48) Deonaíodh an chumhacht d’fhormhór mór na AFAnna chun gníomhú go práinneach agus toiliú le hidirbheart a chur ar fionraí nó a *choinneúil siar* chun

(47) Áirítear leis na cumhachtaí atá ag AFAnna an ceart chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí a theastaíonn uathu chun sciúradh airgid, na cionta preideacáide gaolmhara agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac. Is é an toradh a bhí ar an easpa sainmhíthe ar na cineálacha faisnéise is ceart a bheith san áireamh sna catagóirí ginearálta gur tugadh rochtain do AFAnna ar thacair faisnéise atá an-éagsúil óna chéile, agus bhí tionchar aige sin ar fheidhmeanna anailíseacha AFAnna chomh maith lena gcumas dul i gcomhar go héifeachtach lena gcontrapháirteanna as Ballstáit eile. Is gá dá bhrí sin na tacair íosta a shainiú ar fhaisnéis ‘airgeadais’, ‘riaracháin’ agus ‘forfheidhmiú an dlí’ is ceart a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach do gach AFA ar fud an Aontais. Thairis sin, ba cheart do AFAnna a bheith ábalta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena bhfeidhmeanna a fháil go tapa ó aon eintiteas atá faoi oibleagáid. Ba cheart do AFA a bheith ábalta an fhaisnéis sin a fháil ar iarraidh arna déanamh ag AFA eile agus an fhaisnéis sin a mhalartú leis an AFA iarrthach *i gcomhréir le forálacha dlí reatha, amhail Treoir (AE) 2019/1153. Ba cheart go mbeadh rochtain ag AFAnna ar fhaisnéis airgeadais, riaracháin agus forfheidhmithe dlí i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí.*

(48) Deonaíodh an chumhacht d’fhormhór mór na AFAnna chun gníomhú go práinneach agus toiliú le hidirbheart a chur ar fionraí nó a *chosc ar feadh*

anailís a dhéanamh air, an t-amhras atá ann ina leith a dheimhniú agus torthaí na ngníomhaíochtaí anailíseacha a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. Tá éagsúlachtaí áirithe ann i ndáil le fad ama na gcumhachtaí chun cur siar a dhéanamh i measc na mBallstát éagsúla, áfach, rud a bhfuil tionchar aige ar ghníomhaíochtaí a bhfuil gné thrasteorann acu a chur siar trí chomhar idir AFAnna, ach a bhfuil tionchar acu ar chearta bunúsacha daoine aonair chomh maith. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an cumas ag AFAnna cistí nó sócmhainní coiriúla a shrianadh go pras agus cosc a chur ar scaipeadh na gcistí nó sócmhainní sin, agus chun críocha urghabhála freisin, ba cheart an chumhacht a dheonú do AFAnna úsáid cuntais bainc nó íocaíochtaí a chur ar fionraí chun anailís a dhéanamh ar na hidirbhearta a dhéantar tríd an gcuntas, an t-amhras atá ann ina leith a dheimhniú agus torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. Ós rud é go bhfuil tionchar ag cumhachtaí chun iarchur a dhéanamh ar an gceart chun maoiné, ba cheart caomhnú chearta bunúsacha na ndaoine dá ndéantar difear a ráthú.

*tréimhse réamhchinntithe* chun anailís a dhéanamh air, an t-amhras atá ann ina leith a dheimhniú agus torthaí na ngníomhaíochtaí anailíseacha a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. Tá éagsúlachtaí áirithe ann i ndáil le fad ama na gcumhachtaí chun cur siar a dhéanamh i measc na mBallstát éagsúla, áfach, rud a bhfuil tionchar aige ar ghníomhaíochtaí a bhfuil gné thrasteorann acu a chur siar trí chomhar idir AFAnna, ach a bhfuil tionchar acu ar chearta bunúsacha daoine aonair chomh maith. Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an cumas ag AFAnna cistí nó sócmhainní coiriúla a shrianadh go pras agus cosc a chur ar scaipeadh na gcistí nó sócmhainní sin, agus chun críocha urghabhála freisin, ba cheart an chumhacht a dheonú do AFAnna úsáid cuntais bainc nó íocaíochtaí a chur ar fionraí, **ar feadh na tréimhse riachtanaí agus leormhaithe**, chun anailís a dhéanamh ar na hidirbhearta a dhéantar tríd an gcuntas, an t-amhras atá ann ina leith a dheimhniú agus torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. Ós rud é go bhfuil tionchar ag cumhachtaí chun iarchur a dhéanamh ar an gceart chun maoiné, ba cheart caomhnú chearta bunúsacha na ndaoine dá ndéantar difear a ráthú. ***I gcás ina gcinneann AFA idirbheart nó cuntas a bhaineann le Ballstát eile a fhionraí nó a thoirmeasc, ba cheart dó an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh go pras chuig AFA an Bhallstáit sin agus í a chur ar fáil do AFAnna eile trí FIU.net. Ba cheart do gach AFA oifigeach um chearta bunúsacha a cheapadh óna fhoireann féin chun a áirithiú go ráthaítear cearta bunúsacha i gcónaí.***

**Leasú 48**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 49**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) Chun go mbeidh trédhearcacht agus

PE730.070v02-00

*Leasú*

(49) Chun go mbeidh trédhearcacht agus

44/225

RR\1276766GA.docx

cuntasacht níos fearr ann agus chun feasacht a ardú maidir lena ngníomhaíochtaí, ba cheart do AFAnna tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí a eisiúint ar bhonn bliantúil. Ba cheart, ar a laghad, sonraí staidrimh *maidir* leis na tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a fuarthas, líon na n-uaireanta a rinneadh scaipeadh chuig údaráis inniúla náisiúnta, líon na n-iarrataí a cuireadh faoi bhráid AFAnna eile agus a fuarthas uathu *a bheith sna tuarascálacha sin, chomh* maidir le *faisnéis faoi threochtaí* agus *faoi tíoipeolaíochtaí* a sainaitníodh. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil go poiblí seachas na gnéithe di a bhfuil faisnéis íogair agus rúnaicmithe inti. Ar a laghad uair amháin sa bhliain, ba cheart don AFA aiseolas a thabhairt d'eintitis atá faoi oibleagáid maidir le cáilíocht na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha, a dtráthúlacht, an tuairisc ar amhras agus aon doiciméad breise a soláthraíodh. *Is féidir* aiseolas den sórt sin a sholáthar d'eintitis atá faoi oibleagáid aonair nó do ghrúpaí d'eintitis atá faoi oibleagáid agus ba cheart é a bheith d'aidhm leis feabhsú breise a dhéanamh ar chumas na n-eintiteas atá faoi oibleagáid idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha a bhrath agus a shainaithint agus na sásraí tuairiscithe foriomlána a fheabhsú.

## Leasú 49 Togra le haghaidh treorach Aithris 50

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(50) Is é is cuspóir don AFA ná faisnéis a fhaigheann sé a bhailiú agus a anailísiú agus é d'aidhm aige naisc a shuí idir idirbhearta a bhfuil amhras ann fúthu agus gníomhaíocht choiriúil is bun dóibh chun

cuntasacht níos fearr ann agus chun feasacht a ardú maidir lena ngníomhaíochtaí, ba cheart do AFAnna tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí a eisiúint ar bhonn bliantúil. Ba cheart ar a laghad sonraí staidrimh *a sholáthar sna tuarascálacha sin i ndáil* leis na tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a fuarthas, líon na *n-iarrataí a* n-uaireanta a rinneadh scaipeadh chuig údaráis inniúla náisiúnta, líon na n-iarrataí a cuireadh faoi bhráid AFAnna eile agus a fuarthas uathu, *faisnéis* maidir le *treochtaí* agus *tíoipeolaíochtaí* a sainaitníodh *agus iarrataí a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil, Europol agus OIPE agus a fuarthas uathu*. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil go poiblí seachas na gnéithe di a bhfuil faisnéis íogair agus rúnaicmithe inti. *Go tráthrialta agus* ar a laghad uair amháin sa bhliain, ba cheart don AFA aiseolas a thabhairt d'eintitis atá faoi oibleagáid maidir le cáilíocht na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha, a dtráthúlacht, an tuairisc ar amhras agus aon doiciméad breise a soláthraíodh. *Ba cheart* aiseolas den sórt sin a sholáthar d'eintitis atá faoi oibleagáid aonair nó do ghrúpaí d'eintitis atá faoi oibleagáid, *ag brath ar an earnáil*, agus ba cheart é a bheith d'aidhm leis feabhsú breise a dhéanamh ar chumas na n-eintiteas atá faoi oibleagáid idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha a bhrath agus a shainaithint agus na sásraí tuairiscithe foriomlána a fheabhsú.

*Leasú*

(50) Is é is cuspóir don AFA ná faisnéis a fhaigheann sé a bhailiú agus a anailísiú agus é d'aidhm aige naisc a shuí idir idirbhearta a bhfuil amhras ann fúthu agus gníomhaíocht choiriúil is bun dóibh chun

sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus torthaí a chuid anailíse chomh maith le faisnéis bhreise a scaipeadh ar na húdaráis inniúla i gcás ina bhfuil forais ann lena bheith amhrasach faoi sciúradh airgid, faoi chionta preideacáide bainteacha nó faoi mhaoiniú sceimhlitheoireachta a bheith ann. Níor cheart do AFA staonadh ó mhalartú faisnéise le AFA eile ná é a dhiúltú, amach glan nó de dhroim iarrata, ar chúiseanna amhail nach ndearnadh cion preideacáide bainteach a shainaithint, gnéithe de na dlíthe coiriúla náisiúnta agus difríochtaí idir sainmhínithe ar chionta preideacáide bainteacha nó easpa tagartha do chionta preideacáide bainteacha áirithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do AFA a thoiliú roimh ré a thabhairt do AFA eile i dtaobh an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla eile gan beann ar an gcineál *ciona* preideacáide bhaintigh a d'fhéadfadh a bheith ann chun go bhféadfadh scaipeadh na faisnéise a dhéanamh go héifeachtach. Thuairisc AFAnna deacrachtaí i dtaca le faisnéis a mhalartú atá bunaithe ar dhifríochtaí idir sainmhínithe náisiúnta ar chionta preideacáide áirithe, amhail cionta cánach, nach bhfuil comhchuibhithe le dlí an Aontais. Níor cheart go gcuirfeadh na difríochtaí seo isteach ar an malartú frithpháirteach, ar an scaipeadh ar údaráis inniúla eile ná ar úsáid na faisnéise sin. Ba cheart do AFAnna, go tapa, go cuiditheach agus go héifeachtúil, an raon is leithne comhair idirnáisiúnta a thabhairt do AFAnna tríú tíortha i ndáil le sciúradh airgid, le cionta preideacáide bainteacha agus le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme le haghaidh aistrithe sonraí, Moltaí FATF agus Prionsabail Egmont maidir le Malartú Faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais.

sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, agus torthaí a chuid anailíse chomh maith le faisnéis bhreise a scaipeadh ar na húdaráis inniúla i gcás ina bhfuil forais ann lena bheith amhrasach faoi sciúradh airgid, faoi chionta preideacáide bainteacha nó faoi mhaoiniú sceimhlitheoireachta a bheith ann. Níor cheart do AFA staonadh ó mhalartú faisnéise le AFA eile ná é a dhiúltú, amach glan nó de dhroim iarrata, ar chúiseanna amhail nach ndearnadh cion preideacáide bainteach a shainaithint, gnéithe de na dlíthe coiriúla náisiúnta agus difríochtaí idir sainmhínithe ar chionta preideacáide bainteacha nó easpa tagartha do chionta preideacáide bainteacha áirithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do AFA a thoiliú roimh ré a thabhairt do AFA eile i dtaobh an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla eile gan beann ar an gcineál *coire* preideacáide bhaintigh a d'fhéadfadh a bheith ann ***agus cibé ar sainaitníodh an choir pheideacáide nó nár sainaitníodh***, chun go bhféadfadh scaipeadh na faisnéise a dhéanamh go héifeachtach. Thuairisc AFAnna deacrachtaí i dtaca le faisnéis a mhalartú atá bunaithe ar dhifríochtaí idir sainmhínithe náisiúnta ar chionta preideacáide áirithe, amhail cionta cánach, nach bhfuil comhchuibhithe le dlí an Aontais. Níor cheart go gcuirfeadh na difríochtaí seo isteach ar an malartú frithpháirteach, ar an scaipeadh ar údaráis inniúla eile ná ar úsáid na faisnéise sin. Ba cheart do AFAnna, go tapa, go cuiditheach agus go héifeachtúil, an raon is leithne comhair idirnáisiúnta a thabhairt do AFAnna tríú tíortha i ndáil le sciúradh airgid, le cionta preideacáide bainteacha agus le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme le haghaidh aistrithe sonraí, Moltaí FATF agus Prionsabail Egmont maidir le Malartú Faisnéise idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, ***agus oibleagáidí cosanta sonraí agus cearta bunúsacha á***



*n-urramú go hiomlán agus an smacht reachta á chosaint.*

**Leasú 50**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 50 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(50a) Chun go ndéanfaidh AFAnna a gcúraimí go héifeachtach, i bhfianaise chineál trasteorann go leor idirbheart, ní mór dóibh comhoibriú le chéile agus le húdaráis inniúla, lena n-áirítear ní hamháin údaráis forfheidhmithe dlí, ach freisin údaráis chánach agus chustaim, Europol agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ar bhealach níos fónta agus níos éifeachtúla. Tá comhar le AFAnna tríú tíortha ríthábhachtach freisin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac ar an leibhéal domhanda agus chun caighdeáin idirnáisiúnta AML/CFT a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit an comhar sin a chumasú, trína reachtaíocht, agus a gcuid AFAnna a chumhachtú chun socrúithe comhair éifeachtacha a dhéanamh.*

**Leasú 51**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 50 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(50b) Chun a áirithiú go ndéanfar bearta leantacha iomchuí, tá sé bunriachtanach go ndéanfaidh AFAnna torthaí a n-anailise a scaipeadh ar údaráis inniúla, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear ó AFAnna eile. I gcás inar gá toiliú a fháil roimh ré chun tuilleadh scaipthe a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar toiliú roimh ré ó AFA arna iarraidh a dheonú go pras agus a mhéid is féidir, gan beann*



*ar chineál na coire preideacáide agus cibé í a bheith sainaitheanta nó gan a bheith sainaitheanta Ba cheart aon diúltú a bheith bunaithe ar fhorais oibiachtúla, agus orthu sin amháin agus ba cheart é a bheith bunaithe ar bhonn réasúnaithe go mbeadh scaipeadh den sórt sin thar raon feidhme chur i bhfeidhm fhorúlacha AML/CFT, go bhféadfadh imscrúduithe leanúnacha a lagú mar thoradh air, nó go ndéanfadh sé difear do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta.*

**Leasú 52**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 50 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(50c) Nuair a bheidh toiliú á dheonú maidir le scaipeadh breise faisnéise ar údaráis inniúla, ba cheart go mbeadh an AFA iarrtha in ann srianta agus coinníollacha a fhorchur maidir le húsáid na faisnéise sin. Ba cheart don AFA fála agus do na húdaráis inniúla lena mbaineann na srianta agus na coinníollacha arna leagan síos ag an AFA iarrtha a chomhlíonadh. Mar shampla, d'fhéadfadh AFA iarrtha teacht ar chomhaontú maidir leis an AFA a fhaigheann an fhaisnéis a scaipeadh ar na húdaráis inniúla ar choinníoll nach féidir faisnéis a úsáid ach chun críocha anailíse oibríochtúla agus straitéisí. I gcás den sórt sin, níor cheart do na húdaráis inniúla sa Bhallstát glactha an fhaisnéis arna scaipeadh a úsáid go huathoibríoch mar fhianaise in imeacht breithiúnach ach ba cheart d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin ina áit sin na sásraí comhair bhreithiúnaigh is infheidhme a úsáid chun faisnéis a lorg chun críocha fianaise.*

**Leasú 53**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 51**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) Ba cheart do AFAnna áiseanna slána, lena n-áirítear cainéil chosanta chumarsáide, chun dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú lena chéile. Ina leith sin, ba cheart córas a bhunú le haghaidh malartú faisnéise idir AFAnna na mBallstát ('FIU.net'). Ba cheart do ÚFA an córas a bhainistiú agus a óstáil. Ba cheart **do AFAnna** FIU.net a **úsáid** chun dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú lena chéile agus féadfar é a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun faisnéis a mhalartú le AFAnna tríú tíortha agus le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Ba cheart do AFAnna lánleas a bhaint as feidhmiúlachtaí FIU.net. Ba cheart do na feidhmiúlachtaí sin a **chuar** ar chumas AFAnna a sonraí a mheaitseáil le sonraí AFAnna eile ar bhealach anaithnid agus é mar aidhm acu ábhair spéise na AFAnna i mBallstáit eile a bhrath agus a bhfáltais agus a gcistí a shainaithint, agus cosaint iomlán ar shonraí pearsanta a áirithiú ag an am céanna.

**Leasú 54**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 51 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(51) Ba cheart do AFAnna áiseanna slána **a úsáid**, lena n-áirítear cainéil chosanta chumarsáide **trí úsáid a bhaint as criptiú inn ar inn**, chun dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú lena chéile **trí FIU.net agus, nuair is ann dó, trína ionad ilfhreastail**. Ina leith sin, ba cheart córas **lánchriptithe, sábháilte agus slán** a bhunú le haghaidh malartú faisnéise idir AFAnna na mBallstát ('FIU.net'). Ba cheart do ÚFA an córas a bhainistiú agus a óstáil. Ba cheart **gurb é** FIU.net **an t-aon chóras a úsáidfeadh AFAnna** chun dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú lena chéile agus féadfar é a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun faisnéis a mhalartú le AFAnna tríú tíortha agus le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Ba cheart do AFAnna lánleas a bhaint as feidhmiúlachtaí FIU.net. Ba cheart do na feidhmiúlachtaí sin a **chur** ar chumas AFAnna a sonraí a mheaitseáil le sonraí AFAnna eile ar bhealach anaithnid, agus **a sonraí ábhar le bunachar sonraí Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, agus** é mar aidhm acu ábhair spéise na AFAnna i mBallstáit eile a bhrath agus a bhfáltais agus a gcistí a shainaithint, agus cosaint iomlán ar shonraí pearsanta a áirithiú ag an am céanna.

*Leasú*

**(51a) Ba cheart d'eintitis atá faoi oibleagáid amhras faoi sciúradh airgid, a choireanna preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear iarracht ar idirbhearta, a thuairisciú go**

*díreach do AFA an Bhallstáit ar ina chríoch atá an t-eintiteas faoi oibleagáid bunaithe. Chun na críche sin, ba cheart d'eintitis atá faoi oibleagáid cloí leis na treoracha óna AFA chun amhras den sórt sin a thuairisciú trí bhealaí cumarsáide cosanta a úsáid. Chun tuairisciú na dTuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha a chaighdeánú tuilleadh, chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach in oibríochtaí AFA, agus chun tuairisciú ó eintitis faoi oibleagáid a éascú, tá sé rithábhachtach comhéadan coiteann a fhorbairt don tuairisciú sin bunaithe ar an gcóras FIU.net ('ionad ilfhreastail FIU.net'). Ba cheart do ÚFA comhéadan tuairiscithe ionaid ilfhreastail FIU.net a fhorbairt chun a chumasú d'eintiteas faoi oibleagáid faisnéis a thuairisciú go díreach do AFA an Bhallstáit ar ina chríoch atá an t-eintiteas faoi oibleagáid a tharchuireann an fhaisnéis bunaithe. Leis an gcomhéadan sin, ba cheart go bhféadfaí an fhaisnéis sin a tharchur láithreach chuig aon AFA eile a mbaineann tuarascáil ar idirbheart amhrasach leis, bunaithe ar na critéir atá le cinneadh trí chaighdeáin theicniúla rialála. Ba cheart ionad ilfhreastail FIU.net a thabhairt isteach de réir a chéile le himeacht ama chun tuairisciú rianúil gan bhriseadh ar thuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a cheadú agus chun dóthain ama a fhágáil do AFAnna agus d'eintitis faoi oibleagáid na hathruithe teicniúla is gá a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do AFAnna a bheith in ann treoir a thabhairt d'eintitis faoi oibleagáid faisnéis a thuairisciú trí ionad ilfhreastail FIU.net 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, agus ba cheart úsáid ionad ilfhreastail FIU.net a bheith éigeantach d'eintitis faoi oibleagáid bliain ina dhiaidh sin.*

**Leasú 55**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 52**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(52) Is den tábhacht é go mbeadh AFAnna ag dul i gcomhar le chéile agus go ndéanfadh siad faisnéis a mhalartú lena chéile go héifeachtach. Ar an ábhar sin, ba cheart do ÚFA an cúnamh is gá a sholáthar, ní amháin trí bhíthin comhordú a dhéanamh ar anailísí comhpháirteacha ar thuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha trasteorann, ach trí fhorbairt a dhéanamh freisin ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis an bhformáid atá le húsáid chun faisnéis a mhalartú idir AFAnna agus **treoirlínte i ndáil leis na gnéithe** ábhartha atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaineann tuairisc ar idirbheart amhrasach le Ballstát eile nó nach mbaineann chomh maith le **cineál**, gnéithe agus cuspóirí na hanailíse oibríochtúla agus straitéisí.

**Leasú 56**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 54**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(54) Téann gluaiseacht airgid aindleathaigh thar theorainneacha agus is féidir léi difear a dhéanamh do Bhallstáit éagsúla. Tá na cásanna trasteorann, a bhfuil níos mó ná dlínse amháin i gceist leo, ag éirí níos minice agus níos suntasaí, agus sin i ngeall ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis atá faoi oibleagáid ar bhonn trasteorann freisin. Chun a bheith in ann déileáil go héifeachtach le cásanna a bhaineann le roinnt Ballstát, ba cheart do AFAnna a bheith in ann dul níos faide ná malartú simplí faisnéise chun idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha a bhrath agus a anailísiú agus an ghníomhaíocht anailíseach féin a chomhroinnt. Tá

*Leasú*

(52) Is den tábhacht é go mbeadh AFAnna ag dul i gcomhar le chéile agus go ndéanfadh siad faisnéis a mhalartú lena chéile go héifeachtach. Ar an ábhar sin, ba cheart do ÚFA an cúnamh is gá a sholáthar, ní amháin trí bhíthin comhordú a dhéanamh ar anailísí comhpháirteacha ar thuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha trasteorann, ach trí fhorbairt a dhéanamh freisin ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bhaineann leis an bhformáid atá le húsáid chun faisnéis a mhalartú idir AFAnna agus **na himthosca** ábhartha atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaineann tuairisc ar idirbheart amhrasach le Ballstát eile nó nach mbaineann chomh maith le **treoirlínte ar chineál**, gnéithe agus cuspóirí na hanailíse oibríochtúla agus straitéisí.

*Leasú*

(54) Téann gluaiseacht airgid aindleathaigh thar theorainneacha agus is féidir léi difear a dhéanamh do Bhallstáit éagsúla. Tá na cásanna trasteorann, a bhfuil níos mó ná dlínse amháin i gceist leo, ag éirí níos minice agus níos suntasaí, agus sin i ngeall ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis atá faoi oibleagáid ar bhonn trasteorann freisin. Chun a bheith in ann déileáil go héifeachtach le cásanna a bhaineann le roinnt Ballstát, ba cheart do AFAnna a bheith in ann dul níos faide ná malartú simplí faisnéise chun idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha a bhrath agus a anailísiú agus an ghníomhaíocht anailíseach féin a chomhroinnt. Tá

saincheisteanna tábhachtacha áirithe tuairiscithe ag AFAnna a chuireann teorainn nó coinníoll le cumas na AFAnna anailís chomhpháirteach a dhéanamh. Ach anailís chomhpháirteach a dhéanamh ar idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha beidh AFAnna in ann leas a bhaint as sineirgí féideartha, úsáid a bhaint as faisnéis ó fhoinsí éagsúla, léargas iomlán a fháil ar na gníomhaíochtaí aimhrialta agus saibhriú a dhéanamh ar an anailís. Ba cheart do AFAnna a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh ar idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha agus foirne comhpháirteacha anailíse a chur ar bun le haghaidh cuspóirí sonracha agus tréimhse theoranta le cúnaimh ó ÚFA, agus a bheith rannpháirteach iontu sin. Is féidir le rannpháirtíocht tríú páirtithe a bheith ríthábhachtach le go mbeidh toradh rathúil ar na hanailísí comhpháirteacha. Dá bhrí sin, féadfaidh AFAnna cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe páirt a ghlacadh an anailís chomhpháirteach i gcás ina dtiocfadh an rannpháirtíocht faoi réim shainorduithe na dtríú páirtithe sin faoi seach.

**Leasú 57**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 55**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(55) Tá an mhaoirseacht éifeachtach ar gach eintiteas atá faoi oibleagáid fíorriachtanach chun sláine chóras airgeadais an Aontais agus an mhargaidh inmheánaigh a chosaint. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit maoirseacht AML/CFT éifeachtach neamhchlaonta a chur in úsáid agus na coinníollacha a

saincheisteanna tábhachtacha áirithe tuairiscithe ag AFAnna a chuireann teorainn nó coinníoll le cumas na AFAnna **agus ÚFA** anailís chomhpháirteach a dhéanamh. Ach anailís chomhpháirteach a dhéanamh ar idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha beidh AFAnna in ann leas a bhaint as sineirgí féideartha, úsáid a bhaint as faisnéis ó fhoinsí éagsúla **de chuid an Aontais agus go náisiúnta**, léargas iomlán a fháil ar na gníomhaíochtaí aimhrialta agus saibhriú a dhéanamh ar an anailís. Ba cheart do AFAnna a bheith in ann anailísí comhpháirteacha a dhéanamh ar idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha agus foirne comhpháirteacha anailíse a chur ar bun le haghaidh cuspóirí sonracha agus tréimhse theoranta le cúnaimh ó ÚFA, agus a bheith rannpháirteach iontu sin. Is féidir le rannpháirtíocht tríú páirtithe a bheith ríthábhachtach le go mbeidh toradh rathúil ar na hanailísí comhpháirteacha. Dá bhrí sin, féadfaidh AFAnna, **nuair is gá agus is ábhartha**, cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe páirt a ghlacadh an anailís chomhpháirteach i gcás ina dtiocfadh an rannpháirtíocht faoi réim shainorduithe na dtríú páirtithe sin faoi seach. **Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh ÚFA in ann anailís chomhpháirteach a chur ar bun i gcásanna áirithe a shonraítear go soiléir.**

*Leasú*

(55) Tá an mhaoirseacht éifeachtach ar gach eintiteas atá faoi oibleagáid fíorriachtanach chun sláine chóras airgeadais an Aontais agus an mhargaidh inmheánaigh a chosaint. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit maoirseacht AML/CFT éifeachtach, **neamhspleách agus** neamhchlaonta a chur in úsáid agus

leagan amach maidir le comhar éifeachtach, tráthúil agus marthanach idir maoirseoirí.

na coinníollacha a leagan amach maidir le comhar éifeachtach, tráthúil agus marthanach idir maoirseoirí, **agus ba cheart go ndeonáí na cumhachtaí dlíthiúla sin do na maoirseoirí dá réir sin.**

**Leasú 58**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 56**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(56) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht éifeachtach neamhchlaonta riosca-bhunaithe ar na heintitis atá faoi oibleagáid uile a áirithiú, agus b'fhearr dá mb'údaráis phoiblí a dhéanfadh an méid sin trí bhíthin maoirseoir náisiúnta ar leith agus atá neamhspleách. Ba cheart do na maoirseoirí a bheith in ann raon cuimsitheach cúraimí a dhéanamh chun maoirseacht éifeacht a fheidhmiú ar na heintitis atá faoi oibleagáid uile.

*Leasú*

(56) Ba cheart do na Ballstáit maoirseacht éifeachtach neamhchlaonta, **neamhspleách agus** riosca-bhunaithe ar na heintitis atá faoi oibleagáid uile a áirithiú, agus b'fhearr dá mb'údaráis phoiblí a dhéanfadh an méid sin trí bhíthin maoirseoir náisiúnta ar leith agus atá neamhspleách. Ba cheart do na maoirseoirí a bheith in ann raon cuimsitheach cúraimí a dhéanamh chun maoirseacht éifeacht a fheidhmiú ar na heintitis atá faoi oibleagáid uile.

**Leasú 59**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 58**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(58) Chun measúnú agus faireachán níos éifeachtaí agus níos rialta a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil neamhchosaint ag na heintitis atá faoi oibleagáid orthu agus ar an mbealach ina gcuireann siad smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe chun feidhme, is gá soiléiriú a dhéanamh go bhfuil na maoirseoirí náisiúnta i dteideal agus faoi cheangal araon na himscrúduithe uile lasmuigh den láthair, ar an láthair agus téamacha is gá a dhéanamh agus aon fhiosrúchán agus measúnú eile a dhéanamh de réir mar a mheasann siad gur gá. Ní amháin go gcabhróidh sin le maoirseoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na

*Leasú*

(58) Chun measúnú agus faireachán níos éifeachtaí agus níos rialta a dhéanamh ar na rioscaí a bhfuil neamhchosaint ag na heintitis atá faoi oibleagáid orthu agus ar an mbealach ina gcuireann siad smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe chun feidhme, is gá soiléiriú a dhéanamh go bhfuil na maoirseoirí náisiúnta i dteideal agus faoi cheangal araon na himscrúduithe uile lasmuigh den láthair, ar an láthair agus téamacha is gá a dhéanamh agus aon fhiosrúchán agus measúnú eile a dhéanamh de réir mar a mheasann siad gur gá. **Ba cheart freisin go mbeidís in ann freagairt gan aon mhoill mhíchuí d'aon amhras**

cásanna sin ina bhfuil na rioscaí sonracha atá de dhlúth agus d'inneach d'earnáil soiléir agus go bhfuil tuiscint orthu, ach tabharfaidh sé na huirlisí is gá dóibh freisin chun faisnéis ábhartha a scaipeadh tuilleadh ar eintitis atá faoi oibleagáid chun bonn eolais a chur faoin tuiscint atá acu ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

*faoi neamhchomhlíonadh na gceanglas is infheidhme agus ba cheart dóibh a bheith in ann bearta maoirseachta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar líomhaintí maidir le*

*neamhchomhlíonadh.* Ní amháin go gcabhróidh sin le maoirseoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na cásanna sin ina bhfuil na rioscaí sonracha atá de dhlúth agus d'inneach d'earnáil soiléir agus go bhfuil tuiscint orthu, ach tabharfaidh sé na huirlisí is gá dóibh freisin chun faisnéis ábhartha a scaipeadh tuilleadh ar eintitis atá faoi oibleagáid chun bonn eolais a chur faoin tuiscint atá acu ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

**Leasú 60**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 59**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(59) Bíonn gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear scaipeadh faisnéise ó na maoirseoirí chuig na heintitis atá faoi oibleagáid atá faoina maoirseacht, fíor-riachtanach chun a ráthú go mbeidh tuiscint **leordhóthanach** ag an earnáil phríobháideach ar chineál agus ar leibhéal na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta atá rompu.

*Leasú*

(59) Bíonn gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear scaipeadh faisnéise ó na maoirseoirí chuig na heintitis atá faoi oibleagáid atá faoina maoirseacht, **lena n-áirítear maidir le saincheisteanna cosanta sonraí**, fíor-riachtanach chun a ráthú go mbeidh tuiscint **leormhaith** ag an earnáil phríobháideach ar chineál agus ar leibhéal na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta atá rompu **agus ar a n-oibleagáidí ina leith sin.**

**Leasú 61**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 60**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(60) Ba cheart do mhaoirseoirí cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh maidir lena gcuid oibre, rud a chuirfidh ar a gcumas a n-acmhainní a dhíriú ar an áit is mó ina bhfuil na rioscaí, agus a áirithiú san

*Leasú*

(60) Ba cheart do mhaoirseoirí cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh maidir lena gcuid oibre, rud a chuirfidh ar a gcumas a n-acmhainní a dhíriú ar an áit is mó ina bhfuil na rioscaí, agus a áirithiú san



am céanna nach bhfágtar aon earnáil nó eintiteas neamhchosanta ar iarrachtaí coiriúla airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Ba cheart do ÚFA ról ceannasach a imirt ó thaobh tuiscint choiteann a chothú maidir le rioscaí agus, dá bhrí sin, ba cheart é a chur de chúram air na tagarmharcanna agus modheolaíocht a fhorbairt chun próifil riosca bhunúsach agus iarmharach na n-eintiteas faoi oibleagáid a mheasúnú agus a aicmiú, chomh maith leis an minicíocht a leagan síos ag a ndéanfar an phróifil riosca sin a athbhreithniú.

am céanna nach bhfágtar aon earnáil nó eintiteas neamhchosanta ar iarrachtaí coiriúla airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Ba cheart do ÚFA ról ceannasach a imirt ó thaobh tuiscint choiteann a chothú maidir le rioscaí agus, dá bhrí sin, ba cheart é a chur de chúram air na tagarmharcanna agus modheolaíocht a fhorbairt chun próifil riosca bhunúsach agus iarmharach na n-eintiteas faoi oibleagáid a mheasúnú agus a aicmiú, chomh maith leis an minicíocht a leagan síos ag a ndéanfar an phróifil riosca sin a athbhreithniú. ***I ndáil leis sin, ba cheart do mhaoirseoirí agus do chomhlachtaí féinrialála tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a ghlacadh agus achoimrí orthu a chur ar fáil go poiblí.***

## Leasú 62

### Togra le haghaidh treorach

#### Aithris 62

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(62) Tá comhar idir maoirseoirí náisiúnta fíor-riachtanach chun cur chuige coiteann maoirseachta a áirithiú ar fud an Aontais. Le go mbeidh sé éifeachtach, ní mór tionchar an chomhair sin a úsáid a mhéid is féidir gan beann ar chineál nó stádas na maoirseoirí faoi seach. Sa bhreis ar an gcomhar traidisiúnta – mar atá an cumas imscrúduithe a dhéanamh thar ceann údaráis mhaoirseachta iarrthaigh – is iomchuí sainordú a thabhairt do bhunú coláistí maoirseachta AML/CFT maidir le heintitis faoi oibleagáid a oibríonn faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó maidir le heintitis faoi oibleagáid atá mar chuid de ghrúpa.

*Leasú*

(62) Tá comhar idir maoirseoirí náisiúnta fíor-riachtanach chun cur chuige coiteann maoirseachta a áirithiú ar fud an Aontais. Le go mbeidh sé éifeachtach, ní mór tionchar an chomhair sin a úsáid a mhéid is féidir gan beann ar chineál nó stádas na maoirseoirí faoi seach. Sa bhreis ar an gcomhar traidisiúnta – mar atá an cumas imscrúduithe a dhéanamh thar ceann údaráis mhaoirseachta iarrthaigh – is iomchuí sainordú a thabhairt do bhunú coláistí maoirseachta AML/CFT, ***lena n-áirítear coláistí a mbeidh maoirseoirí airgeadais tríú tíortha rannpháirteach iontu faoi choinníollacha áirithe agus ÚFA***, maidir le heintitis faoi oibleagáid a oibríonn faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó maidir le heintitis faoi oibleagáid atá mar chuid de ghrúpa. ***Ba cheart gníomhaíochtaí maoirseachta cholaistí maoirseachta AML/CFT a bheith comhréireach leis an leibhéal***

*riosca a bhaineann leis an eintiteas ábhartha faoi oibleagáid agus leis an scála a bhaineann le tábhacht na gníomhaíochta trasteorann.*

**Leasú 63**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 66**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(66) Ní mór do ghrúpaí trasteorann beartais agus nósanna imeachta forleathana ar fud an ghrúpa a bheith i bhfeidhm. Chun a áirithiú go meaitseáiltear oibríochtaí trasteorann le maoirseacht **leordhóthanach**, is gá rialacha maoirseachta mionsonraithe a leagan amach, rud a chuirfidh ar chumas maoirseoirí an Bhallstáit baile agus maoirseoirí an Bhallstáit óstaigh comhoibriú le chéile a mhéid is féidir, gan beann ar a gcineál nó stádas féin, agus le ÚFA chun na rioscaí a mheasúnú, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na heintitis éagsúla ar cuid den ghrúpa iad **agus** gníomhaíocht mhaoirseachta a chomhordú. I bhfianaise a róil chomhordúcháin, ba cheart é a chur de chúram ar ÚFA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sainítear na dualgais mhionsonraithe le haghaidh mhaoirseoirí baile agus mhaoirseoirí óstacha grúpaí, agus lena sainítear na módúlachtaí comhair eatarthu. Ba cheart an mhaoirseacht ar chur chun feidhme éifeachtach bheartas grúpa maidir le AML/CFT a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail agus modúlachtaí na maoirseachta comhdhlúite mar a leagtar síos i reachtaíocht earnála ábhartha na hEorpa.

*Leasú*

(66) Ní mór do ghrúpaí trasteorann beartais agus nósanna imeachta forleathana ar fud an ghrúpa a bheith i bhfeidhm. Chun a áirithiú go meaitseáiltear oibríochtaí trasteorann le maoirseacht **leormhaith**, is gá rialacha maoirseachta mionsonraithe a leagan amach, rud a chuirfidh ar chumas maoirseoirí an Bhallstáit baile agus maoirseoirí an Bhallstáit óstaigh comhoibriú le chéile a mhéid is féidir, gan beann ar a gcineál nó stádas féin, agus le ÚFA chun na rioscaí a mheasúnú, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na heintitis éagsúla ar cuid den ghrúpa iad, gníomhaíocht mhaoirseachta a chomhordú **agus cuidiú le díospóidí a réiteach**. I bhfianaise a róil chomhordúcháin, ba cheart é a chur de chúram ar ÚFA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sainítear na dualgais mhionsonraithe le haghaidh mhaoirseoirí baile agus mhaoirseoirí óstacha grúpaí, agus lena sainítear na módúlachtaí comhair eatarthu. Ba cheart an mhaoirseacht ar chur chun feidhme éifeachtach bheartas grúpa maidir le AML/CFT a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail agus modúlachtaí na maoirseachta comhdhlúite mar a leagtar síos i reachtaíocht earnála ábhartha na hEorpa.

**Leasú 64**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 69**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(69) Le Treoir (AE) 2015/849, ceadaíodh do na Ballstáit an mhaoirseacht ar roinnt eintiteas faoi oibleagáid a chur de chúram ar comhlachtaí féinrialála. Níor leor, áfach, cáilíocht agus déine na maoirseachta a rinne na comhlachtaí féinrialála sin, agus ní dhearnadh aon ghrinnscrúdú poiblí air nó baol air. I gcás ina gcinneann Ballstát maoirseacht a chur de chúram ar chomhlacht féinrialála, ba cheart dó freisin údarás poiblí a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta féinrialála chun a áirithiú go mbeidh feidhmiú na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo.

**Leasú 65**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 70**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(70) Mar thoradh ar an tábhacht a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, ba cheart go leagfadh na Ballstáit síos smachtbhannaí agus bearta riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha sa dlí náisiúnta as mainneachtain cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a urramú. Ba cheart do na Ballstáit cumhacht a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta bearta den sórt sin a fhorchur ar eintitis faoi oibleagáid chun an cás a leigheas i gcás

*Leasú*

(69) Le Treoir (AE) 2015/849, ceadaíodh do na Ballstáit an mhaoirseacht ar roinnt eintiteas faoi oibleagáid a chur de chúram ar comhlachtaí féinrialála. Níor leor, áfach, cáilíocht agus déine na maoirseachta a rinne na comhlachtaí féinrialála sin, agus ní dhearnadh aon ghrinnscrúdú poiblí air nó baol air. I gcás ina gcinneann Ballstát maoirseacht a chur de chúram ar chomhlacht féinrialála, ba cheart dó freisin údarás poiblí a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta féinrialála chun a áirithiú go mbeidh feidhmiú na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo. ***Ba cheart don údarás sin a bheith neamhspleách agus féinrialaitheach ó thaobh oibríochta de agus ba cheart dó a fheidhmeanna a chur i gcrích saor ó thionchar polaitiúil, rialtais nó tionscail.***

*Leasú*

(70) Mar thoradh ar an tábhacht a bhaineann le sciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, ba cheart go leagfadh na Ballstáit síos smachtbhannaí agus bearta riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha sa dlí náisiúnta as mainneachtain cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a urramú. Ba cheart do na Ballstáit cumhacht a thabhairt do mhaoirseoirí náisiúnta bearta den sórt sin a fhorchur ar eintitis faoi oibleagáid chun an cás a leigheas i gcás

sáruithe agus, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis an sárú, smachtbhannaí airgid a eisiúint. Ba cheart go mbeadh raon na smachtbhannaí agus na mbeart leathan go leor chun lamháil do na Ballstáit agus do na húdaráis inniúla na difríochtaí idir na heintitis faoi oibleagáid, go háirithe idir institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais agus eintitis eile faoi oibleagáid, maidir lena méid, a dtréithe agus cineál a ngnó a chur i gcuntas.

**Leasú 66**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 71**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(71) Tá réimse éagsúil smachtbhannaí agus beart riaracháin ag na Ballstáit faoi láthair le haghaidh sáruithe ar na príomhfhórlacha coisctheacha atá i bhfeidhm agus cur chuige neamhréireach i leith sáruithe ar cheanglais i gcoinne sciúradh airgid a imscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, ná níl tuiscint choiteann ann i measc maoirseoirí maidir le cad is sárú “tromchúiseach” ann agus, ar an gcaoi sin, déantar idirdhealú ann maidir le cathain ba cheart smachtbhanna riaracháin a fhorchur. D’fhéadfadh an éagsúlacht sin dochar a dhéanamh do na hiarrachtaí arna ndéanamh i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus tá an baol ann go mbeidh freagairt an Aontais ilroinnte. Dá bhrí sin, ba cheart critéir choiteanna a leagan síos chun an fhreagairt mhairseachta is iomchuí ar sáruithe a chinneadh agus ba cheart réimse beart riaracháin a sholáthar a d’fhéadfadh na maoirseoirí a fhorchur nuair nach bhfuil na sáruithe tromchúiseach go leor chun pionós riaracháin a ghearradh orthu. Chun dreasacht a thabhairt d’eintitis faoi oibleagáid fórlacha Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a

sáruithe agus, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis an sárú, smachtbhannaí airgid a eisiúint. Ba cheart go mbeadh raon na smachtbhannaí agus na mbeart leathan go leor chun lamháil do na Ballstáit agus do na húdaráis inniúla na difríochtaí idir na heintitis faoi oibleagáid, go háirithe idir institiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais agus eintitis eile faoi oibleagáid, maidir lena méid, a dtréithe agus cineál a ngnó a chur i gcuntas.

*Leasú*

(71) Tá réimse éagsúil smachtbhannaí agus beart riaracháin ag na Ballstáit faoi láthair le haghaidh sáruithe ar na príomhfhórlacha coisctheacha atá i bhfeidhm agus cur chuige neamhréireach i leith sáruithe ar cheanglais i gcoinne sciúradh airgid a imscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, ná níl tuiscint choiteann ann i measc maoirseoirí maidir le cad is sárú “tromchúiseach” ann agus, ar an gcaoi sin, déantar idirdhealú ann maidir le cathain ba cheart smachtbhanna riaracháin a fhorchur. D’fhéadfadh an éagsúlacht sin dochar a dhéanamh do na hiarrachtaí arna ndéanamh i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus tá an baol ann go mbeidh freagairt an Aontais ilroinnte. Dá bhrí sin, ba cheart critéir choiteanna a leagan síos chun an fhreagairt mhairseachta is iomchuí ar sáruithe a chinneadh agus ba cheart réimse beart riaracháin a sholáthar a d’fhéadfadh na maoirseoirí a fhorchur nuair nach bhfuil na sáruithe tromchúiseach go leor chun pionós riaracháin a ghearradh orthu. Chun dreasacht a thabhairt d’eintitis faoi oibleagáid fórlacha Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a

chomhlíonadh, is gá cineál athchomhairleach smachtbhannaí riaracháin a neartú. Dá réir sin, ba cheart íosmhéid an phionóis uasta is féidir a fhorchur i gcás sáruihte tromchúiseacha ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a ardú. Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanann forchur smachtbhannaí agus beart riaracháin, agus forchur smachtbhannaí coiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, prionsabal ne bis in idem a shárú.

chomhlíonadh, is gá cineál athchomhairleach smachtbhannaí riaracháin a neartú. Dá réir sin, ba cheart íosmhéid an phionóis uasta is féidir a fhorchur i gcás sáruihte tromchúiseacha ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] a ardú ***ar bhealach comhréireach agus leormhaith. I ndáil leis sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun táscairí a shainiú chun leibhéal tromchúise na sáruihte agus na gcrítéar atá le cur san áireamh a aicmiú agus leibhéal na smachtbhannaí á shocrú, lena n-áirítear íosluachanna agus uasluachanna na smachtbhannaí airgid i gcomhréir le leibhéal tromchúise, agus chun aghaidh a thabhairt go hionchuí ar chásanna de sháruihte a dhéantar arís agus arís eile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas mar gheall ar sháruihte arna ndéanamh chun a leasa ag aon duine nádúrtha, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh sin agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach, nó i gcás inar féidir sáruihte a dhéanamh de bharr easpa maoirseachta nó rialaithe.*** Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanann forchur smachtbhannaí agus beart riaracháin, agus forchur smachtbhannaí coiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, prionsabal ne bis in idem a shárú.

**Leasú 67**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 73**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(73) D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeacht láidir athchomhairleach ag foilsíú smachtbhanna nó beart riaracháin i leith

*Leasú*

(73) D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeacht láidir athchomhairleach ag foilsíú smachtbhanna nó beart riaracháin i leith

sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] i gcoinne athdhéanamh an tsáraithe sin. Cuireann sé eintitis eile ar an eolas freisin faoi rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an eintiteas a bhfuil pionós gearrtha air sula dtéann sé isteach i gcaidreamh gnó agus tugann sé cúnadh do mhaoirseoirí i mBallstáit eile maidir leis na rioscaí a bhaineann le heintiteas faoi oibleagáid agus é ag oibriú ina mBallstát ar bhonn trasteorann. Ar na cúiseanna sin, an ceanglas maidir le cinntí a fhoilsiú maidir le smachtbhannaí nach bhfuil **aon achomharc ina gcoinne**, ba cheart é a dheimhniú. Mar sin féin, ba cheart aon fhoilsiú den sórt sin a bheith comhréireach agus, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart smachtbhanna nó beart riaracháin a fhoilsiú, ba cheart do mhaoirseoirí tromchúis an tsáraithe agus an éifeacht athchomhairleach is dócha a bhainfidh an foilsiú amach a chur san áireamh.

## Leasú 68 Togra le haghaidh treorach Aithris 74

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(74) Bhí roinnt cásanna ann ina raibh fostaithe a thuiriscigh a n-amhras faoi sciúradh airgid ina n-ábhair do bhagairtí agus do ghníomhaíocht naimhdeach. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin chun éifeachtacht chóras AML/CFT a áirithiú. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit ar an eolas faoin bhfadhb sin agus ba cheart go ndéanfadh siad **cibé rud is féidir leo chun** daoine aonair, **lena n-áirítear fostaithe** agus ionadaithe an eintitis faoi oibleagáid, a chosaint ó bhagairtí nó gníomhaíocht naimhdeach den sórt sin, agus cosaint chuí a thabhairt do dhaoine mar sin, i gcomhréir leis an dlí

sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid] i gcoinne athdhéanamh an tsáraithe sin. Cuireann sé eintitis eile ar an eolas freisin faoi rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an eintiteas a bhfuil pionós gearrtha air sula dtéann sé isteach i gcaidreamh gnó agus tugann sé cúnadh do mhaoirseoirí i mBallstáit eile maidir leis na rioscaí a bhaineann le heintiteas faoi oibleagáid agus é ag oibriú ina mBallstát ar bhonn trasteorann. Ar na cúiseanna sin, an ceanglas maidir le cinntí a fhoilsiú maidir le smachtbhannaí **i gcás** nach bhfuil **siad faoi réir athbhreithniú inmheánach a thuilleadh**, ba cheart é a dheimhniú. Mar sin féin, ba cheart aon fhoilsiú den sórt sin a bheith comhréireach agus, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart smachtbhanna nó beart riaracháin a fhoilsiú, ba cheart do mhaoirseoirí tromchúis an tsáraithe agus an éifeacht athchomhairleach is dócha a bhainfidh an foilsiú amach a chur san áireamh.

*Leasú*

(74) Bhí roinnt cásanna ann ina raibh fostaithe a thuiriscigh a n-amhras faoi sciúradh airgid **nó sárúithe ar cheanglais AML/CFT** ina n-ábhair do bhagairtí agus do ghníomhaíocht naimhdeach. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin chun éifeachtacht chóras AML/CFT a áirithiú. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit ar an eolas faoin bhfadhb sin agus ba cheart go ndéanfadh siad daoine aonair, **amhail oifigigh cosanta sonraí** agus **oifigigh comhlíontachta AML**, agus ionadaithe **eile** an eintitis faoi oibleagáid, a chosaint ó bhagairtí nó gníomhaíocht naimhdeach den sórt sin, agus cosaint chuí



náisiúnta, go háirithe maidir lena gceart chun a sonraí pearsanta a chosaint agus a gcearta chun cosaint agus ionadaíocht bhreithiúnach éifeachtach a bheith acu.

a thabhairt do dhaoine mar sin, i gcomhréir **le dlí an Aontais agus** leis an dlí náisiúnta, go háirithe **Treoir (AE) 2019/1937, go háirithe** maidir lena gceart chun a sonraí pearsanta a chosaint agus a gcearta chun cosaint agus ionadaíocht bhreithiúnach éifeachtach a bheith acu. **Ba cheart do na Ballstáit an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm maidir le fostaithe na n-údarás inniúil, go háirithe foireann ó údarás mhaoirseachta nó ó chomhlachtaí féinrialála a thuiriscíonn sáruithe féideartha nó iarbhír ar cheanglais AML/CFT.**

## **Leasú 69** **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 75**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(75) An beartas nua i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá lán-chomhtháite agus comhleanúnach ar leibhéal an Aontais, ina mbeidh ról ainmnithe d'údarás inniúla an Aontais agus na n-údarás inniúil náisiúnta araon agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh comhar rianúil agus leanúnach eatarthu. Dá bhrí sin, tá comhar idir údarás AML/CFT uile an Aontais rithabhachtach agus ba cheart é a shoiléiriú agus a fheabhsú. Go himmheánach, is é dualgas na mBallstát fós foráil a dhéanamh maidir leis na rialacha is gá chun a áirithiú go mbeidh sásraí éifeachtacha ag lucht déanta beartas, ag na AFAnna, ag maoirseoirí, lena n-áirítear ÚFA, agus ag údarás inniúla eile a bhfuil baint acu le AML/CFT, chomh maith le húdarás chánach agus údarás forfheidhmithe dlí agus iad ag gníomhú laistigh de raon feidhme na Treorach seo, chun cur ar a gcumas oibriú i gcomhar le chéile agus comhordú a dhéanamh, lena n-áirítear trí chur chuige sriantach i leith diúltú ó na húdarás inniúla oibriú i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú

*Leasú*

(75) An beartas nua i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá lán-chomhtháite agus comhleanúnach ar leibhéal an Aontais, ina mbeidh ról ainmnithe d'údarás inniúla an Aontais agus na n-údarás inniúil náisiúnta araon agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh comhar rianúil agus leanúnach eatarthu. Dá bhrí sin, tá comhar idir údarás AML/CFT uile an Aontais rithabhachtach agus ba cheart é a shoiléiriú agus a fheabhsú **chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus chun cosc a chur le neamhchur chun feidhme agus le himghabháil smachtbhannaí spriocdhírthe airgeadais.** Go himmheánach, is é dualgas na mBallstát fós foráil a dhéanamh maidir leis na rialacha is gá chun a áirithiú go mbeidh sásraí éifeachtacha ag lucht déanta beartas, ag na AFAnna, ag maoirseoirí, lena n-áirítear ÚFA, agus ag údarás inniúla eile a bhfuil baint acu le AML/CFT, chomh maith le húdarás chánach agus údarás forfheidhmithe dlí agus iad ag gníomhú laistigh de raon feidhme na Treorach seo, chun cur ar a gcumas oibriú i gcomhar le



arna iarraidh sin d'údarás inniúil eile.

chéile agus comhordú a dhéanamh, lena n-áirítear ***i gcomhair le comhlachtaí eile de chuid an Aontais*** trí chur chuige sriantach i leith diúltú ó na húdaráis inniúla oibriú i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin d'údarás inniúil eile.

**Leasú 70**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 76**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(76) Chun comhar éifeachtach, agus go háirithe malartú faisnéise, a éascú agus a chur chun cinn, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liosta dá n-údarás inniúla agus sonraí teagmhála ábhartha a chur in iúl don Choimisiún agus do ÚFA.

**Leasú 71**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 78 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(76) Chun comhar éifeachtach, agus go háirithe malartú faisnéise, a éascú agus a chur chun cinn, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liosta dá n-údarás ***agus cláir*** inniúla agus sonraí teagmhála ábhartha a chur in iúl don Choimisiún agus do ÚFA. ***Ba cheart a chur san áireamh sa liosta sin an saineolas atá ann cheana agus na líonraí atá ar fáil, amhail an saineolas a fuair údaráis inniúla na mBallstát agus tríú tíortha trína gcomhar le Europol sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.***

*Leasú*

***(78a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais atá suite ar a gcíoch do dhaoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas, lena n-áirítear daoine nádúrtha nach bhfuil aon seoladh seasta acu, iarrthóirí tearmainn agus daoine nádúrtha nár deonaíodh cead cónaithe dóibh ach nach bhfuil a ndíbirt dodhéanta ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha, an ceart cuntas íocaíochta a oscailt agus a úsáid ag a bhfuil gnéithe***

*bunúsacha. Ba cheart feidhm a bheith ag ceart den sórt sin gan beann ar áit chónaithe an duine nádúrtha. Ní dhíolmhaíonn ceart den sórt sin, ar bhealach ar bith, eintitis faoi oibleagáid óna n-oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoi Rialachán [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)], go háirithe an oibleagáid atá orthu a áirithiú go ndéantar seiceálacha cuí díchill chuí ar na daoine i dtrácht.*

**Leasú 72**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 79**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(79) Is gá an comhar idir maoirseoirí airgeadais agus na húdaráis atá freagrach as bainistiú géarchéime a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, mar shampla i gcás údaráis ainmnithe Scéim Ráthaithe Taiscí agus údaráis réitigh go háirithe, chun na cuspóirí chun sciúradh airgid a chosc faoin Treoir seo a réiteach agus chun cobhsaíocht airgeadais agus taisceoirí a chosaint faoi Threoir 2014/49/AE agus Treoir 2014/59/AE. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht díchill chuí custaiméara i gcás inar cinneadh go bhfuil ag cliseadh ar an institiúid creidmheasa nó gur dócha go gclisfidh uirthi nó i gcás ina sainítear nach bhfuil na taiscí ar fáil, agus i gcás ina ndéantar tuairisciú ar aon idirbhearta amhrasacha don AFA. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais na húdaráis atá freagrach as bainistiú géarchéime a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta a chur ar an eolas faoi aon toradh ábhartha a d'eascair as dícheall cuí custaiméara a rinneadh agus faoi aon chuntas atá curtha ar fionraí ag an AFA.

*Leasú*

(79) Is gá an comhar idir maoirseoirí airgeadais agus na húdaráis atá freagrach as bainistiú géarchéime a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, mar shampla i gcás údaráis ainmnithe Scéim Ráthaithe Taiscí agus údaráis réitigh go háirithe, chun na cuspóirí chun sciúradh airgid a chosc faoin Treoir seo a réiteach agus chun cobhsaíocht airgeadais agus taisceoirí a chosaint faoi Threoir 2014/49/AE agus Treoir 2014/59/AE. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht **agus ar cháilíocht na bpróiseas** díchill chuí custaiméara i gcás inar cinneadh go bhfuil ag cliseadh ar an institiúid creidmheasa nó gur dócha go gclisfidh uirthi nó i gcás ina sainítear nach bhfuil na taiscí ar fáil, agus i gcás ina ndéantar tuairisciú ar aon idirbhearta amhrasacha don AFA. Ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais na húdaráis atá freagrach as bainistiú géarchéime a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta a chur ar an eolas faoi aon toradh ábhartha a d'eascair as dícheall cuí custaiméara a rinneadh agus faoi aon

chuntas atá curtha ar fionraí ag an AFA.

**Leasú 73**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 83**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(83) Ba cheart do mhaoirseoirí a bheith in ann dul i gcomhar le chéile agus faisnéis rúnda a mhalartú, gan beann ar a gcineál nó ar a stádas faoi seach. Chuige sin, ba cheart bunús dlí leordhóthanach a bheith acu chun faisnéis rúnda a mhalartú agus chun oibriú i gcomhar le chéile. Maidir le malartú faisnéise agus comhar le húdaráis eile atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid nó maoirseacht a dhéanamh orthu faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, níor cheart go gcuirfeadh éiginnteacht dhlíthiúil isteach air sin, rud a d'fhéadfadh eascairt as easpa forálacha sainráite sa réimse sin. Is tábhachtaí fós an soiléiriú ar an gcreat dlíthiúil ós rud é go bhfuil maoirseacht stuamachta, i líon áirithe cásanna, curtha de chúram ar mhaoirseoirí neamh-AML/CFT, mar shampla an Banc Ceannais Eorpach (BCE).

**Leasú 74**  
**Togra le haghaidh treorach**  
**Aithris 83 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(83) Ba cheart do mhaoirseoirí a bheith in ann dul i gcomhar le chéile agus faisnéis rúnda a mhalartú, gan beann ar a gcineál nó ar a stádas faoi seach. Chuige sin, ba cheart bunús dlí leordhóthanach a bheith acu chun faisnéis rúnda a mhalartú agus chun oibriú i gcomhar le chéile. Maidir le malartú faisnéise agus comhar le húdaráis eile atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid nó maoirseacht a dhéanamh orthu faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, níor cheart go gcuirfeadh éiginnteacht dhlíthiúil isteach air sin, rud a d'fhéadfadh eascairt as easpa forálacha sainráite sa réimse sin. Is tábhachtaí fós an soiléiriú ar an gcreat dlíthiúil ós rud é go bhfuil maoirseacht stuamachta, i líon áirithe cásanna, curtha de chúram ar mhaoirseoirí neamh-AML/CFT, mar shampla an Banc Ceannais Eorpach (BCE). ***Agus smachtbhannaí riaracháin agus bearta maoirseachta á bhforchur acu ar eintitis faoi oibleagáid, nó cúraimí eile á ndéanamh lena n-éilítear comhordú idir maoirseoirí agus údaráis neamh-AML/CFT, ba cheart do na húdaráis lena mbaineann na difríochtaí idir a sainorduithe maoirseachta faoi seach a chur san áireamh agus comhoibriú dá réir sin.***

*Leasú*

***(83a) Is cumasóir tábhachtach é faisnéis***

*a mhalartú idir maoirseoirí agus údaráis eile chun éifeachtacht chreat AML/CFT an Aontais a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit údarú a thabhairt faisnéis a mhalartú idir maoirseoirí agus údaráis ábhartha eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus an OLAF maidir le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhaineann lena sainorduithe dlíthiúla faoi seach. Níor cheart faisnéis rúnda a mhalartaítear a úsáid ach amháin i gcomhlíonadh dhualgais na n-údarás lena mbaineann, agus i gcomhthéacs imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a bhaineann go sonrach le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.*

**Leasú 75**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Aithris 84**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(84) Tá éifeachtacht chreat AML/CFT an Aontais ag brath ar an gcomhar idir réimse leathan údarás inniúil. Chun comhar den sórt sin a éascú, ba cheart é a chur de chúram ar ÚFA treoirlínte a fhorbairt i gcomhar le BCE, leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, le Europol, le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le comhar idir na húdaráis inniúla go léir. Ba cheart tuairisc a thabhairt i dtreoirlínte den sórt sin freisin ar an gcaoi ar cheart do na húdaráis atá inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid nó ar mhaoirseacht a dhéanamh orthu faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, ábhair inní maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chur san áireamh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

*Leasú*

(84) Tá éifeachtacht chreat AML/CFT an Aontais ag brath ar an gcomhar idir réimse leathan údarás inniúil. Chun comhar den sórt sin a éascú, ba cheart é a chur de chúram ar ÚFA treoirlínte a fhorbairt i gcomhar le BCE, leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, le Europol, le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le comhar idir na húdaráis inniúla go léir **ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais**. Ba cheart tuairisc a thabhairt i dtreoirlínte den sórt sin freisin ar an gcaoi ar cheart do na húdaráis atá inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar eintitis faoi oibleagáid nó ar mhaoirseacht a dhéanamh orthu faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais, ábhair inní maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chur san áireamh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

**Leasú 76**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Aithris 86**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(86) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar ailíniú na Treorach seo le Moltaí FATF athbhreithnithe i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais, agus go háirithe a mhéid a bhaineann le dlí an Aontais i leith cosaint sonraí lena n-áirítear rialacha maidir le sonraí a aistriú, chomh maith le cosaint na gceart bunúsach mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an ‘Chairt’). Baineann gnéithe áirithe de chur chun feidhme na Treorach seo le bailiú, anailísiú, stóráil agus roinnt sonraí laistigh den Aontas agus le tríú tíortha. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin a cheadú, **agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán**, ach amháin chun na gcríoch a leagtar síos sa Treoir seo, agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin Treoir seo, mar shampla malartú faisnéise i measc na n-údarás inniúil.

**Leasú 77**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Aithris 90**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(90) Chun cineálacha cur chuige comhsheasmhacha a áirithiú i measc AFAnna agus maoirseoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an

*Leasú*

(86) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar ailíniú na Treorach seo le Moltaí FATF athbhreithnithe i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais, agus go háirithe a mhéid a bhaineann le dlí an Aontais i leith cosaint sonraí lena n-áirítear rialacha maidir le sonraí a aistriú, chomh maith le cosaint na gceart bunúsach mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an ‘Chairt’). Baineann gnéithe áirithe de chur chun feidhme na Treorach seo le bailiú, anailísiú, stóráil agus roinnt sonraí laistigh den Aontas agus **b’fhéidir** le tríú tíortha. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin a cheadú ach amháin chun na gcríoch a leagtar síos sa Treoir seo, agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin Treoir seo, mar shampla malartú faisnéise i measc na n-údarás inniúil, **agus ba cheart go dtabharfaidh sí lánurraim do na hoibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí i ndáil le haistrithe sonraí ar aghaidh, lena n-áirítear chuig tríú tíortha.**

*Leasú*

(90) Chun cineálacha cur chuige comhsheasmhacha a áirithiú i measc AFAnna agus maoirseoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an

Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh lena leagtar amach na critéir a mhéid a bhaineann le ceapadh agus feidhmeanna phointe teagmhála lárnach soláthraithe seirbhísí áirithe, lena leagtar amach tagarmharcanna agus modheolaíocht chun measúnú agus aicmiú a dhéanamh ar phróifíl riosca dúchasach agus iarmharach na n-eintiteas faoi oibleagáid agus ar mhnicíocht na n-athbhreithnithe ar phróifíl riosca, lena leagtar síos mionsonraithe agus dualgais na maoirseoirí baile agus na maoirseoirí óstacha, agus modheolaíochtaí an chomhair eatarthu, lena sonraítear na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseachta *AML* sin, lena sainítear táscairí chun leibhéal thromchúis sháruithe na Treorach seo agus na critéir atá le cur san áireamh, nuair a leagtar síos leibhéal na smachtbhannaí nó nuair a dhéantar bearta riaracháin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh lena leagtar amach na critéir a mhéid a bhaineann le ceapadh agus feidhmeanna phointe teagmhála lárnach soláthraithe seirbhísí áirithe, lena leagtar amach ***táscairí chun aicmiú a dhéanamh ar leibhéal tromchúise na sáruithe agus an critéar maidir le mainneachtain arís agus arís eile chun faisnéis atá cothrom le dáta, cruinn agus leordhóthanach a sholáthar do chláir maidir le húinéireacht thairbhiúil, lena leagtar amach*** tagarmharcanna agus modheolaíocht chun measúnú agus aicmiú a dhéanamh ar phróifíl riosca dúchasach agus iarmharach na n-eintiteas faoi oibleagáid agus ar mhnicíocht na n-athbhreithnithe ar phróifíl riosca, lena leagtar síos mionsonraithe agus dualgais na maoirseoirí baile agus na maoirseoirí óstacha, agus modheolaíochtaí an chomhair eatarthu, lena sonraítear na coinníollacha ginearálta maidir le feidhmiú na gcoláistí maoirseachta *FIU* sin, lena ***sonrófar na coinníollacha ginearálta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí eintiteas faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa nó airgeadais, lena*** sainítear táscairí chun leibhéal thromchúis sháruithe na Treorach seo agus na critéir atá le cur san áireamh, nuair a leagtar síos leibhéal na smachtbhannaí nó nuair a dhéantar bearta riaracháin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid

saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí  
saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag  
déileáil le hullmhú na ngníomhartha  
tarmligthe.

**Leasú 78**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Aithris 91**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(91) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a leagan síos chun staidreamh a bhailiú, an fhormaid a bhunú le haghaidh faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a chur isteach, na coinníollacha teicniúla maidir le hidirnascadh clár úinéireachta tairbhiúla agus clár cuntas bainc agus sásraí aisghabhála sonraí a shainiú **mar aon** le caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú an fhormaid a úsáidfead le haghaidh mhalartú na faisnéise i measc AFAnna sna Ballstáit. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>39</sup>.

*Leasú*

(91) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a leagan síos chun staidreamh a bhailiú, an fhormaid a bhunú le haghaidh faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a chur isteach, na coinníollacha teicniúla maidir le hidirnascadh clár úinéireachta tairbhiúla agus clár cuntas bainc agus sásraí aisghabhála sonraí a shainiú, **na coinníollacha teicniúla a shainiú maidir le sásraí na mBallstát a nascadh leis an bpointe rochtana aonair ar thalamh agus maidir le réadmhaoin, chun na critéir agus an fhormaid a bheidh le húsáid ag AFAanna a shonrú chun faisnéis a chomhroinnt maidir le hidirbhearta atá curtha ar fionraí nó atá toirmisce nó cuntais atá curtha ar fionraí**, caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú an fhormaid a úsáidfead le haghaidh mhalartú na faisnéise i measc AFAnna sna Ballstáit **agus na tosca ábhartha a bheidh le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaineann tuarascáil ar idirbheart amhrasach le Ballstát eile, agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrú teimpléad coiteann do na comhaontuithe comhair idir maoirseoirí airgeadais agus a gcontrapháirtithe i dtríú tíortha**. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón



---

*<sup>39</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).*

**Leasú 79**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Aithris 92**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(92) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail atá aitheanta leis an gCairt, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus teaghlaigh a urramú (Airteagal 7 den Chairt), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt) agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt).

**Leasú 80**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) bearta is infheidhme maidir le hearnálacha atá neamhchosanta ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta ar an leibhéal náisiúnta;

*Leasú*

(92) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail atá aitheanta leis an gCairt, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus teaghlaigh a urramú (Airteagal 7 den Chairt), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt) agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16 den Chairt). *Ní dhéanann sé aon mhodhnú ar an oibleagáid na cearta bunúsacha agus na prionsabail dlí a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE a urramú.*

*Leasú*

(a) bearta is infheidhme maidir le hearnálacha atá neamhchosanta ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta ar *leibhéal an Aontais agus ar an* leibhéal náisiúnta;

**Leasú 81**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ***bunú úinéireacht*** thairbhiúil ***agus rochtain uirthi***, cuntais ***bainc agus*** cláir réadmhaoine;

**Leasú 82**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Ciallaíonn ‘eintiteas a oibríonn ar bhonn trasteorann’ eintiteas faoi oibleagáid a bhfuil bunaíocht amháin ar a laghad aige i mBallstát eile nó i dtríú tír;

**Leasú 83**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 2 – mír 2 – pointe 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 84**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. I gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca náisiúnta a dhéanfaidh na Ballstáit de bhun Airteagal 8, go bhfuil

*Leasú*

(c) ***rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht*** thairbhiúil, cuntais ***bhainc, talamh nó*** cláir réadmhaoine ***agus earraí ábhartha***

*Leasú*

(7) ciallaíonn ‘eintiteas a oibríonn ar bhonn trasteorann’ eintiteas faoi oibleagáid a bhfuil bunaíocht amháin ar a laghad aige i mBallstát eile nó i dtríú tír, ***nó a oibríonn faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar***

*Leasú*

***(8a) ciallaíonn ‘cion preideacáide’ gníomhaíocht choiriúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)];***

*Leasú*

1. I gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca náisiúnta a dhéanfaidh na Ballstáit de bhun Airteagal 8, ***san fhaisnéis***

eintitis in earnálacha eile neamhchosanta ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, de bhreis ar eintitis faoi oibleagáid, féadfaidh siad **a chinneadh** ceanglais Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final] a chur i bhfeidhm maidir leis na heintitis bhreise sin.

**a fhaightear ó AFAnna i mBallstáit eile nó faisnéis ó ÚFA**, go bhfuil eintitis in earnálacha eile neamhchosanta ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, de bhreis ar eintitis faoi oibleagáid, féadfaidh siad ceanglais Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] a chur i bhfeidhm maidir leis na heintitis bhreise sin

**Leasú 85**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) téacs na mbeart náisiúnta a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát a ghlacadh.

*Leasú*

(c) téacs na mbeart náisiúnta a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát a **mholadh nó a** ghlacadh.

**Leasú 86**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 4 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ceanglais a bhaineann le **soláthraithe seirbhíse** áirithe

*Leasú*

Ceanglais a bhaineann le **heintitis** áirithe **faoi oibleagáid**

**Leasú 87**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na nósanna imeachta maidir le malartú airgeadra, oifigí briste seiceanna agus iontaobhais nó soláthraithe seirbhíse cuideachta a cheadúnú de cheangal ar iarratasóirí tuiscint mhaith a léiriú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ina n-earnáil gníomhaíochta. Áiritheoidh siad**

*freisin go mbeidh rochtain ag iarratasóirí ar oiliúint i gcoinne sciúradh airgid agus i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta arna soláthar i gcomhréir le hardchaighdeán aonfhoirmeacha ag údaráis mhaoirseachta, soláthraithe seirbhíse deimhniú nó eintitis faoi oibleagáid a bhfuil an t-eolas agus an saineolas is gá acu chun oiliúint den sórt sin a sholáthar.*

**Leasú 88**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta ann faoin dlí náisiúnta chun dul isteach i ngairmeacha rialáilte ar eintitis faoi oibleagáid iad dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239(COD)] agus lena mbeidh sé de cheangal ar iarratasóirí tuiscint mhaith a léiriú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ina n-earnáil gníomhaíochta.*

**Leasú 89**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 4 – mír 2 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2c. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gníomhairí eastáit dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239(COD)] clair oiliúna do ghairmithe a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm. Féadfaidh comhlachais ghairmiúla a dhéanann ionadaíocht ar*

*ghníomhairí eastáit agus ar an earnáil réadmhaoine cláir oiliúna den sórt sin a éascú nó a chur ar fáil.*

**Leasú 90**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 5 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar eisitheoirí airgid leictreonacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) de Threoir 2009/110/CE<sup>44</sup>, ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(11) de Threoir (AE) 2015/2366 agus ar sholáthraithe seirbhísí criptea-sócmhainní a oibríonn trí **ghníomhairí** atá lonnaithe sa Bhallstát óstach agus a oibríonn faoi cheart bunaíochta nó faoi shaoirse seirbhísí a sholáthar, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh ina gcríoch. Áiritheoidh an pointe teagmhála lárnach sin, thar ceann an eintitis atá ag feidhmiú ar bhonn trasteorann, go gcomhlíonfar rialacha AML/CFT agus éascóidh sé maoirseacht ag maoirseoirí, lena n-áirítear trí dhoiciméid agus faisnéis a sholáthar do mhaoirseoirí arna iarraidh sin dóibh.

---

<sup>44</sup> Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin agus, agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

*Leasú*

1. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar eisitheoirí airgid leictreonacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) de Threoir 2009/110/CE<sup>44</sup>, ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(11) de Threoir (AE) 2015/2366 agus ar sholáthraithe seirbhísí criptea-sócmhainní a oibríonn trí **ghníomhaire, dáileoir nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a ghníomhaíonn thar a gceann** atá lonnaithe sa Bhallstát óstach agus a oibríonn faoi cheart bunaíochta nó faoi shaoirse seirbhísí a sholáthar, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh ina gcríoch. Áiritheoidh an pointe teagmhála lárnach sin, thar ceann an eintitis atá ag feidhmiú ar bhonn trasteorann, go gcomhlíonfar rialacha AML/CFT agus éascóidh sé maoirseacht ag maoirseoirí, lena n-áirítear trí dhoiciméid agus faisnéis a sholáthar do mhaoirseoirí arna iarraidh sin dóibh.

---

<sup>44</sup> Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí airgid leictreonaigh, leanúint den ghnó sin agus, agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

**Leasú 91**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhaoirseoirí a fhíorú go ngníomhóidh comhaltaí na bainistíochta sinsearaí sna heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 4 agus úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas sin **ar bhonn** macánta **ionraic**. **Ba cheart go mbeadh an t-eolas agus an saineolas is gá** ag bainistíocht shinsearach na n-eintiteas sin chun a feidhmeanna a chur i gcrích.

**Leasú 92**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Go háirithe, fíoróidh siad an ngníomhaíonn **an bhainistíocht shinsearach** le macántacht agus le hionracas agus an bhfuil an t-eolas agus an saineolas aici is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh i gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh, nó go ndearnadh iarracht ann, nó go bhfuil riosca méadaithe ina leith in eintiteas faoi

*Leasú*

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar mhaoirseoirí a fhíorú go ngníomhóidh comhaltaí na bainistíochta sinsearaí sna heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 4 agus **sna heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a), (b), (d), (e) agus (h) go (l) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239(COD)], agus gníomhaíonn** úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas sin **go** macánta **agus go hionraic**. **Beidh dea-cháil** ag bainistíocht shinsearach na n-eintiteas sin **agus beidh an t-eolas cruthaithe agus an saineolas is gá a bheith acu** chun a feidhmeanna a chur i gcrích. **I gcás nach bhfuil ról bainistíochta ann in eintiteas faoi oibleagáid, tá feidhm ag na ceanglais sin maidir leis an duine dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 9(6) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)].**

*Leasú*

3. **Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíoróidh maoirseoirí go tráthrialta agus ar bhonn riosca-íogair cibé an leantar de cheanglais mhír 1 agus mhír 2 a chomhlíonadh.** Go háirithe, fíoróidh siad an **bhfuil dea-cháil ag an mbainistíocht shinsearach, an** ngníomhaíonn **siad** le macántacht agus le hionracas agus an bhfuil an t-eolas agus an saineolas aici is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh i gcásanna ina bhfuil forais réasúnacha ann

oibleagáid.

le bheith in amhras go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh, nó go ndearnadh iarracht ann, nó go bhfuil riosca méadaithe ina leith in eintiteas faoi oibleagáid.

#### Leasú 93

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Beidh** sé de chumhacht ag maoirseoirí a iarraidh go mbainfear aon duine a chiontófar i sciúradh airgid, in aon cheann dá chionta preideacáide nó i maoiniú sceimhlitheoireachta ó ról bainistíochta na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Beidh sé de chumhacht ag maoirseoirí comhaltaí den **bhainistíocht sinsearach** nach **meastar a bheith** ag gníomhú le macántacht agus **le hionracas a chur as oifig agus** an t-eolas agus an saineolas is gá **a bheith** acu chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích.

*Leasú*

4. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh** sé de chumhacht ag maoirseoirí a iarraidh go mbainfear aon duine a chiontófar i sciúradh airgid, in aon cheann dá chionta preideacáide nó i maoiniú sceimhlitheoireachta ó ról bainistíochta na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Beidh sé de chumhacht ag maoirseoirí comhaltaí den **lucht bainistíochta sinsearaí a bhaint nó a chur ar fionraí i gcás ina measfar nach bhfuil dea-cháil orthu, nach bhfuil siad** ag gníomhú le macántacht agus **ionracas nó nach bhfuil** an t-eolas **cruthaithe** agus an saineolas is gá acu chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích. **I gcásanna nach bhfuil aon ról bainistíochta ag eintiteas faoi oibleagáid, beidh sé de chumhacht ag maoirseoirí bearta leordhóthanacha a ghlacadh i gcás ina meastar nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh.**

#### Leasú 94

##### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4a. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh** sé de chumhacht ag maoirseoirí a iarraidh go gcuirfear aon duine ar fionraí ó ról bainistíochta eintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 nó, i



*gcás nach ann d'aon ról bainistíochta in eintiteas faoi oibleagáid, bearta leordhóthanacha a dhéanamh, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil nó go raibh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh nó go bhfuil iarracht á déanamh, nó go bhféadfadh méadú teacht ar an riosca a bhaineann leis i dtaca leis an eintiteas sin faoi oibleagáid.*

**Leasú 95**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. An duine a chiontaítear i sciúradh airgid, in aon cheann dá chionta preideacáide nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, i gcás inarb é an t-úinéir tairbhiúil eintitis faoi oibleagáid é dá dtagraítear i **mír**, áiritheoidh na Ballstáit gur **féidir** an duine sin a dhíscaoileadh ó aon eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear tríd an gcumhacht a dheonú do mhaoirseoirí a iarraidh go ndéanfaidh an t-úinéir tairbhiúil an sealúchas a dhífheistiú in eintiteas faoi oibleagáid.

**Leasú 96**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Chun críocha an Airteagail seo, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, maoirseoirí nó aon údarás eile atá inniúil ar an leibhéal náisiúnta chun oiriúnacht na ndaoine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a mheasúnú, seiceálfaidh siad an ann do chiontú ábhartha i dtairfead coiriúil an duine lena mbaineann. Déanfar aon mhalartú faisnéise chun na críocha sin a chur i gcrích i

*Leasú*

5. An duine a chiontaítear i sciúradh airgid, in aon cheann dá chionta preideacáide nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, i gcás inarb é an t-úinéir tairbhiúil eintitis faoi oibleagáid é dá dtagraítear i **mír 2**, áiritheoidh na Ballstáit gur **ndéantar** an duine sin a dhíscaoileadh ó aon eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear tríd an gcumhacht a dheonú do mhaoirseoirí a iarraidh go ndéanfaidh an t-úinéir tairbhiúil an sealúchas a dhífheistiú in eintiteas faoi oibleagáid

*Leasú*

6. Chun críocha an Airteagail seo, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, maoirseoirí nó aon údarás eile atá inniúil ar an leibhéal náisiúnta chun oiriúnacht na ndaoine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a mheasúnú, seiceálfaidh siad, **ar a laghad**, an ann do chiontú ábhartha i dtairfead coiriúil an duine lena mbaineann. Déanfar aon mhalartú faisnéise chun na críocha sin a

gcomhréir le Cinneadh Réime  
2009/315/CGB agus le  
Cinneadh 2009/316/CGB faoi mar a  
chuirtear chun feidhme iad sa dlí náisiúnta.

chur i gcrích i gcomhréir le Cinneadh  
Réime 2009/315/CGB agus le  
Cinneadh 2009/316/CGB faoi mar a  
chuirtear chun feidhme iad sa dlí náisiúnta.

**Leasú 97**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6a. *Airitheoidh na Ballstáit go mbeidh na cinntí a dhéanfaidh maoirseoirí de bhun an Airteagail seo faoi réir achomhairc riaracháin agus faoi réir leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh.***

**Leasú 98**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 6 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6b. *Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta thrasú na Treorach seo], eiseoidh ÚFA treoirlínte maidir leis na gnéithe a bheidh le cur san áireamh ag maoirseoirí agus measúnú á dhéanamh acu:***

**(a) *an ngníomhaíonn bainisteoirí sinsearacha agus úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 le macántacht agus ionracas;***

**(b) *an bhfuil dea-cháil ar bhainistíocht shinsearach eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 agus an bhfuil an t-eolas cruthaithe agus an saineolas is gá acu chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.***

**(c) *an bhfuil forais réasúnacha ann le hamhras a bheith ann go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh, nó go ndearnadh iarracht orthu siúd, nó bhféadfadh méadú teacht ar an mbaol sin i dtaca leis an eintiteas***

*faoi oibleagáid;*

*Agus na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal seo á dtarraingt suas, cuirfear san áireamh in ÚFA sainiúlachtaí gach earnála ina n-oibríonn na heintitis faoi oibleagáid agus sainiúlachtaí na dtreoirlínte a d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margai agus an tÚdarás BaincÉireachta Eorpach go comhpháirteach roimhe sin maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus phríomhshealbhóirí feidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>.*

---

*<sup>1a</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margai in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).*

**Leasú 99**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 6 – mír 6 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*6c. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh maoirseoirí nó aon údarás eile atá inniúil ar an leibhéal náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na ndaoine dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo i gcomhairle le bunachar sonraí AMLA de smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 44(2).*

**Leasú 100**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, faoi [ceithre bliana tar éis dháta *thrasuí* na Treorach seo] **ar a dhéanaí**, tuarascáil a tharraingt suas lena ndéantar na rioscaí sin ar leibhéal an Aontais a shainnithint, a anailísiú agus a mheasúnú. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún a tuarascáil a thabhairt cothrom le dáta gach *ceithre* bliana. Féadfaidh an Coimisiún codanna den tuarascáil a thabhairt cothrom le dáta níos minice, más iomchuí.

### **Leasú 101**

#### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

### **Leasú 102**

#### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) Na modhanna is forleithne a úsáidtear chun fáltais aindleathacha a sciúradh, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na modhanna sin a úsáidtear go háirithe in idirbhearta idir Ballstáit agus tríú tíortha, go neamhspleách ar shainnithint tríú tír de bhun Roinn 2 de Chaibidil III de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final];

*Leasú*

Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, faoi [4 bliana tar éis dháta *theacht i bhfeidhm* na Treorach seo], tuarascáil a tharraingt suas lena ndéantar na rioscaí sin ar leibhéal an Aontais a shainnithint, a anailísiú agus a mheasúnú. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún a tuarascáil a thabhairt cothrom le dáta gach *trí* bliana. Féadfaidh an Coimisiún codanna den tuarascáil a thabhairt cothrom le dáta níos minice, más iomchuí.

*Leasú*

***Déanfar an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur ar fáil go poiblí, seachas na codanna sin ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe.***

*Leasú*

(c) Na modhanna is forleithne a úsáidtear chun fáltais aindleathacha a sciúradh, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na modhanna sin a úsáidtear go háirithe in idirbhearta idir Ballstáit agus tríú tíortha, go neamhspleách ar shainnithint tríú tír de bhun Roinn 2 de Chaibidil III de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final];

**Leasú 103**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) measúnú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le daoine dlítheanacha agus le socruithe dlíthiúla, lena n-áirítear neamhchosaint ar rioscaí a eascraíonn as daoine dlítheanacha eachtracha agus socruithe dlíthiúla;**

**Leasú 104**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) an baol nach gcuirfear chun feidhme ***iomadú*** smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe ***a bhaineann le maoiniú*** agus go ndéanfaí iad a imghabháil.

(d) an baol nach gcuirfear chun feidhme smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe agus go ndéanfaí iad a imghabháil.

**Leasú 105**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Déanfaidh an Coimisiún moltaí do na Ballstáit maidir leis na bearta atá oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta. I gcás go gcinnfidh na Ballstáit gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm ina réimeas náisiúnta AML/CFT, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad údar ar fáil i gcás cinneadh den sórt sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún moltaí do na Ballstáit maidir leis na bearta atá oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí ***agus easnaimh*** sainaitheanta. ***Féachfaidh na Ballstáit leis na moltaí sin a leanúint.*** I gcás go gcinnfidh na Ballstáit gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm ina réimeas náisiúnta AML/CFT, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad údar ***mionsonraithe*** ar fáil ***ina dtabharfar cúiseanna dlisteanacha*** i gcás cinneadh den sórt sin. ***Déanfaí moltaí an Choimisiúin agus cinntí na mBallstát a chur ar fáil go poiblí mar fhreagairt ar***

*na moltaí sin, lena n-áirítear na réasúnuithe i gcás ina gcinneann siad gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm.*

**Leasú 106**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Faoi [trí bliana tar éis dháta thrasú na Treorach seo], eiseoidh ÚFA tuairim don Choimisiún maidir leis na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don Aontas. Ina dhiaidh sin, eiseoidh ÚFA tuairim gach dara bliain.**

*Leasú*

4. **Faoi .. [3 bliana tar éis dháta thrasú na Treorach seo], ÚFA, i gcomhréir le hAirteagal 44 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240(COD)], eiseofar tuairim don Choimisiún maidir leis na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don Aontas. Ina dhiaidh sin, eiseoidh ÚFA tuairim gach dara bliain. Féadfaidh ÚFA tuairimí nó nuashonruithe ar a thuairimí roimhe seo a eisiúint níos minice, i gcás ina measann sé gurb iomchuí déanamh amhlaidh. Déanfar na tuairimí arna n-eisiúint ag ÚFA a phoibliú, seachas na codanna sin ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe.**

**Leasú 107**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír á sheoladh aige, déanfaidh an Coimisiún an obair a eagrú ar leibhéal an Aontais, cuirfidh sé na tuairimí dá dtagraítear i mír san áireamh agus beidh saineolaithe na mBallstát i réimse AML/CFT, ionadaithe ó údarais mhaoirseachta náisiúnta agus ó AFAnna, **chomh maith le** ÚFA agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais i gcás inarb iomchuí.

*Leasú*

5. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír á sheoladh aige, déanfaidh an Coimisiún an obair a eagrú ar leibhéal an Aontais, cuirfidh sé na tuairimí dá dtagraítear i mír san áireamh agus beidh saineolaithe na mBallstát i réimse AML/CFT, ionadaithe ó údarais mhaoirseachta náisiúnta agus ó AFAnna, ÚFA agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, **agus geallsealbhóirí ábhartha eile**, i gcás inarb iomchuí

**Leasú 108**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 7 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Laistigh de dhá bhliain tar éis ghlacadh na tuarascála dá dtagraítear i mír , agus gach **ceithre** bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gníomhartha a rinneadh bunaithe ar thorthaí na tuarascála sin.

**Leasú 109**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh gach Ballstát measúnú riosca náisiúnta chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanann difear dó a shainaithint, a mheasúnú, a thuiscint agus a mhaolú. Coinneoidh sé an measúnú riosca sin cothrom le dáta agus déanfaidh sé athbhreithniú air gach **ceithre** bliana ar a laghad.

**Leasú 110**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 1 – fómhír -1 (nua)**

PE730.070v02-00

82/225

RR\1276766GA.docx

*Leasú*

6. Laistigh de dhá bhliain tar éis ghlacadh na tuarascála dá dtagraítear i mír , agus gach **trí** bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gníomhartha a rinneadh bunaithe ar thorthaí na tuarascála sin

*Leasú*

1. Déanfaidh gach Ballstát measúnú riosca náisiúnta chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta **agus na rioscaí a bhaineann le neamhchur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríte a dhéanann difear dó a shainaithint, a mheasúnú, a thuiscint agus a mhaolú. Déanfaidh sé measúnú ar rioscaí ar bhonn leanúnach, coinneoidh sé an measúnú riosca sin cothrom le dáta agus déanfaidh sé athbhreithniú air gach **trí** bliana ar a laghad. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh níos minice ar an measúnú riosca sin, i gcás ina measann siad gurb iomchuí sin a dhéanamh. Ina theannta sin, féadfaidh siad measúnuithe riosca earnála ad hoc a dhéanamh ag brath ar an leibhéal riosca.**



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Bunaithe ar shainaitheint rioscaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus údar maith leis, féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a measúnú riosca níos luaithe ná mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír chun an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta san Aontas a laghdú.***

**Leasú 111**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh gach Ballstát bearta iomchuí freisin chun na rioscaí a bhaineann le neamh-chur chun feidhme agus imghabháil ***iomadaithe*** smachtbhannaí spriocdhírithé airgeadais ***a bhaineann le maoiniú*** agus maoiniú a shainaitheint, a mheasúnú, a thuiscint agus a mhaolú.

*Leasú*

Déanfaidh gach Ballstát bearta iomchuí freisin chun na rioscaí a bhaineann le neamh-chur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí spriocdhírithé airgeadais agus maoiniú a shainaitheint, a mheasúnú, a thuiscint agus a mhaolú.

**Leasú 112**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás nó bunóidh sé sásra chun an freagairt náisiúnta a chomhordú ar na rioscaí dá dtagraítear i mír . Cuirfear ainm an údaráis sin nó tuairisc ar an sásra in iúl don Choimisiún, ***do*** ÚFA, agus ***do*** na Ballstáit eile.

*Leasú*

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás nó bunóidh sé sásra chun an freagairt náisiúnta a chomhordú ar na rioscaí dá dtagraítear i mír . Cuirfear ainm an údaráis sin nó tuairisc ar an sásra in iúl don Choimisiún, ÚFA, ***Europol*** agus na Ballstáit eile. ***Coimeádfaidh ÚFA stór de chuid an údaráis ainmnithe nó sásraí bunaithe. Má bhunaíonn Ballstát sásra, go háirithe chun freagairtí a chomhordú ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil, áiritheofar comhordú éifeachtúil agus***

*éifeachtach idir na húdaráis uile lena mbaineann.*

**Leasú 113**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Agus na measúnuithe riosca náisiúnta dá dtagraítear i mír den Airteagal seo á gcur i gcrích, cuirfidh na Ballstáit an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) san áireamh.

*Leasú*

3. Agus na measúnuithe riosca náisiúnta dá dtagraítear i mír den Airteagal seo á gcur i gcrích, cuirfidh na Ballstáit an ***mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún don*** tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 7 (1) ***agus torthaí na tuarascála sin*** san áireamh.

**Leasú 114**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) a réimeas AML/CFT a fheabhsú, go háirithe trí réimsí a shainnithint ina bhfuil eintitis faoi oibleagáid chun bearta feabhsaithe a chur i bhfeidhm agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta a bheidh le déanamh a shonrú;

*Leasú*

(a) a réimeas AML/CFT a fheabhsú, go háirithe trí réimsí a shainnithint ina bhfuil eintitis faoi oibleagáid chun bearta feabhsaithe a chur i bhfeidhm ***i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe*** agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta a bheidh le déanamh a shonrú;

**Leasú 115**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) measúnú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le gach cineál duine dhlítheanaigh agus ***le gach socrú*** dlíthiúil ina gcríoch agus beidh tuiscint ***aige*** ar an neamhchosaint ar rioscaí a eascraíonn ***as daoine*** dlítheanacha eachtracha agus ***socruithe*** dlíthiúla;

*Leasú*

(c) measúnú ***a dhéanamh*** ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le gach cineál duine dhlítheanaigh agus ***comhshocrú*** dlíthiúil ina gcríoch, agus ***aird á tabhairt ar ghnáthstruchtúr úinéireachta agus rialaithe cineálacha éagsúla eintiteas dlíthiúil lena n-áirítear***

*líon na sraitheanna úinéireachta agus an cineál eintitis dhlítheanaigh i ngach sraith, agus beidh tuiscint acu ar an neamhchosaint ar rioscaí a eascraíonn ó dhaoine dlítheanacha eachtracha agus ó shocrúithe dlíthiúla, go háirithe iad siúd a bhfuil struchtúr rialaithe ilsrathach acu a bhaineann le roinnt dlínsí;*

**Leasú 116**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) patrúin sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar threochtaí maidir leis na rioscaí gaolmhara ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal trasteorann;*

**Leasú 117**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) cinneadh a dhéanamh maidir le tús áite a thabhairt d'acmhainní agus iad a leithdháileadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac chomh maith le neamh-chur chun feidhme agus imghabháil *iomadaithe* smachtbhannaí spriocdhírithé airgeadais *a bhaineann le maoiniú;*

(d) cinneadh a dhéanamh maidir le tús áite a thabhairt d'acmhainní agus iad a leithdháileadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac chomh maith le neamh-chur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí spriocdhírithé airgeadais;

**Leasú 118**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(f) Faisnéis iomchuí a chur ar fáil go pras d'údaráis inniúla agus d'eintitis faoi

(f) Faisnéis iomchuí a chur ar fáil go pras d'údaráis inniúla agus d'eintitis faoi

oibleagáid chun a measúnuithe riosca féin ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a éascú chomh maith leis an measúnú ar na rioscaí a bhaineann le himghabháil smachtbhannaí spriocdhírthe airgeadais **a bhaineann le hiomadú** dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final].

**Leasú 119**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 120**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – pointe f b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 121**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Sa mheasúnú riosca náisiúnta, **déanfaidh** na Ballstáit tuairisc ar struchtúr institiúideach agus **ar** nósanna imeachta **ginearálta** a gcóras AML/CFT, lena n-áirítear, inter alia, **an** AFA, údaráis

oibleagáid chun a measúnuithe riosca féin ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a éascú chomh maith leis an measúnú ar na rioscaí a bhaineann le himghabháil smachtbhannaí spriocdhírthe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid — COM/2021/420 final].

*Leasú*

**(fa) measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na maoirseoirí eintiteas faoi oibleagáid;**

*Leasú*

**(fb) measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gclár agus na gcóras aisghabhála sonraí a shonraítear sa Treoir seo agus aghaidh a thabhairt ar na laigí nach mór iad a shainaithint;**

*Leasú*

Sa mheasúnú riosca náisiúnta, **tabharfaidh** na Ballstáit tuairisc ar struchtúr institiúideach agus nósanna imeachta **leathana** a gcóras AML/CFT, lena n-áirítear, inter alia, AFA, údaráis chánach

chánach agus ionchúisitheoirí, chomh maith leis na hacmhainní daonna agus airgeadais *a leithdháiltear a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil.*

agus ionchúisitheoirí, *leibhéal an chomhair Eorpaigh agus idirnáisiúnta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, na sásraí cosanta do sceithirí* chomh maith leis na hacmhainní daonna agus airgeadais *leithdháilte.*

**Leasú 122**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áiritheoidh na Ballstáit rannpháirtíocht iomchuí na n-údarás inniúil agus na ngeallsealbhóirí ábhartha agus a measúnú riosca náisiúnta á dhéanamh acu.*

**Leasú 123**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5. Cuirfidh na Ballstáit torthaí a measúnuithe riosca náisiúnta, lena n-áirítear a nuashonruithe, ar fáil don Choimisiún, do ÚFA agus do na Ballstáit eile. Féadfaidh aon Bhallstát faisnéis bhreise a sholáthar, i gcás inarb iomchuí, don Bhallstát a bhfuil an measúnú riosca náisiúnta á dhéanamh aige. Cuirfear achoimre ar an *measúnú* ar fáil go poiblí. Ní bheidh faisnéis rúnaicmithe san achoimre sin. *Ní cheadófar* aon duine nádúrtha *ná dlítheanach a aithint ón bhfaisnéis sin.*

5. Cuirfidh na Ballstáit torthaí a measúnuithe riosca náisiúnta, lena n-áirítear a nuashonruithe *agus athbhreithnithe*, ar fáil don Choimisiún, do ÚFA agus do na Ballstáit eile. Féadfaidh aon Bhallstát faisnéis bhreise a sholáthar, i gcás inarb iomchuí, don Bhallstát a bhfuil an measúnú riosca náisiúnta á dhéanamh aige. Cuirfear achoimre ar *thorthaí* an *mheasúnaithe* ar fáil go poiblí. Ní bheidh faisnéis rúnaicmithe san achoimre sin *agus tabharfar urraim ghinearálta d'ardchaighdeáin maidir le cosaint sonraí. Níor cheart* aon duine nádúrtha *nó dlíthiúil a ainmniú san fhaisnéis atá ann.*

**Leasú 124**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 125**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) sonraí lena ndéantar céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha an chórais AML/CFT náisiúnta a thomhas, lena n-áirítear líon na dtuairiscí ar idirbhearta amhrasacha a thugtar don AFA, an obair leantach ar na tuairiscí sin, an fhaisnéis maidir le haistrithe fisiceacha airgid thirim arna gcur faoi bhráid AFA i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672 mar aon leis an obair leantach a dhéantar ar an bhfaisnéis arna tabhairt agus, ar bhonn bliantúil, líon na gcásanna a imscrúdaítear, líon na ndaoine a ionchúisítear, líon na ndaoine a chiontaítear i gcionta maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, na cineálacha cionta preideacáide arna sainaitint i gcomhréir le hAirteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**, i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil, agus luach na maoinne, arna leagan amach in Euro, atá calctha, urghafa nó coigistithe;

*Leasú*

**5a. Déanfaidh an Coimisiún agus ÚFA moltaí do na Ballstáit maidir leis na bearta atá oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaitnítear sna measúnuithe riosca náisiúnta. I gcás go gcinnfidh Ballstát gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm ina réimeas náisiúnta AML/CFT, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad údar ar fáil i gcás an chinnidh sin.**

*Leasú*

(b) sonraí lena ndéantar céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha an chórais AML/CFT náisiúnta a thomhas, lena n-áirítear líon na dtuairiscí ar idirbhearta amhrasacha a thugtar don AFA **agus luach na n-idirbheart sin**, an obair leantach ar na tuairiscí sin, an fhaisnéis maidir le haistrithe fisiceacha airgid thirim arna gcur faoi bhráid AFA i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672 mar aon leis an obair leantach a dhéantar ar an bhfaisnéis arna tabhairt agus, ar bhonn bliantúil, líon na gcásanna a imscrúdaítear, líon na ndaoine a ionchúisítear, líon na ndaoine a chiontaítear i gcionta maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, na cineálacha cionta preideacáide arna sainaitint i gcomhréir le hAirteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle45**, i gcás go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil, agus luach na maoinne, arna leagan amach in Euro, atá calctha,

urghafa nó coigistithe;

---

<sup>45</sup> Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (IO L 84, 12.11.2018, lch. 2).

---

<sup>45</sup> Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (IO L 84, 12.11.2018, lch. 2).

**Leasú 126**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ***má tá siad ar fáil***, sonraí lena sainaitheann líon agus céatadán na dtuarascálacha a bhfuil imscrúdú breise mar thoradh orthu, mar aon leis an tuarascáil bhliantúil arna tarraingt suas ag AFAnna de bhun ***Airteagal 21***;

**Leasú 127**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 128**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h b (nua)**

*Leasú*

(c) sonraí lena sainaitheann líon ***na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha arna scaipeadh ag an AFA ar údaráis inniúla***, líon agus céatadán na dtuarascálacha a bhfuil imscrúdú breise mar thoradh orthu, mar aon leis an tuarascáil bhliantúil arna tarraingt suas ag AFAnna de bhun ***Airteagal 21***

*Leasú*

***(ha) líon na neamhréitigh a thuairiscítear don chlár lárnach dá dtagraítear in Airteagal 10, lena n-áirítear bearta nó smachtbhannaí arna bhforchur ag an eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach, líon na gcigireachtaí ar an láthair agus lasmuigh den láthair, cineálacha neamhréireachtaí tipiciúla agus patrúin thipiciúla arna sainaitheint sa phróiseas fíorúcháin ag an eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach***



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(hb) an fhaisnéis seo a leanas maidir le cur chun feidhme Airteagal 12:*

*(i) líon na n-iarrataí ar rochtain ar úinéireacht thairbhiúil ar bhonn na gcatagóirí a leagtar síos in Airteagal 12(2)*

*(ii) céatadán na n-iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a diúltaíodh faoi gach catagóir a leagtar síos in Airteagal 12(2a)*

*(iii) achoimre ar na catagóirí daoine ar deonaíodh rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil dóibh faoin dara fomhír d'Airteagal 12(2a);*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 2 – pointe h b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(hc) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2019/1153.*

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar agus go dtarchuirfear an staidreamh dá dtagraítear i mír chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil. Déanfar an staidreamh dá dtagraítear i **mír , pointí (a), (c), (d) agus (f), a** tharchur chuig ÚFA freisin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar agus go dtarchuirfear an staidreamh dá dtagraítear i mír chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil. Déanfar an staidreamh dá dtagraítear i **mír 2** a tharchur chuig ÚFA freisin

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 9 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Faoi **[trí bliana** tar éis dháta **thrasuí** na Treorach seo], glacfaidh ÚFA tuairim a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir leis an modheolaíocht chun an staidreamh dá dtagraítear i **mír** , pointí (a), (c), (d) agus (f) a bhailiú.

**Leasú 132**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Tugtar de chumhacht don Choimisiún** gníomhartha cur chun feidhme **a ghlacadh lena leagtar síos** an mhodheolaíocht chun an staidreamh dá dtagraítear i **mír a** bhailiú agus na socrúithe **chun iad a tharchur** chuig an gCoimisiún agus chuig ÚFA. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

**Leasú 133**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil dhébhliantúil ina mbeidh achoimre agus míniú ar an staidreamh dá dtagraítear i **mír** , agus cuirfear ar fáil í ar a láithreán gréasáin.

*Leasú*

4. Faoi **[2 bhliain** tar éis dháta **theacht i bhfeidhm** na Treorach seo], glacfaidh ÚFA tuairim a dhíreofar ar an gCoimisiún maidir leis an modheolaíocht chun an staidreamh dá dtagraítear i **mír 2**, pointí (a), (c), (d) agus (f) a bhailiú.

*Leasú*

5. **Faoin ... [2 bliana agus 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin** gníomhartha cur chun feidhme, an mhodheolaíocht chun an staidreamh dá dtagraítear i **mír 2 a** bhailiú agus na socrúithe **maidir lena dtarchur** chuig an gCoimisiún agus chuig ÚFA. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

*Leasú*

6. **Faoin ... [1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo],** foilseoidh an Coimisiún **céad** tuarascáil **bunaithe ar an staidreamh arna soláthar ag na Ballstáit de bhun Airteagal 44 de Threoir (AE) 2015/849. Faoin... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar achoimre agus míniú ar an staidreamh dá dtagraítear i **mír 2 den Airteagal seo bunaithe ar na****

*sonraí a bhailítear i gcomhréir leis an Airteagal seo. Ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil dhébhliantúil ina mbeidh achoimre agus míniú ar an staidreamh dá dtagraítear i mír 2, agus cuirfear ar fáil i go poiblí ar a láithreán gréasáin. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*

**Leasú 134**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír -1 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfar faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil atá ionchorpraithe lasmuigh den Aontas nó faisnéis faoi iontaobhais shainráite nó faoi chomhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a riartar lasmuigh den Aontas a shealbhú sa chlár lárnach faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 48 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)] i ndlinsí eile.*

**Leasú 135**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Féadfar an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a choimeádfar sna cláir lárnach a bhailiú i gcomhréir leis na córais náisiúnta.*

*Beidh an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá sna cláir lárnach ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite agus baileofar í i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4. Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfear an fhaisnéis sin maidir le húinéireacht thairbhiúil ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit sin agus i mBéarla.*

**Leasú 136**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis faoi na húinéirí tairbhiúla reatha agus an fhaisnéis faoi na hiarúinéirí tairbhiúla roimhe seo ar fáil sna cláir lárnacha don tréimhse a leagtar amach i mír 12.**

**Leasú 137**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. I gcás ina mbeidh cúiseanna ann **a bheith in amhras faoi chruinneas** na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil atá **ar coimeád sna cláir lárnacha**, áiritheoidh na Ballstáit go **gcuirfear de cheanglas** ar eintitis dhlíthiúla agus ar **shocrúithe** dlíthiúla **faisnéis bhreise a sholáthar ar bhonn na híogaireachta ó thaobh riosca**, lena n-áirítear rúin **ón mbord** stiúrthóirí agus miontuairiscí a gcrúinnithe, **comhaontuithe** comhpháirtíochta, **gníomhais** iontaobhais, **cumhacht** aturnae nó **comhaontuithe** conarthacha eile agus **doiciméadacht chonarthach eile**.

2. I gcás ina mbeidh cúiseanna **amhrais** ann **maidir le cruinneas** na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil atá **i seilbh na gclár lárnach**, áiritheoidh na Ballstáit go **dtabharfar de chumhacht do na heintitis atá i gceannas ar na cláir lárnacha a iarraidh ar eintitis chorparáideacha agus dhlíthiúla, ar iontaobhaithe aon iontaobhais shainráite** agus ar **dhaoine a bhfuil post coibhéiseach acu i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil, agus ar a n-úinéirí** dlíthiúla **agus tairbhiúla, aon fhaisnéis agus aon doiciméid is gá chun a n-úinéirí tairbhiúla a shainnithint agus a fhíorú**, lena n-áirítear **cruthúnais gurb ann dóibh agus a n-úinéireacht**, rúin **an bhoird** stiúrthóirí agus miontuairiscí a gcrúinnithe, **a gcomhaontuithe** comhpháirtíochta, **a ngníomhais** iontaobhais, **a gcumhachtaí** aturnae nó **a gcomhaontuithe** conarthacha eile agus **a ndoiciméadú**.

**Leasú 138**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) **dearbhú**, agus **réasúnú** ag gabháil leis, nach bhfuil aon úinéir tairbhiúil ann nó nárbh fhéidir an t-úinéir **tairbhiúil nó na** húinéirí tairbhiúla a shainaithint agus a fhíorú;

**Leasú 139**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 140**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. An **fhormáid le haghaidh faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a chur isteach chuig an gclár lárnach**, tugtar **de chumhacht don Choimisiún an fhormáid sin a ghlacadh**, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir

*Leasú*

(a) **ráiteas ón eintiteas corparáideach, ón eintiteas dlíthiúil nó ón gcomhshocrú dlíthiúil a bhfuil údar dlisteanach agus doiciméid tacaíochta** ag gabháil leis, **á rá** nach bhfuil aon úinéir tairbhiúil ann nó nárbh fhéidir an t-úinéir **tairbhiúil/na** húinéirí tairbhiúla a shainaithint agus a fhíorú **de bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán AML - 2021/0239(COD)]**, agus na rialacha ar dá réir a leithdháiltear brabús nó scaireanna laistigh den eintiteas corparáideach nó dlíthiúil;

*Leasú*

**Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), ar fáil do FIUnna, ÚFA, údaráis inniúla, comhlachtaí féinrialála agus eintitis faoi oibleagáid.**

*Leasú*

4. **Faoin ... [I bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] glacfaidh an Coimisiún**, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, **an fhormáid maidir le haighneacht faisnéise faoin úinéireacht thairbhiúil dá dtagraítear in Airteagal 44 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don**

leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

**Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239(COD)] sa chlár lárnaigh, lena n-áirítear seicliosta d'íoscheanglais maidir le faisnéis a bheidh le scrúdú ag an gcláraí.** Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

**Leasú 141**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. **Cuirfidh** na Ballstáit **de cheanglas, i dtaca leis an bhfaisnéis** maidir le húinéireacht thairbhiúil a **bheidh ar coimeád** sna cláir lárnaigh, **go mbeidh an fhaisnéis sin leordhóthanach**, cruinn agus cothrom le dáta. Chun na críche sin, cuirfidh **an Ballstát** na ceanglais seo a leanas ar a laghad i bhfeidhm:

*Leasú*

5. **Déanfaidh** na Ballstáit **na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis** maidir le húinéireacht thairbhiúil a **shealbhaítear** sna cláir lárnaigh **leormhaith**, cruinn agus cothrom le dáta, **agus cuirfidh siad sásraí i bhfeidhm chuige sin**. Chun na críche sin, cuirfidh na **Ballstáit na** ceanglais seo a leanas ar a laghad i bhfeidhm:

**Leasú 142**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 – pointe - a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 143**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) na heintitis faoi oibleagáid,

*Leasú*

**(-a) fíoróidh eintitis atá i gceannas ar na cláir lárnaigh, nuair a chuirtear faisnéis faoin úinéireacht thairbhiúil isteach agus ar bhonn rialta ina dhiaidh sin, go bhfuil an fhaisnéis sin leormhaith, cruinn agus cothrom le dáta.**

(a) **tuairisceoidh** na heintitis faoi

**tuairisceoidh siad** don eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnaigh aon neamhréireachtaí a thiocthaidh dá n-aire idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnaigh agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh de bhun Airteagal 18 de Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh *Airgid*].

oibleagáid don eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnaigh aon neamhréireachtaí a thiocthaidh dá n-aire idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnaigh agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh de bhun Airteagal 18 de Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh *Airgid*], agus déanfaidh siad an fhaisnéis ábhartha maidir le húinéireacht thairbhiúil atá bailithe acu a tharchur chuig an gclár lárnaigh.

**Leasú 144**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) na húdarais inniúla, **más iomchuí agus a mhéid nach gcuireann an ceanglas seo isteach gan chúis ar a bhfeidhmeanna, tuairisceoidh siad** don eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnaigh aon neamhréireachtaí a thiocthaidh dá n-aire idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnaigh agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh.

**Leasú 145**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) **tuairisceoidh** na húdarais inniúla don eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnaigh aon neamhréireachtaí a thiocthaidh dá n-aire idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnaigh agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh.

**5a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíoróidh na heintitis atá i gceannas ar na cláir lárnaigh an mbaineann an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá sna cláir le daoine nó le heintitis atá ainmnithe i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe. Déanfar an fíorú sin láithreach tar éis an ainmnithe i ndáil le smachtbhannaí**



*airgeadais spriocdhírthe agus go tráthrialta. Áireoidh na heintitis atá i gceannas ar na cláir um úinéireacht thairbhiúil luanna sonracha sna cláir maidir le faisnéis faoi eintiteas corparáideach, eintiteas dlíthiúil nó comhshocrú dlíthiúil sna cásanna seo a leanas:*

*(a) eintiteas corparáideach, eintiteas dlíthiúil nó comhshocrú dlíthiúil a áirítear i gclár faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe;*

*(b) eintiteas corparáideach, eintiteas dlíthiúil nó comhshocrú dlíthiúil a áirítear i gclár á rialú ag duine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe;*

*(c) úinéir tairbhiúil eintitis chorparáidigh, eintitis dhlíthiúil nó comhshocráithe dhlíthiúil agus é faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe;*

*An tagairt shonrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, leanfaidh sé de bheith ar fáil d'aon duine nó eintiteas ar tugadh rochtain dó faoi Airteagal 11 agus Airteagal 12 sa chlár lárnach go dtí go mbainfear na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe lena mbaineann.*

**Leasú 146**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 5 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*5b. Faoin ... [ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] eiseoidh ÚFA treoirlínte maidir leis na modhanna agus na nósanna imeachta a bheidh le húsáid ag eintitis atá i gceannas ar chlár lárnacha chun faisnéis maidir le húnéireacht thairbhiúil a fhíorú agus ag eintitis faoi oibleagáid agus údaráis inniúla chun neamhréireachtaí maidir le faisnéis faoi*

***úinéireacht thairbhiúil a shainaitint agus a thuairisciú.***

**Leasú 147**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnach bearta iomchuí chun deireadh a chur leis na neamhréireachtaí, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá sna cláir lárnacha i gcás inar féidir leis an eintiteas an fhaisnéis maidir le húnéireacht thairbhiúil a shainaitint agus a fhíorú. Cuimseofar sna cláir lárnacha tagairt shonrach don fhíoras gur tuairiscíodh neamhréireachtaí agus beidh an tagairt sin infheicthe ***do na húdaráis inniúla*** agus ***do na heintitis faoi oibleagáid ar a laghad.***

**Leasú 148**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. I gcás eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag an eintiteas atá i bhfeighil an chláir lárnaigh úinéireachta tairbhiúla seiceálacha a dhéanamh, lena n-áirítear imscrúduithe ar an láthair ag áitreabh nó ag oifig chláráithe an eintitis dhlíthiúil, chun úinéireacht thairbhiúil reatha an eintitis a ***dhéanamh amach*** agus chun a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear isteach sa chlár lárnach cruinn, leordhóthanach agus

*Leasú*

7. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-eintiteas atá i bhfeighil na gclár lárnach, ***laistigh de 30 lá oibre tar éis neamhréireacht a thuairisciú***, bearta iomchuí chun deireadh a chur leis na neamhréireachtaí ***agus faisnéis atá cothrom le dáta a áirithiú***, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá sna cláir lárnacha i gcás inar féidir leis an eintiteas an fhaisnéis maidir le húnéireacht thairbhiúil a shainaitint agus a fhíorú. Cuimseofar sna cláir lárnacha tagairt shonrach don fhíoras gur tuairiscíodh neamhréireachtaí ***go dtí go réitítear an neamhréireacht*** agus beidh an tagairt sin infheicthe ***ag aon duine nó eintiteas dá ndeonaítear rochtain faoi Airteagail 11 agus 12.***

*Leasú*

8. I gcás eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlíthiúla eile, ***agus, i gcás inar eintiteas faoi oibleagáid an t-iontaobhaí mar a liostaítear in Airteagal, pointe (3)(a), (b) nó (c) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239(COD)]***, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag an eintiteas atá i bhfeighil an chláir lárnaigh úinéireachta tairbhiúla seiceálacha a dhéanamh, lena n-áirítear imscrúduithe ar

cothrom le dáta. Ní chuirfear srian, bac ná cosc ar bhealach ar bith ar an gceart atá ag an gclár lárnach chun faisnéis den sórt sin a fhíorú.

an láthair, ag áitreabh nó ag oifig chláraithe an eintitis dhlíthiúil, **ag áitreabh na n-eintiteas faoi oibleagáid ábhartha a liostaítear in Airteagal 3, pointe (3)(a), (b) nó (c) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Sciúradh Airgid — 2021/0239(COD)] i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus ag áitreabh ionadaithe na n-eintiteas dlíthiúil san Aontas, chun úinéireacht thairbhiúil reatha an eintitis a **bhunú** agus chun a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear isteach sa chlár lárnach cruinn, leordhóthanach agus cothrom le dáta. Ní chuirfear srian, bac ná cosc ar bhealach ar bith ar an gceart atá ag an gclár lárnach chun faisnéis den sórt sin a fhíorú **agus cumhachtófar an clár lárnach chun faisnéis a iarraidh ó chlár eile, lena n-áirítear i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha, go háirithe trí chomhaontuithe comhair a bhunú.****

**Leasú 149**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 8 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an teicneolaíocht uathoibríthe is gá ar fáil do na heintitis atá i bhfeighil na gclár lárnach chun na fíoruithe dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 5a a dhéanamh. Áireofar sna fíoruithe sin, go háirithe, faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a chros-seiceáil le bunachair shonraí phoiblí agus phríobháideacha eile, a bhfuil rochtain acu orthu faoin dlí náisiúnta chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, doiciméid tacaíochta dá dtagraítear i mír 3 a sheiceáil, earráidí agus neamhréireachtaí a bhrath, patrúin a bhaineann le heintitis dhlíthiúla atá á n-úsáid chun críocha aindleathacha a shainaithint agus tástáil samplaí ócáideacha a dhéanamh trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid. Déanfar na**

*fíoruíthe sin ar bhealach lena ndéanfar cearta bunúsacha a choimirciú, lena n-áirítear maoirseacht an duine agus lena seachnófar torthaí idirdhealaitheacha.*

**Leasú 150**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 8 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8b.** *Áirítheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfar fíorú dá dtagraítear i mír 5 nó i mír 5ú tráth a chuirtear isteach faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil, agus go dtiocfaidh sé ar an toradh ar eintiteas atá i gceannas ar chlár lárnach a chinneadh go bhfuil neamhréireachtaí nó earráidí san fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil nó nach gcomhlíonann an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ar shlí eile na ceanglais a leagtar síos i mír 5, go mbeidh an t-eintiteas sin atá i gceannas ar chlár lárnach in ann deimhniú an chláráithe a choinneáil siar agus a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a sholáthraítear in ord.*

**Leasú 151**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 8 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8c.** *Áirítheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfar fíorú dá dtagraítear i mír 5 nó i mír 5ú tar éis faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a chur isteach, agus ina dtreoraítear ar eintiteas atá i gceannas ar chlár lárnach a chinneadh go bhfuil neamhréireachtaí nó earráidí san fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil nó nach gcomhlíonann an*

*fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ar shlí eile na ceanglais a leagtar síos i mír 5, go n-áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta nach leanfaidh an iarmhairt dhlíthiúil a ghabhann leis an gclárú go dtí go mbeidh an fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a sholáthraítear in ord.*

**Leasú 152**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht don eintiteas atá i bhfeighil an chláir lárnaigh bearta nó smachtbhearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur i leith mainneachtain faisnéis chruinn, leormhaith agus cothrom le dáta a sholáthar maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil.

*Leasú*

9. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht don eintiteas atá i bhfeighil an chláir lárnaigh bearta nó smachtbhearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur i leith mainneachtain faisnéis chruinn, leormhaith agus cothrom le dáta a sholáthar maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil. ***Beidh pionóis airgeadaíochta san áireamh sna smachtbhannaí. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mainneofar arís agus arís eile faisnéis atá cothrom le dáta, cruinn agus leordhóthanach a sholáthar, go n-áiritheoidh na húdaráis náisiúnta go ndéanfar smachtbhannaí iomchuí. I gcás ina mainneofar arís agus arís eile faisnéis cothrom le dáta, chruinn agus leormhaith a sholáthar, beidh smachtbhannaí á méadú go dtí an leibhéal is gá chun comhlíonadh a áirithiú. Sa chás sin, tabharfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach fógra do na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun smachtbhannaí iomchuí a fhorchur faoi na teipeanna leantacha.***

**Leasú 153**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 9 a (nua)**

**9a. Faoin ... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina leagfar amach táscairí chun leibhéal tromchúise na sárúithe agus na geritéar le haghaidh na dteipeanna leantacha sin a aicmiú agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad lena nglacadh. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 go hAirteagal 41 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)].**

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – mír 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

10. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar, má aimsíonn na heintitis atá i bhfeighil na gclár úinéireachta tairbhiúla, i gcúrsa na seiceálacha a dhéanfar de bhun an Airteagail seo, nó ar aon bhealach eile, fíorais a d'fhéadfadh a bheith bainteach le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, go **ndéanfar an méid sin a chur in iúl don AFA go pras.**

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 10 – mír 10 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

10. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar, má aimsíonn na heintitis atá i bhfeighil na gclár úinéireachta tairbhiúla, i gcúrsa na seiceálacha a dhéanfar de bhun an Airteagail seo, nó ar aon bhealach eile, fíorais a d'fhéadfadh a bheith bainteach le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, go **gcuirfidh siad AFA inniúil ar an eolas laistigh de 48 uair an chloig ó na fíorais sin a fhionnadh**

**10a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na heintitis atá i gceannas ar chláir lárnacha neamhspleách ó thaobh**

*oibríochta agus uathrialacha agus go mbeidh an t-údarás agus an cumas acu a bhfeidhmeanna a dhéanamh saor ó thionchar nó cur isteach polaitiúil, rialtais nó tionscail agus go mbeidh ardleibhéal ionracais ag foireann na n-eintiteas sin agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu agus go gcoinneoidh siad ardchaighdeáin ghairmiúla, lena n-áirítear caighdeáin rúndachta agus cosanta sonraí agus caighdeáin lena dtugtar aghaidh ar choinbhleachtaí leasa.*

**Leasú 156**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 10 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**10 b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag eintitis atá i bhfeighil na gclár lárnach chun a áirithiú go mbeidh a bhfostaithe nó bainisteoirí a thuairiscíonn sárúithe ar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo cosanta go dlíthiúil, i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937 ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí, ar ghníomhaíocht frithbheartaíochta nó naimhdeach agus, go háirithe, ar ghníomhaíocht fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha.**

**Leasú 157**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

12. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír le fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár lárnach úinéireachta tairbhiúla ar feadh cúig bliana ar a laghad agus go ceann tréimhse nach faide ná 10 mbliana tar éis bhaint an eintitis chorparáidigh nó an eintitis

12. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír le fáil trí na cláir náisiúnta agus trí chóras idirnasctha na gclár lárnach úinéireachta tairbhiúla ar feadh cúig bliana ar a laghad agus go ceann tréimhse nach faide ná 10 mbliana tar éis bhaint an eintitis chorparáidigh nó an eintitis



dhlíthiúil de chineál eile den chlár.

dhlíthiúil de chineál eile den chlár. *Gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, féadfaidh na Ballstáit coinneáil faisnéise nó doiciméad den sórt sin a cheadú nó a cheangal i gcásanna nithiúla ar feadh tréimhse bhreise chúig bliana ar a mhéad, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála tuilleadh den sórt sin ag na húdaráis inniúla chun sciúradh amhrasta airgid nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.*

**Leasú 158**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*12a. Déanfaidh ÚFA athbhreithnithe piaraí go tréimhsiúil ar chuid de na gníomhaíochtaí nó ar na gníomhaíochtaí go léir de chuid eintiteas atá i gceannas ar chlár lárnaigh úinéireachta tairbhiúla chun a mheasúnú an bhfuil sásraí i bhfeidhm ag eintitis den sórt sin chun na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh agus an ndéanann eintitis den sórt sin seiceálacha go héifeachtach chun a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a shealbhaítear sna clár cruinn, leormhaith agus cothrom le dáta.*

**Leasú 159**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 11 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Rialacha ginearálta maidir *leis an* rochtain *a bheidh ag na húdaráis* inniúla, *ag na*

Rialacha ginearálta maidir *le* rochtain *ar* *chlár úinéireachta tairbhiúla* *ag údaráis*

comhlachtaí féinrialála **agus ag na heintitis** faoi oibleagáid **ar na cláir úinéireachta tairbhiúla**

inniúla, comhlachtaí féinrialála, **eintitis** faoi oibleagáid **agus ÚFA**

#### **Leasú 160**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil, neamhshrianta, **shaor ag na húdaráis** inniúla ar an bhfaisnéis **go léir** sna cláir lárnaacha **idirnasctha** dá dtagraítear in **Airteagal 10**, gan **iad aon fholáireamh a thabhairt don eintiteas nó don** socrú lena mbaineann.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil, neamhshrianta **agus saor in aisce ag údaráis** inniúla ar an bhfaisnéis **a choimeádtar** sna cláir lárnaacha dá dtagraítear in **Airteagal 10**, **lena n-áirítear na cláir lárnaacha idirnasctha**, gan **an t-eintiteas nó an** socrú lena mbaineann **a chur ar an airdeall**.

#### **Leasú 161**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. An rochtain ar na cláir lárnaacha dá dtagraítear in Airteagal 10, tabharfar í do na AFAnna, na húdaráis mhaoirseachta agus do na húdaráis phoiblí ag a bhfuil freagrachtaí ainmnithe i leith comhrac i gcoinne sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, agus freisin do na húdaráis a bhfuil sé d’fheidhm acu imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh maidir le sciúradh airgid, agus cionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann leis, agus maidir le rianú agus urghabháil nó reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla. Tabharfar rochtain ar na cláir do chomhlachtaí féinrialála agus iad i gceann feidhmeanna maoirseachta.

*Leasú*

2. An rochtain ar na cláir lárnaacha dá dtagraítear in Airteagal 10, tabharfar í do na AFAnna, **ÚFA**, na húdaráis mhaoirseachta agus do na húdaráis phoiblí ag a bhfuil freagrachtaí ainmnithe i leith comhrac i gcoinne sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, agus freisin do na húdaráis a bhfuil sé d’fheidhm acu imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh maidir le sciúradh airgid, agus cionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann leis, agus maidir le rianú agus urghabháil nó reo agus coigistiú sócmhainní coiriúla. Tabharfar rochtain ar na cláir do chomhlachtaí féinrialála agus iad i gceann feidhmeanna maoirseachta.

**Leasú 162**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 11 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit, agus bearta díchill chuí á ndéanamh i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán [cuir isteach **an** tagairt – togra le haghaidh **Rialacháin** maidir **leis an Sciúradh** Airgid], go **mbeidh** rochtain thráthúil **ag na heintitis faoi oibleagáid** ar an bhfaisnéis **a bheidh ar coimeád** sna cláir lárnacha idirnasctha dá dtagraítear in **Airteagal 10**.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit, agus bearta díchill chuí **custaiméara** á ndéanamh **acu** i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh **Rialachán** maidir **le Frithsciúradh** Airgid], **eintitis agus gníomhairí nó soláthraithe seirbhíse seachtracha a ndéantar cúraimí a sheachfhoinsiú chucu i gcomhréir le Rialachán ... [féach le do thoil do Rialachán AML - 2021/0239(COD)]** go bhfuil rochtain thráthúil, **neamhshrianta agus saor aige** ar an bhfaisnéis **atá** sna cláir lárnacha idirnasctha dá dtagraítear in **Airteagal 10**.

**I gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2016/679, leanfaidh an t-eintiteas faoi oibleagáid de bheith faoi dhliteanas iomlán i leith aon ghníomhaíocht de chuid gníomhairí nó soláthraithe seirbhíse seachtracha a ndéantar gníomhaíochtaí a sheachfhoinsiú chucu nuair a bheidh rochtain ag na gníomhairí nó ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha sin ar an bhfaisnéis a choimeádtar sna cláir lárnacha idirnasctha dá dtagraítear in Airteagal 10.**

**Gheobhaidh an t-eintiteas faoi oibleagáid réamhúdarú ón údarás maoirseachta um chosaint sonraí i ndáil le rochtain ar chlár ag gníomhaire nó soláthraí seirbhíse seachtrach ar feadh ré an chonartha seachfhoinsithe idir na heintitis faoi oibleagáid agus na gníomhairí nó na soláthraithe seirbhíse seachtracha. Freagróidh an t-údarás maoirseachta um chosaint sonraí go tráthúil agus tráth nach déanaí ná dhá mhí. Mura dtugtar aon fhreagra laistigh den teorainn ama sin, measfar gur deonaíodh rochtain.**

**Déanfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar an gclár lárnach rochtain ar an gclár a**

*chur ar fionraí d'eintitis nó do ghníomhairí nó do sholáthraithe seirbhíse seachtracha a ndéantar cúraimí a sheachfhoinsiú chucu, i gcás [an baol go dtarlódh mainneachtain thromchúiseach na cuspóirí dár deonaíodh rochtain a chomhlíonadh] agus nó a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh]. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis riaracháin nó bhreithiúnacha ábhartha fionraí den sórt sin a athbhreithniú.'*

**Leasú 163**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 11 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Faoin [3 mhí ó dháta thrasuí na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi liosta na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí féinrialála agus na gcatagóirí eintiteas faoi oibleagáid ar deonaíodh rochtain dóibh ar na cláir agus faoin gcineál faisnéise atá le fáil ag eintitis faoi oibleagáid, **chomh maith leis an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhíúil ar féidir don phobal rochtain a fháil uirthi de bhun Airteagal 12. Fógraí den sórt sin arna dtabhairt ag na Ballstáit, tabharfaidh na Ballstáit cothrom le dáta iad aon uair a dhéanfar athrú** ar liosta na n-údarás inniúil nó na gcatagóirí eintiteas faoi oibleagáid **nó ar mhéid na rochtana a dheonaítear d'eintitis faoi oibleagáid nó don phobal**. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an rochtain atá ag údaráis inniúla agus ag eintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear aon athrú uirthi, a chur ar fáil do na Ballstáit eile.

**Leasú 164**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – teideal**

*Leasú*

4. Faoin [3 mhí ó dháta thrasuí na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi liosta na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí féinrialála agus na gcatagóirí eintiteas faoi oibleagáid ar deonaíodh rochtain dóibh ar na cláir agus faoin gcineál faisnéise atá le fáil ag eintitis faoi oibleagáid. **Tabharfaidh na Ballstáit fógra den sórt sin cothrom le dáta nuair a bheidh athruithe** ar liosta na n-údarás inniúil nó **ar liosta** na gcatagóirí eintiteas faoi oibleagáid. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an rochtain atá ag údaráis inniúla agus ag eintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear aon athrú uirthi, a chur ar fáil do na Ballstáit eile **agus ÚFA**.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Rialacha sonracha maidir **leis an rochtain a bheidh ag an bpobal ar na cláir** úinéireachta tairbhiúla

Rialacha sonracha maidir **le rochtain ar chláir** úinéireachta tairbhiúla **do na daoine a bhfuil leas dlisteanach acu**

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag aon duine **den phobal i gcoitinne ar an bhfaisnéis seo a leanas a bheidh ar coimeád sna cláir lárnacha idirnasctha dá dtagraítear in Airteagal 10:**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain **sna cláir lárnacha dá dtagraítear in Airteagal 10, lena n-áirítear na cláir lárnacha idirnasctha**, ag aon duine **nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla:**

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) i gcás eintitis dhlíthiúla, **an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad – an t-ainm, an mhí agus an bhliain** bhreithe agus tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara tairbhiúil **maille le** cineál agus méid an leasa tairbhiúil **atá ar teachtadh;**

(a) i gcás eintitis **chorparáideacha, eintitis** dhlíthiúla **nó socrúithe dlíthiúla, ainm, mí** agus **bliain** bhreithe, tír chónaithe agus náisiúntacht an úinéara tairbhiúil, cineál agus méid an leasa tairbhiúil **a shealbhaítear, an dáta ar tháinig an t-úinéir tairbhiúil chun bheith ina úinéir tairbhiúil, sonraí maidir leis na húinéirí tairbhiúla roimhe seo, agus sonraí teagmhála an eintitis chorparáidigh, an eintitis dhlíthiúil, an iontaobhais shainráite nó comhshocrúithe dlíthiúla comhchosúla, nó sonraí teagmhála an iontaobhaí nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach.**

**Leasú 167**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i gcás *iontaobhais shainráite nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla – an t-ainm, an mhí agus an bhliain* bhreithe agus tír chónaithe agus náisiúntacht an *úinéara thairbhiúil maille le cineál agus méid an leasa thairbhiúil atá ar teachtadh, ar choinníoll gur féidir leas dlisteanach a léiriú.*

**Leasú 168**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. *Beidh de rogha ag na Ballstáit faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ata ar coimeád ina gclár lárnaigh a chur ar fáil don phobal ar choinníoll go ndéanfar fíordheimhniú trí bhíthin modhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe ábhartha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar choinníoll go n-íocfar táille, nach rachaidh os cionn an chostais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil, lena n-áirítear costas na cothabhála agus na bhforbairtí ar an gclár.*

*Leasú*

(b) i gcás *nár sainithníodh aon úinéir tairbhiúil, an bonn cirt a tugadh nach ann d'aon úinéir tairbhiúil nó nach féidir an t-úinéir tairbhiúil a shainaitheint, agus ainm, mí agus bliain* bhreithe, tír chónaithe agus náisiúntacht an *duine nádúrtha nó na ndaoine nádúrtha ag a bhfuil post mar oifigeach sinsearach bainistíochta nó mar oifigigh shinsearacha bainistíochta san eintiteas corparáideach nó san eintiteas dlíthiúil, dá dtagraítear in Airteagal 10(3)(b).*

*Leasú*

2. *Measfar go bhfuil leas dlisteanach ag daoine a bhaineann le haon cheann de na grúpaí seo a leanas, ar a laghad, maidir le rochtain a fháil ar an bhfaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla dá dtagraítear i mír 1:*

(a) *daoine a ghníomhaíonn chun críche iriseoireachta, tuairiscithe nó aon chineál eile cur in iúl sna meáin a bhaineann le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc nó a chomhrac, nó a bheartaíonn*

*gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh a bhaineann le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc nó a chomhrac;*

*(b) eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil baint acu le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, nó a bhfuil sé ar intinn acu gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac;*

*(c) institiúidí ardoideachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 19, de Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>, a dhéanann, nó a bheartaíonn gníomhaíochtaí a dhéanamh, a bhaineann le sciúradh airgid, nó a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac;*

*(d) daoine ar dóigh dóibh idirbhearta nó caidrimh ghnó a dhéanamh le heintiteas corparáideach, le heintiteas dlítheanach nó le socrúithe dlíthiúla;*

*(e) daoine ar dóigh dóibh cúram a dhéanamh nó dul i mbun caidreamh gnó lena gceanglaítear orthu a mheas an bhfuil eintiteas corparáideach, eintiteas dlíthiúil nó comhshocrúithe dlíthiúla, nó a úinéir tairbhíúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe;*

*(f) institiúidí airgeadais, gníomhairí seachtracha agus soláthraithe seirbhíse agus údaráis a mhéid a bhaineann siad le sciúradh airgid, nó a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc nó a chomhrac, agus nach bhfuil an rochtain sin acu cheana de bhun Airteagal 11.*

---

Rialachán (AE) *Uimh. 910/2014* ó  
Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

<sup>1a</sup> Rialachán (AE) *2021/817* ó Pharlaimint  
na hEorpa agus ón gComhairle an *20*



an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

**Leasú 169**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. *Airitheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhaineann leis na catagóirí a leagtar amach i mír 2 ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 tar éis do na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha measúnú a dhéanamh, agus déanfar an measúnú sin ina aonar ar bhonn dearbhú onóra agus cruthúnas aitheantais arna thíolacadh do na húdaráis sin. Mura mbeidh aon chinneadh maidir le rochtain curtha in iúl i scríbhinn don duine a bhfuil iarratas ar rochtain á dhéanamh aige laistigh de dheich lá ón dáta ar cuireadh isteach an dearbhú onóra agus an cruthúnas aitheantais, measfar gur deonaíodh rochtain agus tabharfar go huathoibríoch í.***

***Maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a mhaíonn leas dlisteanach bunaithe ar fhorais nach mbaineann le ceann de na catagóirí a leagtar amach i mír 2, deonófar rochtain ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 tar éis do na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha measúnú a dhéanamh an gcomhlíontar an ceanglas maidir le leas dlisteanach a bheith ann. Déanfar an measúnú sin de réir an cháis, agus na forais arna soláthar san iarraidh ar rochtain agus sna doiciméid tacaíochta á gcur san áireamh. Déanfaidh na húdaráis sin cinneadh rochtain a dheonú nó a dhiúltú go***

*tráthúil agus in aon chás laistigh d'aon mhí amháin tar éis an iarraidh ar rochtain a thíolacadh.*

**Leasú 170**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2b. Maidir le cinneadh lena ndeonaítear rochtain dá dtagraítear i mír 2a, an chéad fhomhír, lena n-áirítear cinneadh a dhéanfar go huathoibríoch deich lá tar éis dearbhú onóra agus cruthúnas aitheantais a chur isteach, beidh sé bailí ar feadh tréimhse 2.5 bliain ar a laghad. Aithneofar cinneadh den sórt sin mar chruthúnas go bhfuil leas dlísteanach aige i ngach Ballstát agus, dá bhrí sin, tabharfar rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar feadh na tréimhse céanna sna Ballstáit uile.**

**Leasú 171**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2c. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh rochtain ar fhaisnéis a dheonaítear faoi mhír 2a a athnuachan go huathoibríoch. Tabharfaidh duine nádúrtha agus dlítheanach ar deonaíodh rochtain den sórt sin dó fógra do na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha maidir le haon athrú a dhéanfaidh difear dá gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.**

**Leasú 172**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 d (nua)**

**2d. I gcás mí-úsáid chruthaithe nó dhoiciméadaithe nó imeachtaí breithiúnacha leanúnacha a bhaineann le húsáid neamhdhleathach a gcóras ag duine ar deonáíodh rochtain dó faoi mhír 2a, féadfaidh na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha in aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann rochtain an duine sin ar a gcláir féin a chur ar fionraí nó a chúlghairm láithreach, féadfaidh siad fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla sna Ballstáit eile lena mbaineann agus iarraidh ar rochtain a chur ar fionraí chuig an údarás a dheonaigh an ceart rochtana. Tabharfaidh an t-údarás inniúil iarrthach údar cuí le haon fhógra nó le haon iarraidh ar fhionraí i bhfianaise imeachtaí breithiúnacha leanúnacha. Cuirfear cúlghairm nó fionraí in iúl i scríbhinn don duine dá ndéantar difear, tríd an mbealach cumarsáide a úsáidtear le haghaidh na n-aighneachtaí dá dtagraítear i mír 1d, go tráthúil agus tráth nach déanaí ná deich lá ón gcinneadh chun cúlghairm nó fionraí a dhéanamh. Déanfaidh na Ballstáit foráil do leigheasanna dlí iomchuí i gcás ina ndéanfar rochtain a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus cuirfidh siad in iúl don duine dá ndéantar difear iad.**

**Leasú 173  
Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 2 e (nua)**

**2e. Déanfaidh na Ballstáit foráil do bhearta iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás dearbhú onóra bréagach arna chur faoi bhráid na n-údarás atá i gceannas ar na cláir lárnacha chun rochtain a fháil ar na cláir dá dtagraítear**

*i mír 1.*

**Leasú 174**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 f (nua))**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2f. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun foirm iarrata choiteann agus teimpléad coiteann don dearbhú onóra dá dtagraítear i mír 2a a eisiúint maidir le cáilíochtaí gairmiúla, taithí ghairmiúil, gníomhaíocht phoiblí, ballraíocht in aon chomhlachas gairmiúil ábhartha nó comhlacht comhchosúil, nó aon doiciméadacht bhailí eile lenar féidir a fhíorú go mbaineann duine nádúrtha nó dlítheanach leis na catagóirí a leagtar amach i mír 2 chomh maith le cruthúnas aitheantais amhail doiciméid taistil nó aitheantais, sonraí aitheantais an duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>, nó aon doiciméadacht bhailí eile lenar féidir an duine nádúrtha nó dlítheanach a iarrann rochtain a shainaithint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).**

**Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun formáid choiteann an chinnidh dá dtagraítear i mír 2a a shonrú, d'fhonn aitheantas frithpháirteach na gcinntí sin ó na cláir lárnacha i mBallstáit eile dá dtagraítear i mír 2b a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).**

---

<sup>1a</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó

*Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le  
ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí  
iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart  
sa mhargadh inmheánach agus lena n-  
aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO  
L 257, 28.8.2014, lch. 73).*

**Leasú 175**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 g (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2g.** *Ní úsáidfeair an fhaisnéis a leagtar amach i mír 1, pointe (a), go díreach nó go hindíreach, chun críocha margaióchta nó tráchtála, ach amháin i gcás ina mbaineann na críocha sin go díreach leis na cúiseanna ar cinneadh gurb ann do leas dlisteanach maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla. Déanfaidh na Ballstáit rochtain ar an bhfaisnéis sin a chur faoi réir ráiteas sínithe chuige sin.*

**Leasú 176**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 h (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2h.** *Féadfaidh na Ballstáit a roghnú faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil arna sealbhú ina gcláir lárnacha a chur ar fáil ar an gcoinníoll go ndéanfar fiordheimhniú trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí ábhartha iontaoibhe a úsáid mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (2) agus (16), faoi seach, de Rialachán (AE) 910/2014 agus táille a íoc nach rachaidh thar na costais dhíreacha a bhaineann leis an bhfaisnéis a chur ar fáil. I gcás ina soláthrófar an rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ar líne nó i*

*bhfoirm leictreonach, ní éileoidh na Ballstáit go n-íocfar aon táille.*

**Leasú 177**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 2 i (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2i. Ní dhéanfaidh na Ballstáit srianta dlíthiúla nó praiticiúla ar rochtain ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur ar bhonn bhunaíocht gheografach nó shuíomh, stádas dlíthiúil nó eagraíochtúil nó náisiúntacht an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a iarrann rochtain, nó ar bhonn na modhanna nó na gcoinníollacha fiordheimhnihte.**

**Leasú 178**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 – mír 12 j (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2j. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha taifead nuair a dhéanann duine rochtain ar an gclár. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na húdaráis atá i gceannas ar na cláir lárnacha faireachán ar aon taifead maidir leis an bhfaisnéis shonrach sa chlár atá á cheadú ag daoine ar deonaíodh rochtain dóibh faoi mhír 2a, ná nach gcoinneoidh siad an taifead sin.**

**Leasú 179**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 12a***

**Cuardaigh i gClár Úinéireachta  
Tairbhiúla**

**1. Feidhmeoidh an tArdán Lárnach Eorpach mar sheirbhís cuardaigh lárnach a chuireann an fhaisnéis go léir a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil ar fáil.**

**2. Beidh údaráis inniúla, ÚFA, comhlachtaí féinrialála agus eintitis faoi oibleagáid in ann cuardaigh a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil mar a leagtar amach in Airteagal 11 tríd an Ardán Lárnach Eorpach. Beidh daoine a bhfuil leas dlisteanach acu de bhun Airteagal 12 in ann cuardach a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil mar a leagtar amach in Airteagal 12 tríd an Ardán Lárnach Eorpach.**

**3. Beidh na critéir chomhchuibhithe chuardaigh seo a leanas inúsáidte do chuardaigh dá dtagraítear i mír 2:**

**(a) maidir le cuideachtaí nó eintitis dhlíthiúla eile, iontaobhais nó socrúithe comhchosúla de rogha air sin:**

**(i) ainm an eintitis dhlíthiúil, iontaobhais nó socrúithe comhchosúla;**

**(ii) an chlárúimhir náisiúnta.**

**(b) maidir le daoine mar úinéirí tairbhiúla de rogha air sin:**

**(i) céadainm agus sloinne an úinéara thairbhiúil;**

**(ii) mí agus bliain bhreithe an úinéara thairbhiúil;**

**(c) maidir le scairsealbhóirí ainmnitheacha agus ainmní stiúrthóirí céadainm agus sloinne an scairsealbhóra ainmnitheach agus an stiúrthóra ainmnitheach;**

**Féadfaidh na Ballstáit critéir chuardaigh bhreise a chur ar fáil sa bhreis ar na critéir a leagtar amach sa chéad fhomhír.**



3. *Ceadóidh an tArdán Lárnach Eorpach tuairisciú ar neamhréireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(5).*

**Leasú 180**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

In imthosca eisceachtúla a bhfuiltear lena leagan síos sa dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh an rochtain dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus in Airteagal 12(1) an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do riosca díreireach calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaireachta, foréigin nó imeaglaithe, ***nó más rud é go bhfuil an t-úinéir tairbhiúil ina mhionaoiseach nó go bhfuil sé éagumasach ar shlí eile ó thaobh an dlí, féadfaidh siad*** foráil a ***dhéanamh*** maidir le díolúine ón rochtain sin ar an bhfaisnéis phearsanta go léir maidir leis an úinéir tairbhiúil, nó ar chuid den fhaisnéis sin, ar bhonn cás ar chás. Áiritheoidh na Ballstáit gur ar bhonn meastóireachta mionsonraithe ar chineál eisceachtúil na gcúinsí a dheonófar na díolúintí sin. An ceart chun athbhreithniú riaracháin ar an gcinneadh lena ndeonaítear díolúine agus an ceart chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh, déanfar iad a ráthú. Ballstát a rinne díolúintí a dheonú, foilseoidh sé sonraí staitistiúla bliantúla maidir le líon na ndíolúintí a deonaíodh agus na cúiseanna a luadh agus tuairisceoidh sé na sonraí sin don Choimisiún.

**Leasú 181**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Caibidil II – Roinn 2 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faisnéis ***maidir le cuntais*** bainc

*Leasú*

In imthosca eisceachtúla a bhfuiltear lena leagan síos sa dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh an rochtain dá dtagraítear in Airteagal 11(3) agus in Airteagal 12(1) an t-úinéir tairbhiúil a nochtadh do riosca díreireach calaoise, fuadaigh, dúmháil, sracaireachta, foréigin nó imeaglaithe, ***déanfaidh na Ballstáit*** foráil maidir le díolúine ón rochtain sin ar an bhfaisnéis phearsanta go léir maidir leis an úinéir tairbhiúil, nó ar chuid den fhaisnéis sin, ar bhonn cás ar chás. Áiritheoidh na Ballstáit gur ar bhonn meastóireachta mionsonraithe ar chineál eisceachtúil na gcúinsí a dheonófar na díolúintí sin. An ceart chun athbhreithniú riaracháin ar an gcinneadh lena ndeonaítear díolúine agus an ceart chun leighis bhreithiúnaigh éifeachtaigh, déanfar iad a ráthú. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar athbhreithniú ar dhíolúintí a dheonaítear gach dhá bhliain.*** Ballstát a rinne díolúintí a dheonú, foilseoidh sé sonraí staitistiúla bliantúla maidir le líon na ndíolúintí a deonaíodh agus na cúiseanna a luadh agus tuairisceoidh sé na sonraí sin don Choimisiún.

*Leasú*

Faisnéis ***faoi chuntas*** bainc ***agus faisnéis***

*faoi thiachóg criptea-shócmhainní  
coimeádta*

**Leasú 182**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cláir cuntas bainc agus córais  
leictreonacha aisghabhála sonraí

*Leasú*

Cláir cuntas bainc agus *tiachóg criptea-  
shócmhainní coimeádta agus* córais  
leictreonacha aisghabhála sonraí

**Leasú 183**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cuirfidh na Ballstáit sásraí uathoibríthe láraithe ar bun, amhail cláir lárnaacha nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí lárnaacha, lena bhféadfar aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha a shainaitheint a bhfuil cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc acu, nó á rialú acu, a shainaitheintear trí bhíthin IBAN, mar a shainítear le Rialachán (AE) Uimh. 60/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**, agus taisceadáin **a shainaitheint** atá i seilbh institiúid chreidmheasa laistigh dá geríoch.

---

Rialachán (AE) Uimh. **60/2012** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. **24/2009** (IO **L 4**, 30.3.2012, lch. 2).

*Leasú*

1. Cuirfidh na Ballstáit sásraí uathoibríthe láraithe ar bun, amhail cláir lárnaacha nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí lárnaacha, lena bhféadfar aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha a shainaitheint a bhfuil cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc acu, nó á rialú acu, a shainaitheintear trí bhíthin IBAN, mar a shainítear le Rialachán (AE) Uimh. 60/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>47</sup>, **lena n-áirítear cuntais fhíorúla IBAN, cuntais urrús** agus taisceadáin atá i seilbh institiúid chreidmheasa **nó airgeadais** laistigh dá geríoch, **agus tiachóga criptea-shócmhainní coimeádta a shainaitheint.**

---

<sup>47</sup> Rialachán (AE) Uimh. **260/2012** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. **924/2009** (IO **L 94**, 30.3.2012, lch. 22).

**Leasú 184**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú, i dtaca leis an bhfaisnéis a bheidh ar coimeád sna sásraí lárnacha dá dtagraítear i mír den Airteagal seo, go mbeidh an fhaisnéis sin inrochtana ag na AFAnna náisiúnta go díreach agus ar bhealach láithreach agus neamhscagtha. Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla náisiúnta freisin ar an bhfaisnéis, chun a n-oibleagáidí faoin Treoir seo **a chomhlíonadh**.

**Leasú 185**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) maidir leis an sealbhóir cuntais custaiméara agus aon duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú leis na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid] nó le huimhir shainaitheantais uathúil;

**Leasú 186**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) maidir leis an úinéir tairbhiúil an tsealbhóra cuntais custaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú leis na sonraí

*Leasú*

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú, i dtaca leis an bhfaisnéis a bheidh ar coimeád sna sásraí lárnacha dá dtagraítear i mír den Airteagal seo, go mbeidh an fhaisnéis sin inrochtana ag na AFAnna **agus ÚFA** náisiúnta go díreach agus ar bhealach láithreach agus neamhscagtha. Beidh rochtain **thráthúil** ag na húdaráis inniúla náisiúnta freisin ar an bhfaisnéis, chun a n-oibleagáidí **a chomhlíonadh** faoin Treoir seo **agus faoi Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239(COD)]**.

*Leasú*

(a) maidir leis an sealbhóir cuntais custaiméara agus **cuntais urrúis** aon duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú leis na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid] nó le huimhir shainaitheantais uathúil

sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid] nó le huimhir shainaitheantais uathúil;

sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid] nó le huimhir shainaitheantais uathúil;

**Leasú 187**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) maidir leis an gcuntais bainc nó leis an gcuntas íocaíochta: an uimhir IBAN agus dáta oscailte agus dúnta an chuntais;

*Leasú*

(c) maidir leis an gcuntais bainc nó leis an gcuntas íocaíochta: an uimhir IBAN, **nó uimhir aitheantais choibhéiseach**, agus dáta oscailte agus dúnta an chuntais, **i gcás inarb infheidhme**;

**Leasú 188**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 189**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) maidir leis an sealbhóir tiachóg criptea-shócmhainní coimeádta agus aon duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, in éineacht leis na sonraí céannachta eile a éilítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán AMLR - 2021/0239 (COD)] nó uimhir aitheantais uathúil;**

**(db) maidir leis an úinéir tairbhiúil an tsealbhóra tiachóg criptea-shócmhainní coimeádta: an t-ainm, in éineacht leis na sonraí céannachta eile a éilítear faoi Airteagal 18(1) de Rialachán ... [cuir**

**Leasú 190**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Féadfaidh na Ballstáit a chur de cheangal, i dtaca le faisnéis eile a mheastar a bheith bunriachtanach do AFAnna agus **d'**údaráis inniúla eile chun a n-oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, go mbeidh an fhaisnéis sin inrochtana agus inchuardaithe trí bhíthin na sásraí lárnacha.

**Leasú 191**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír ar fáil tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe. Déanfaidh na Ballstáit bearta leormhaithe a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfear ar fáil, trína gcláir náisiúnta agus tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe dá dtagraítear sa mhír seo, ach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír agus an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus í comhfhreagrach don fhaisnéis cuntais bainc iarbhír. Tabharfar an rochtain ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí.

*Leasú*

4. Féadfaidh na Ballstáit a chur de cheangal, i dtaca le faisnéis eile a mheastar a bheith bunriachtanach do AFAnna, **ÚFA** agus údaráis inniúla eile chun a n-oibleagáidí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, go mbeidh an fhaisnéis sin inrochtana agus inchuardaithe trí bhíthin na sásraí lárnacha.

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír ar fáil tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe. Déanfaidh na Ballstáit bearta leormhaithe a ghlacadh chun a áirithiú nach gcuirfear ar fáil, trína gcláir náisiúnta agus tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe dá dtagraítear sa mhír seo, ach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír agus an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus í comhfhreagrach don fhaisnéis cuntais bainc iarbhír, **cuntas urrúis nó tiachóg criptea-shócmhainní coimeádta. Déanfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis maidir le sealbhóirí cuntas custaiméara iata, sealbhóirí cuntas bainc nó íocaíochta, tiachóga coimeádta criptea-shócmhainní agus taisceadáin a chur ar fáil trína sásraí uathoibríthe**

*láraithe náisiúnta agus tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnascaidh na sásraí uathoibríthe láraithe ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dhúnadh an chuntais nó an tiachóige. Gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, féadfaidh na Ballstáit coinneáil faisnéise nó doiciméad den sórt sin a cheadú nó a cheangal i gcásanna nithiúla ar feadh tréimhse bhreise chúig bliana ar a mhéad, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála tuilleadh den sórt sin chun sciúradh amhrasta airgid nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Tabharfar an rochtain ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí.*

**Leasú 192**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Tabharfar rochtain láithreach agus neamhscagtha do AFAnna náisiúnta ar an bhfaisnéis maidir le cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc agus taisceadáin i mBallstáit eile a bheidh ar fáil tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe. Comhoibreoidh na Ballstáit eatarthu féin agus leis an gCoimisiún chun an mhír seo a chur chun feidhme.

*Leasú*

7. Tabharfar rochtain láithreach agus neamhscagtha do AFAnna **agus ÚFA** náisiúnta ar an bhfaisnéis maidir le cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc agus taisceadáin **dá dtagraítear san Airteagal seo** i mBallstáit eile a bheidh ar fáil tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe. **Tabharfar rochtain go tráthúil do na húdaráis inniúla náisiúnta ar an bhfaisnéis maidir le cuntais íocaíochta agus cuntais bhainc agus taisceadáin dá dtagraítear san Airteagal seo i mBallstáit eile a bheidh ar fáil tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe.** Comhoibreoidh na Ballstáit eatarthu féin agus leis an gCoimisiún chun an mhír seo a chur chun feidhme.

**Leasú 193**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 7 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh foirne na AFAnna náisiúnta ardchaighdeáin ghairmiúla ar bun maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu.

**Leasú 194**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 14 – mír 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil na sonraí a áirithiú de réir ardchaighdeáin theicneolaíocha chun críocha AFAnna an chumhacht a fheidhmiú chun an fhaisnéis atá ar fáil a rochtain agus a chuardach tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe i gcomhréir le míreanna 5 agus 6.

**Leasú 195**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) na módúlachtaí teicniúla lena gcuirfear chun feidhme na cineálacha éagsúla rochtana ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12 den Treoir seo, lena n-áirítear fiordheimhniú úsáideoirí trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe ábhartha a úsáid mar a

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh foirne na AFAnna náisiúnta **agus na húdaráis inniúla atá i dteideal rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcéad fómhír**, ardchaighdeáin ghairmiúla ar bun maidir le rúndacht agus le cosaint sonraí, go mbeidh ardleibhéal ionracais acu agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu.

*Leasú*

8. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil na sonraí a áirithiú de réir ardchaighdeáin theicneolaíocha chun críocha AFAnna **agus ÚFA** an chumhacht a fheidhmiú chun an fhaisnéis atá ar fáil a rochtain agus a chuardach tríd an bpointe rochtana aonair lena n-idirnasctar na sásraí uathoibríthe láraithe i gcomhréir le míreanna 5 agus 6.

*Leasú*

(e) na módúlachtaí teicniúla lena gcuirfear chun feidhme na cineálacha éagsúla rochtana ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12 den Treoir seo, lena n-áirítear fiordheimhniú úsáideoirí trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe ábhartha a úsáid mar a



leagtar amach i Rialachán (AE) 910/2014;

leagtar amach i Rialachán (AE) 910/2014,  
*ar bhealach lena n-áiríteofar nach  
mbeidh aon srian geografach ná aon  
srian eile lena gcuirtear cosc ar rochtain  
ar dhaoine a dtugtar rochtain dóibh faoi  
Airteagal 12;*

**Leasú 196**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(f) na modúlachtaí íocaíochta i gcás a  
bhfuil rochtain ar fhaisnéis maidir le  
húinéireacht thairbhiúil faoi réir táille a  
íoc de réir Airteagal 12(2) agus na  
háiseanna íocaíochta atá ar fáil, amhail  
idirbhearta cianíocaíochta, ú gcur san  
áireamh.*

*scriosta*

**Leasú 197**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Caibidil II – Roinn 3 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cláir réadmhaoine*

*Rochtain ag údaráis inniúla ar fhaisnéis  
maidir le talamh agus réadmhaoin agus le  
hearraí áirithe*

**Leasú 198**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 16 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cláir réadmhaoine*

*Rochtain ar fhaisnéis maidir le talamh  
agus le réadmhaoin*

**Leasú 199**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 16 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

1. Tabharfaidh na Ballstáit rochtain **do AFAnna agus** d'údaráis inniúla ar fhaisnéis a fhágann gur féidir aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil réadmhaoín **faoín** n-úinéireacht a shainaithint go tráthúil, lena n-áirítear rochtain trí chláir nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí i gcás ina bhfuil fáil **ar chláir nó ar chórais den sórt sin**. Beidh rochtain ag na húdaráis inniúla freisin ar fhaisnéis a fhágann gur féidir idirbhearta a bhaineann le **heastát réadach** a shainaithint agus a anailísiú, lena n-áirítear a luach eacnamaíoch agus mionsonraí faoi na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, an bhfuil réadmhaoín i seilbh an duine nádúrtha nó **dlítheanach** thar ceann socrú dlíthiúil, nó an ndíolann nó an bhfaigheann sé réadmhaoín thar ceann socrú dlíthiúil.

1. Tabharfaidh na Ballstáit rochtain d'údaráis inniúla, **trí phointe rochtana aonair i ngach Ballstát**, ar fhaisnéis a fhágann gur féidir aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil **talamh nó** réadmhaoín **faoína** n-úinéireacht a shainaithint go tráthúil, lena n-áirítear rochtain trí chláir nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí. **Deonófar rochtain trí chláir phoiblí nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí, ar choinníoll gur féidir idir-inoibritheacht a áirithiú**. I gcás ina bhfuil **an talamh nó an réadmhaoín faoi úinéireacht duine nó comhshocraíochta dlítheanaí, beidh an fhaisnéis faoin úinéir tairbhiúil ar fáil go díreach sa chlár nó córas aisghabhála, nó sa chlár úinéireachta tairbhiúla in Airteagal 10, lena n-áirítear sa chás gur eintiteas nó comhshocrú dlíthiúil eachtrach é an duine dlítheanach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 48 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)] i ndlinsí eile; Beidh rochtain **thráthúil** ag na húdaráis inniúla **seachas AFAnna** freisin ar fhaisnéis a fhágann gur féidir idirbhearta a bhaineann le **talamh nó réadmhaoín** a shainaithint agus a anailísiú, lena n-áirítear a luach eacnamaíoch, **foinse na gcistí** agus **na** mionsonraí faoi na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, an bhfuil réadmhaoín i seilbh an duine nádúrtha nó **dhlítheanaigh** thar ceann socrú dlíthiúil, nó an ndíolann nó an bhfaigheann sé **talamh nó** réadmhaoín thar ceann socrú dlíthiúil.**

Leasú 200  
Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Deonófar rochtain dhíreach agus ***láithreach*** do AFAnna ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

*Leasú*

Deonófar rochtain dhíreach, ***láithreach, shaor*** agus ***gan srian*** do AFAnna agus ***ÚFA*** ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

**Leasú 201**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2a. Faoin ... [trí bliana tar éis dháta thrasúí na Treorach seo], úirítheoidh na Ballstáit go gcoinneofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i gclár nó i gcóras aisghabhála sonraí leictreonacha i bhformáid atá inléite ag meaisín. Féadfar an fhaisnéis sin a bhailiú trí úsáid a bhaint as córais náisiúnta.***

**Leasú 202**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 16 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 16a***

***Gníomh cur chun feidhme maidir le hidirnascaidh talún agus pointe rochtana aonair eastáit réadaigh***

- 1. Déanfar pointí rochtana aonair na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a idirnascaidh tríd an bpointe rochtana aonair sonraí don eastát réadach Eorpach (E-RED) atá le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún faoin ... [ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].***
- 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur***

*chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla agus na nósanna imeachta is gá a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le hidirnascadh phointe rochtana aonair na mBallstát trí E-RED i gcomhréir le hAirteagal 16 maidir leis an méid seo a leanas:*

*(a) na sonraí teicniúla is gá chun go gcomhlíonfaidh córas E-RED a fheidhmeanna agus modh stórála, úsáide agus cosanta na sonraí teicniúla sin;*

*(b) na critéir chomhchoiteanna ar dá réir a bheidh faisnéis talún agus faisnéise eastáit réadaigh ar fáil trí chóras idirnascadh na gclár agus na gcóras aisghabhála;*

*(c) na mionsonraí teicniúla maidir leis an gcaoi a gcuirfear an fhaisnéis faoi thalamh agus faoi eastát réadach ar fáil;*

*(d) na coinníollacha teicniúla a bhaineann le hinfhaighteacht seirbhísí a chuirfear ar fáil le córas idirnasctha na gclár agus na gcóras aisghabhála;*

*Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54(2).*

*3. Agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh teicneolaíocht chruthaithe agus cleachtais atá ann cheana. Áiritheoidh an Coimisiún, i dtaca leis an gcóras is gá a bhfuiltear lena fhorbairt don idirnascadh, nach dtabhóidh forbairt an phointe aonair sin costais os cionn an mhéid atá sár-riachtanach chun forálacha na Treorach seo a chur chun feidhme.*

**Leasú 203**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Caibidil II - Roinn 3 a (nua) - teideal (nua)**

**Roinn 3a**

**Rochtain ag údaráis inniúla ar fhaisnéis maidir le hearraí áirithe**

**Leasú 204**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 16 b (nua)**

**Airteagal 16b**

***Rochtain ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil mótarfheithiclí, aerárthaí agus árthaí uisce***

**1. Tabharfaidh na Ballstáit rochtain thráthúil do na húdaráis inniúla ar fhaisnéis lenar féidir aon duine nádúrtha nó úinéir tairbhiúil aon duine dhlítheanaigh ar leis mótarfheithiclí, aerárthaí nó árthaí uisce ar mó a luach measta ná EUR 200 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta a shaináithint.**

**2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil d'údaráis inniúla, trí chláir nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí, i gcás ina mbeidh cláir nó córais den sórt sin ar fáil, nó trí chórais eile a mheastar a bheith éifeachtúil, agus áiritheoidh siad freisin go bhfuil na sonraí ar fáil i bhformáid atá inléite ag meaisín agus atá idir-inoibritheach.**

**Tabharfar rochtain dhíreach láithreach do AFAnna agus ÚFA ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chun sciúradh airgid, aon cheann dá chionta preideacáide bainteacha nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.**

**3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina luafar nó ina meastar luach mótarfheithiclí, aerárthaí nó árthaí uisce**

*os cionn EUR 2 000 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta, go mbeidh faisnéis a leagtar amach sa chonradh ceannaigh nó cruthúnas eile ar idirbheart, lena n-áirítear ar a laghad sainaitheint na bpáirtithe uile a bhfuil baint acu leis an idirbheart, na modhanna íocaíochta agus foinse na gcistí, san áireamh agus ar fáil mar chuid den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus go bhféadfar í a sholáthar d'údaráis inniúla agus do ÚFA gan mhoill, arna iarraidh sin le córais aisghabhála, nó le córais eile arna soláthar ag na Ballstáit faoi mhír 2.*

*4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil mótarfheithiclí, aerárthaí nó árthaí uisce faoi úinéireacht duine nó comhshocráíochta dlítheanaí, go mbeidh faisnéis faoin úinéir tairbhiúil ar fáil go díreach sna cláir nó sna córais dá dtagraítear i mír 2, nó sa chlár úinéireachta tairbhiúla faoi Airteagal 10, lena n-áirítear sa chás gur eintiteas nó comhshocrú dlíthiúil eachtrach é an duine dlítheanach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 48 den Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Sciúradh Airgid] ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)] i ndlinsí eile;*

*5. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit liosta de na húdaráis inniúla don Choimisiún, ar údaráis iad dár deonaíodh rochtain ar na cláir nó ar na córais dá dtagraítear i mír 2 agus faoin gcineál faisnéise atá ar fáil dóibh. Déanfaidh na Ballstáit an liosta a chuirtear ar fáil don Choimisiún a thabhairt cothrom le dáta nuair a thiocfaidh athruithe ar na húdaráis inniúla dá ndeonaítear rochtain nó ar an gcineál faisnéise atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin, lena n-áirítear aon athrú uirthi, a chur ar fáil do na Ballstáit eile.*

***Airteagal 16c***

***Rochtain ar fhaisnéis maidir le hearraí i saorlimistéir***

- 1. Tabharfaidh na Ballstáit rochtain do na húdaráis inniúla trí phointe rochtana aonair i ngach Ballstát ar fhaisnéis lenar féidir aon duine nádúrtha, dlítheanach nó comhshocrú dlíthiúil ar leis aon earra inchorraíthe inláimhsithe a stóráiltear, a thrádaíltear nó atá ar idirthuras i saorchrios nó stóras custaim san Aontas a shainaithint go tráthúil, trí chlár nó trí chórais leictreonacha aisghabhála sonraí, ar choinníoll gur féidir idir-inoibritheacht a áirithiú. I gcás ina bhfuil na hearraí sin faoi úinéireacht duine nó comhshocraíochta dlítheanaí, beidh faisnéis faoin úinéir tairbhiúil ar fáil go díreach sna cláir nó córais aisghabhála, nó sa chlár úinéireachta tairbhiúla in Airteagal 10, lena n-áirítear sa chás gur eintiteas nó comhshocrú dlíthiúil eachtrach é an duine dlítheanach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 48 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)].***
- 2. Faoin ... [3 bliana tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i gclár nó i gcóras leictreonach aisghabhála sonraí i bhformáid atá inléite ag meaisín. Féadfar an fhaisnéis sin a bhailiú trí úsáid a bhaint as córais náisiúnta.***
- 3. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit liosta de na húdaráis inniúla don Choimisiún, ar údaráis iad dár deonaíodh rochtain ar na cláir nó ar na córais dá dtagraítear i mír 1 agus faoin***



*gcineál faisnéise atá ar fáil dóibh. Déanfaidh na Ballstáit an liosta a chuirtear ar fáil don Choimisiún a thabhairt cothrom le dáta nuair a thiocfaidh athruithe ar na húdaráis inniúla dá ndeonaítear rochtain nó ar an gcineál faisnéise atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin, lena n-áirítear aon athrú uirthi, a chur ar fáil do na Ballstáit eile.*

*4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 inrochtana go díreach ar bhealach láithreach agus neamhscagtha do AFAnna náisiúnta agus ÚFA chun sciúradh airgid, aon cheann dá chionta preideacáide bainteacha nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Beidh rochtain thráthúil ag na húdaráis inniúla náisiúnta freisin ar an bhfaisnéis, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir seo agus faoi Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - 2021/0239 (COD)].*

*5. Faoin ... [bliain amháin tar éis dháta thrasuí na Treorach seo] déanfar pointí rochtana aonair na mBallstát dá dtagraítear i mír 1 a idirnascadh trí phointe rochtana aonair faisnéise earraí an tsaorlimistéir (FZGI) atá le forbairt agus le hoibriú ag an gCoimisiún.*

*6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil trí FZGI. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta agus go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil trína bpointí rochtana aonair náisiúnta agus trí FZGI. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an fhaisnéis stairiúil faoi earraí ar fáil trína bpointí rochtana aonair náisiúnta agus trí FZGI ar feadh uastréimhse cúig bliana tar éis dheireadh na stórála, an idirthurais nó na trádála.*

*7. Deonófar rochtain láithreach agus neamhscagtha do AFAnna náisiúnta ar*

*an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i mBallstáit eile trí FZGI. Tabharfar rochtain thráthúil do na húdaráis náisiúnta inniúla ar an bhfaisnéis sin i mBallstáit eile trí FZGI. Comhoibreoidh na Ballstáit eatarthu féin agus leis an gCoimisiún chun an mhír seo a chur chun feidhme.*

**Leasú 206**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Bunóidh gach Ballstát **FIU** chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac go héifeachtach.

**Leasú 207**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Is é an **ASA** a bheidh ina aonad náisiúnta lárnach aonair ar a mbeidh an fhreagracht maidir le nithe áirithe a fháil agus a anailísiú, eadhon idirbhearta amhrasacha agus faisnéis eile a bhaineann le sciúradh airgid, leis na cionta preideacáide nó le maoiniú sceimhlitheoireachta a ghabhann leis, arna gcur isteach ag eintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 50 nó tuarascálacha arna gcur isteach ag eintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 59(4), pointe (b), de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus **ag** údaráis chustaim de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672.

*Leasú*

1. Bunóidh gach Ballstát **AFa** chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, **a thuairisciú** agus a chomhrac go héifeachtach.

*Leasú*

2. Is é an **AFa** a bheidh ina aonad náisiúnta lárnach aonair ar a mbeidh an fhreagracht maidir le nithe áirithe a fháil agus a anailísiú, eadhon idirbhearta amhrasacha agus faisnéis eile a bhaineann le sciúradh airgid, leis na cionta preideacáide nó le maoiniú sceimhlitheoireachta a ghabhann leis, arna gcur isteach ag eintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 50 nó tuarascálacha arna gcur isteach ag eintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le hAirteagal 59(4), pointe (b), de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus **faisnéis eile atá ábhartha maidir le sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le**

**Leasú 208**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a.** *Beidh AFAnna rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an tSásra um Thacaíocht agus um Chomhordú do AFAnna agus rannchuideoidh siad leo, i gcomhréir le Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)]. Comhoibreoidh na AFAnna go héifeachtach le ÚFA i gcomhréir le hAirteagal 22a den Treoir seo.*

**Leasú 209**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 3 – fómhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) anailís straitéiseach a thugann aghaidh ar threochtaí agus ar phatrúin an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta.

(b) anailís straitéiseach **leanúnach** a thugann aghaidh ar threochtaí agus ar phatrúin an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta.

**Leasú 210**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 3 – fómhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoin [1 bhliain tar éis **dháta thrasúí** na Treorach seo], eiseoidh ÚFA treoirlínte a bheidh dírithe ar AFAnna maidir le cineál, gnéithe agus cuspóirí na hanailíse oibríochtúla agus straitéisí.

Faoin... [dhá bhliain tar éis **theacht i bhfeidhm** na Treorach seo], eiseoidh ÚFA treoirlínte a bheidh dírithe ar AFAnna maidir le cineál, gnéithe agus cuspóirí na hanailíse oibríochtúla agus straitéisí **agus, go háirithe, maidir leis an ngá atá leis an anailís sin a sholáthar tuilleadh do na húdaráis inniúla atá freagrach as sciúradh airgid, cionta preideacáide**

**Leasú 211**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Beidh gach AFA neamhspleách ó thaobh oibríochta, agus beidh sé uathrialach, rud a chiallaíonn go mbeidh an t-údarás agus an cumas ag gach AFA chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi shoirse, lena n-áirítear an cumas cinntí uathrialacha a ghlacadh chun faisnéis shonrach a anailísiú, a iarraidh agus a scaipeadh. Beidh sé saor ó aon tionchar nó cur isteach míchuí polaitiúil, rialtais nó tionscail.

**Leasú 212**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leordhóthanacha ar fáil dá AFAnna chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Beidh na AFAnna in ann na hacmhainní a fháil is gá chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích agus beidh siad in ann na hacmhainní sin a chur chun úsáide. ***Beidh ardleibhéal ionracais ag a bhfoireann agus beidh na scileanna iomchuí acu, agus coinneoidh siad ardchaighdeáin ghairmiúla ar bun.***

**Leasú 213**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Beidh gach AFA neamhspleách ó thaobh oibríochta, agus beidh sé uathrialach, rud a chiallaíonn go mbeidh an t-údarás agus an cumas ag gach AFA chun a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi shoirse, lena n-áirítear an cumas cinntí uathrialacha a ghlacadh chun faisnéis shonrach a anailísiú, a iarraidh agus a scaipeadh. Beidh sé saor ó aon tionchar nó cur isteach míchuí polaitiúil, rialtais nó tionscail.

*Leasú*

5. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leordhóthanacha ar fáil dá AFAnna chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Beidh na AFAnna in ann na hacmhainní a fháil is gá chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích agus beidh siad in ann na hacmhainní sin a chur chun úsáide.

**5a. *Áiritheoidh na Ballstáit go***

*gcoinneoidh foireann AFA ardchaighdeáin ghairmiúla, lena n-áirítear ardchaighdeáin ghairmiúla rúndachta agus cosanta sonraí, agus go mbeidh siad ionracas ard agus oilte go hiomchuí, lena n-áirítear chun claonadh i dtacar mórshonraí agus in úsáid eiticíúil na dtacar sin a bhrath. Ní chuirfear foireann AFAnna i staid ina bhfuil coinbhleacht leasa ann nó ina bhféadfaí a mheas gurb ann do choinbhleacht leasa. Glacfaidh ÚFA treoirlínte chun na himthosca a shonrú ina bhfuil coinbhleacht leasa den sórt sin ann nó ina bhféadfaí a mheas gurb ann do choinbhleacht leasa den sórt sin.*

**Leasú 214**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rialacha lena rialaítear slándáil agus rúndacht na faisnéise i bhfeidhm ag na AFAnna.

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rialacha lena rialaítear slándáil agus **cosaint sonraí pearsanta agus** rúndacht na faisnéise, **lena n-áirítear nuair a scaiptear faisnéis faoi mhír 3**, i bhfeidhm ag na AFAnna.

**Leasú 215**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh a AFA in ann socruithe a dhéanamh nó dul i mbun oibre go neamhspleách le húdaráis inniúla intíre eile de bhun Airteagal 45 maidir le malartú faisnéise.

*Leasú*

7. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh a AFA in ann socruithe a dhéanamh nó dul i mbun oibre go neamhspleách le húdaráis inniúla intíre eile de bhun Airteagal 45 maidir le malartú faisnéise.

**Leasú 216**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. Déanfaidh ÚFA comhordú ar eagrú athbhreithnithe tréimhsiúla piaraí ar AFAnna chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo comhlíonta, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla, i gcomhréir le hAirteagal 37a de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)]. I gcás ina léirítear in athbhreithniú piaraí go bhfuil easnaimh shuntasacha in oibriú AFA, eiseoidh ÚFA moltaí do AFA agus don Bhallstát lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh. Déanfar na moltaí a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.**

**Leasú 217**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 17 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 17a**

**Oifigeach um Chearta Bunúsacha**

**1. Ainmneoidh gach AFA Oifigeach um Chearta Bunúsacha. Féadfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha sin a bheith ina bhall nó ina ball d'fhoireann AFA atá ann cheana agus ar cuireadh oiliúint speisialta orthu maidir le dlí agus cleachtas na gceart bunúsach.**

**2. Déanfaidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha na cúraimí seo a leanas:**

**(a) cuirfidh sé nó sí comhairle ar AFA i gcás ina measann sé nó sí gur gá sin, nó arna iarraidh sin, maidir le**

*gníomhaíochtaí AFA, a bhfuil tionchar acu ar chearta bunúsacha, gan bac ná moill a chur ar na gníomhaíochtaí sin;*

*(b) tacú le foireann AFA chun a áirithiú go ndéanfaí na cearta bunúsacha a chomhlíonadh;*

*(c) tuairimí neamhcheangailteacha a sholáthar maidir le socrúithe oibre atá ábhartha dá réimse inniúlachta chun comhlíonadh AFA le cearta bunúsacha a fheabhsú;*

*(d) an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi shárúithe féideartha ar chearta bunúsacha le linn gníomhaíochtaí AFA;*

*(e) urraim AFA do chearta bunúsacha i gcomhlíonadh a chúraimí agus a gníomhaíochtaí a chur chun cinn;*

*3. Áiritheoidh AFA nach bhfaighidh an tOifigeach Cosanta Sonraí aon treoir maidir le cur i gcrích a chúraimí nó a cúraimí. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar an Oifigeach um Chearta Bunúsacha treoir a lorg ó ghníomhaithe ábhartha maidir lena chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh i gcás ina measann sé nó sí gur gá sin.*

*4. Tuairisceoidh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha go díreach do bhainistíocht AFA.*

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an méid seo a leanas ag a AFAnna:

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh *rochtain ag AFAnna, beag beann ar a stádas eagraíochtúil, ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun a gcúraimí a chomhlíonadh go cuí, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, faisnéis riaracháin agus faisnéis forfheidhmithe dlí. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an*



méid seo a leanas *ar a laghad* ag a  
AFAnna:

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) rochtain láithreach agus, *cé is moite de phointe (ii)*, rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis airgeadais seo a leanas *ar a laghad*:

*Leasú*

(a) rochtain láithreach agus rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis airgeadais seo a leanas:

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) *an fhaisnéis faoi aistriú de shreang;*

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(iii) *an fhaisnéis* ó eintitis faoi oibleagáid;

*Leasú*

(iii) *faisnéis* ó eintitis faoi oibleagáid, *lena n-áirítear faisnéis faoi aistriú de shreang;*

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) rochtain láithreach agus, cé is moite de *phointe (xiv)*, rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis airgeadais seo a leanas ar a laghad:

*Leasú*

(b) rochtain láithreach agus, cé is moite de *phointí (ia) agus (xiv)*, rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis airgeadais seo a leanas ar a laghad:

**Leasú 223**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe i a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ia) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(3a) den Treoir ón gComhairle 2011/16/AE<sup>1a</sup>;**

---

*<sup>1a</sup> Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 064, 11.3.2011, lch. 1).*

**Leasú 224**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ii) na cláir náisiúnta réadmhaoine nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí réadmhaoine agus cláir *thalún* agus *cláir chadastracha*;**

**(ii) an faisnéis ón bpointe rochtana aonair dá dtagraítear in Airteagal 16 a bhaineann le cláir náisiúnta réadmhaoine, *cláir talún* nó córais aisghabhála sonraí leictreonacha agus *maidir le cláir talún* agus *cathartha*;**

**Leasú 225**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe ii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(iia) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 16b agus 16c ;**

**Leasú 226**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe xix a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(xixa) faisnéis faoi sholáthairtí poiblí nó faoi chonarthaí**

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

An fhaisnéis sin dá dtagraítear i bpointe (c), **féadfar** a áireamh uirthi taifid choiriúla, faisnéis maidir le himscrúduithe, faisnéis maidir le reo nó urghabháil sócmhainní nó maidir le bearta agus faisnéis imscrúdaitheacha nó sealadacha eile i dtaca le ciontuithe agus coigistithe.

*Leasú*

An fhaisnéis sin dá dtagraítear i bpointe (c), **déanfar** a áireamh uirthi taifid choiriúla, faisnéis maidir le himscrúduithe, faisnéis maidir le reo, **lena n-áirítear i gcomhthéacs smachtbhannaí eacnamaíocha nó smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, nó** urghabháil sócmhainní nó maidir le bearta agus faisnéis imscrúdaitheacha nó sealadacha eile i dtaca le ciontuithe agus coigistithe.

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás nach stóráiltear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír , pointí (a), (b) agus (c), i mbunachair sonraí nó i gcláir, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir le AFAnna an fhaisnéis sin a fháil ar mhodh eile.

*Leasú*

2. I gcás nach stóráiltear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír , pointí (a), (b) agus (c), i mbunachair sonraí nó i gcláir, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir le AFAnna an fhaisnéis sin a fháil ar mhodh eile **go tráthúil**.

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 19 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreagróidh AFAnna go tráthúil iarrataí

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreagróidh AFAnna go tráthúil iarrataí

réasúnaithe ar fhaisnéis a dhéanfaidh údaráis inniúla eile ina mBallstát féin nó in údaráis de chuid an Aontais ag a bhfuil inniúlacht i dtaca le himscrúdú nó ionchúiseamh maidir le gníomhaíochtaí coiriúla nuair is é is siocair leis na hiarrataí sin ná inní a bhaineann le sciúradh airgid, leis na cionta preideacáide a ghabhann leis, nó le maoiniú sceimhlitheoireachta nó nuair atá an fhaisnéis sin riachtanach chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a chúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Is faoin AFA i gcónaí an cinneadh maidir le scaipeadh faisnéise a dhéanamh.

réasúnaithe ar fhaisnéis a dhéanfaidh údaráis inniúla eile ina mBallstát féin nó in údaráis de chuid an Aontais ag a bhfuil inniúlacht i dtaca le himscrúdú nó ionchúiseamh maidir le gníomhaíochtaí coiriúla nuair is é is siocair leis na hiarrataí sin ná inní a bhaineann le sciúradh airgid, leis na cionta preideacáide a ghabhann leis, nó le maoiniú sceimhlitheoireachta nó nuair atá an fhaisnéis sin riachtanach chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil **sócmhainní a reo, a urghabháil nó a choigistiú nó a** chúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Is faoin AFA i gcónaí an cinneadh maidir le scaipeadh faisnéise a dhéanamh.

**Leasú 230**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás ina mbeidh forais oibiachtúla ann glacadh leis go mbeadh tionchar diúltach ag soláthar na faisnéise sin ar imscrúduithe nó anailísí leanúnacha, nó, i gcúinsí eisceachtúla, i gcás ina mbeadh nochtadh na faisnéise ar neamhréir go soiléir le leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó dlítheanach nó neamhábhartha maidir leis na críocha dár iarradh é, ní bheidh **oibleagáid ar an FIU cloí leis an** iarraidh ar fhaisnéis.

*Leasú*

I gcás ina mbeidh forais oibiachtúla ann glacadh leis go mbeadh tionchar diúltach ag soláthar na faisnéise sin ar imscrúduithe nó anailísí leanúnacha, nó, i gcúinsí eisceachtúla, i gcás ina mbeadh nochtadh na faisnéise ar neamhréir go soiléir le leasanna dlisteanacha duine nádúrtha nó dlítheanach nó neamhábhartha maidir leis na críocha dár iarradh é, ní bheidh **AFA in ann diúltú don** iarraidh ar fhaisnéis **ach amháin trí fhreagra i scríbhinn a bhfuil údar cuí leis. Déanfar freagairt den sórt sin a tharchur chuig ÚFA freisin chun treochtaí agus bhac ar chomhar a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitint.**

**Leasú 231**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 19 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Soláthróidh na húdaráis inniúla

*Leasú*

2. Soláthróidh na húdaráis inniúla

aiseolas **don** AFA maidir leis an úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar an t-aiseolas sin a sholáthar a luaithe is féidir agus in aon chás, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bhealach ina gcuirfear an AFA ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinne na húdaráis inniúla ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an AFA agus ina gcuirfear ar chumas an AFA a fheidhm anailíse oibríochtúla a fhorghníomhú.

aiseolas **do** AFA maidir leis an úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir leis an Airteagal seo **agus le hAirteagal 17, agus maidir le húsáideacht na faisnéise sin, agus maidir le toradh na n-imscrúduithe arna ndéanamh ar bhonn na faisnéise sin.** Déanfar an t-aiseolas sin a sholáthar a luaithe is féidir agus in aon chás, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bhealach ina gcuirfear an AFA ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinne na húdaráis inniúla ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an AFA agus ina gcuirfear ar chumas an AFA a fheidhm anailíse oibríochtúla a fhorghníomhú **agus a fheabhsú.**

**Leasú 232**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 19 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 19a**

**Scaipeadh faisnéise**

- 1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh torthaí a chuid anailísí agus aon fhaisnéis ábhartha bhreise á scaipeadh ar údaráis inniúla eile i gcás ina bhfuil forais drochamhrais maidir le sciúradh airgid, leis na cionta preideacáite a ghabhann leis nó maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta.**
- 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a AFAnna, cás ar chás, údaráis inniúla ina mBallstát faoi seach, nó údaráis an Aontais atá inniúil ar ghníomhaíochtaí coiriúla a imscrúdú nó a ionchúiseamh, a chur ar an eolas, i gcás ina bhfuil fianaise ann ar sciúradh airgid, a chionta preideacáide nó maoiniú sceimhlitheoireachta, nó i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach don údarás inniúil chun sócmhainní a reo, a urghabháil nó a choigistiú nó chun a chúraimí a dhéanamh faoin dlí coiriúil, mura mbeadh tionchar diúltach ag**

*soláthar na faisnéise sin ar imscrúduithe nó anailísí leanúnacha.*

2. *Beidh AFA fós i gceist sa chinneadh maidir le faisnéis a scaipeadh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.*

4. *Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a scaipeadh trí bhealaí cumarsáide slána*

**Leasú 233**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Fionraí nó coinneáil siar a dhéanamh ar thoiliú le hidirbheart agus cuntas a fhionraí*

*Leasú*

*Idirbheart nó fionraí cuntais a chur ar fionraí nó a thoirmeasc*

**Leasú 234**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcumhachtófar *don AFA* gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh, *go díreach nó go hindíreach*, i gcás ina mbeidh amhras ann go bhfuil baint ag idirbheart le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, chun fionraí a dhéanamh ar *an toiliú le hidirbheart nó chun an toiliú a choinneáil siar i ndáil le hidirbheart* atá ag dul ar aghaidh. Forchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid laistigh de 48 uair an chloig tar éis an tuarascáil *ar an idirbheart* amhrasach a fháil *chun anailís a dhéanamh ar an idirbheart, chun an t-údar amhrais a dheimhniú agus chun torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla*. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar, faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta, an t-idirbheart a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 15

*Leasú*

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcumhachtófar *do AFAnna* gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh, i gcás ina mbeidh amhras ann go bhfuil baint ag idirbheart le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, chun fionraí a dhéanamh *nó cosc a chur ar idirbheart* atá ag dul ar aghaidh, *chun an t-idirbheart a anailísiú, chun an t-údar amhrais a dhearbhu agus chun torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla agus, i gcás inarb ábhartha, ar ÚFA*. I gcásanna arna gcumhdach le hAirteagal 52(1) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)], forchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid laistigh de 48 uair an chloig tar éis an tuarascáil *maidir le hidirbheart* amhrasach a fháil. Áiríteoidh na Ballstáit go

lá féilire ón lá a fhorchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid.

ndéanfar, faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta, an t-idirbheart a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 15 lá féilire ón lá a fhorchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid. ***Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir na fionraithe sin a fhadú ar chúiseanna nach mbaineann le hanailís AFA, go háirithe de bharr easpa comhair ón eintiteas faoi oibleagáid.***

**Leasú 235**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. I gcás ina gcinneann AFA idirbheart a bhaineann le Ballstát eile a fhionraí nó a thoirmeasc, cuirfidh sé AFA an Bhallstáit sin ar an eolas go pras.***

**Leasú 236**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1b. I gcás ina gcinnfidh AFA idirbheart a fhionraí nó a thoirmeasc i gcomhréir le mír 1, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do AFAnna eile trí FIU.net.***

**Leasú 237**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 1 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh AFAnna in ann teicneolaíocht úrscothach a úsáid chun a sonraí a mheaitseáil le sonraí AFAnna eile maidir le hidirbhearta atá curtha ar fionraí nó atá toirmiscithe ar bhealach anaithnid.***



**Leasú 238**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina mbeidh amhras ann go bhfuil baint ag roinnt idirbheart a bhaineann le cuntas bainc **nó** le cuntas íocaíochta le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhachtófar an AFA chun gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh, **go díreach nó go hindíreach, chun** úsáid cuntais bainc **nó** cuntais íocaíochta a chur ar fionraí chun anailís a dhéanamh ar na hidirbhearta a dhéantar tríd an gcuntas, chun an t-údar amhrais atá ann ina leith a dheimhniú agus chun torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla.

**Leasú 239**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Forchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid laistigh de 48 nuair an chloig tar éis an tuarascáil ar an idirbheart amhrasach a fháil agus tabharfar fógra ina leith láithreach don údarás breithiúnach inniúil. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar úsáid an chuntais bainc sin nó an chuntais íocaíochta sin a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 lá féilire ón lá a fhorchuirfear an fhionraí sin. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh údarú ón údarás breithiúnach inniúil ag aon síneadh ar an bhfionraí sin.

*Leasú*

2. I gcás ina mbeidh amhras ann go bhfuil baint ag roinnt idirbheart a bhaineann le cuntas bainc, le cuntas íocaíochta **nó** le **tiachóg chumhdaigh cripteá-shócmhainní** le sciúradh airgid, **le cionta preideacáide gaolmhara** nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhachtófar an AFA chun gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh **chun an caidreamh gnó nó** úsáid cuntais bainc, cuntais íocaíochta **nó tiachóige cumhdaigh cripteá-shócmhainní** a chur ar fionraí chun anailís a dhéanamh ar na hidirbhearta a dhéantar tríd an gcuntas, chun an t-údar amhrais atá ann ina leith a dheimhniú agus chun torthaí na hanailíse a scaipeadh ar na húdaráis inniúla.

*Leasú*

Forchuirfear fionraí den sórt sin ar an eintiteas faoi oibleagáid laistigh de 48 nuair an chloig tar éis an tuarascáil ar an idirbheart amhrasach a fháil agus tabharfar fógra ina leith láithreach don údarás breithiúnach inniúil. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar úsáid an chuntais bainc sin nó an chuntais íocaíochta sin a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 lá féilire ón lá a fhorchuirfear an fhionraí sin, **nó ar feadh tréimhse nach faide ná 10 lá i gcás ina gcuirtear in iúl do AFA faoi iarraidh leanúnach ar chúnamh dlí frithpháirteach a bheith ann i gcásanna trasteorann.** Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh údarú ón údarás breithiúnach inniúil ag aon síneadh ar an

*bhfionraí sin agus go dtabharfar fógra ina leith don duine lena mbaineann chun go bhféadfar agóid a dhéanamh i gcoinne na fionraí os comhair cúirte i gcomhréir le mír 3.*

**Leasú 240**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cumhachtófar do AFA an fionraí sin a fhorchur arna iarraidh sin ag AFA Ballstáit eile laistigh de 48 n-uair an chloig, agus forchuirfear é laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an iarraidh ar fionraí a fháil agus faoi na coinníollacha a shonraítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an AFA a fhaigheann an iarraidh. Áiritheoidh na Ballstáit, faoi réir coimircí nós imeachta náisiúnta, go gcuirfear an cuntas bainc nó an cuntas íocaíochta nó an tiachóg chumhdaigh criptea-shócmhainní ar fionraí ar feadh uastréimhse cúig lá féilire ón lá a fhorchuirtear an fionraí sin ar an eintiteas faoi oibleagáid, nó ar feadh uastréimhse 10 lá i gcás ina gcuirtear in iúl do AFA gur ann d'iarraidh leanúnach ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach i gcásanna trasteorann.*

**Leasú 241**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 – fomhír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh údarú ón údarás breithiúnach inniúil ag aon síneadh ar an bhfionraí sin agus go dtabharfar fógra ina leith don duine lena mbaineann chun go bhféadfar agóid a*

*dhéanamh i gcoinne na fionraí os comhair cúirte i gcomhréir le mír 3.*

**Leasú 242**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. I gcás ina gcinnfidh AFA úsáid bainc nó cuntais íocaíochta nó tiachóige cumhdaigh criptea-shocmhainní a bhaineann le Ballstát eile a fhionraí, cuirfidh sé AFA an Bhallstáit sin ar an eolas go pras.**

**Leasú 243**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2b. I gcás ina gcinnfidh AFA cuntas bainc nó cuntas íocaíochta nó tiachóg chumhdaigh criptea-shocmhainní a fhionraí i gcomhréir le mír 1, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do AFAnna eile trí FIU.net.**

**Leasú 244**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 2 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh AFAnna in ann teicneolaíocht úrscothach a úsáid chun a sonraí a mheaitseáil le sonraí AFAnna eile maidir le bainc, cuntais íocaíochta nó tiachóga cumhdaigh criptea-shocmhainní atá curtha ar fionraí ar bhealach anaithnid.**

**Leasú 245**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le féidearthacht éifeachtach go mbeadh an duine a ndéantar difear dá chuntas bainc **nó** dá cuntas íocaíochta, go mbeadh an duine sin in ann cur i gcoinne na fionraí os comhair cúirte i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.

**Leasú 246**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 247**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le féidearthacht éifeachtach go mbeadh an duine a ndéantar difear dá chuntas bainc, dá cuntas íocaíochta **nó dá thiachóg chumhdaigh criptea-shocmhainní**, go mbeadh an duine sin in ann cur i gcoinne na fionraí os comhair cúirte i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta.

*Leasú*

**3a. Cumhachtófar do AFAnna faireachán a dhéanamh, le linn tréimhse shonraithe, ar na hidirbhearta nó ar na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh trí chuntas bainc sainaitheanta amháin nó níos mó nó trí chaidreamh gnó eile amháin nó níos mó maidir le daoine a bhfuil riosca suntasach sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta ag baint leo. Cumhachtófar do AFAnna treoracha a thabhairt d'eintitis faoi oibleagáid chun a áirithiú go ndéanfaidh eintitis faoi oibleagáid faireachán sonrach den sórt sin agus go dtuairisceoidh siad na torthaí don AFA inniúil.**

*Leasú*

**3b. Cumhachtófar don AFA na bearta faireacháin dá dtagraítear i mír 3a a**

*fhorchur arna iarraidh sin ag AFA ó Bhallstáit eile ar feadh na dtréimhsí agus faoi na coinníollacha a shonraítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an AFA a fhaigheann an iarraidh.*

**Leasú 248**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 3 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3c. I gcás ina bhforchuireann AFA na fionraithe nó beart faireacháin dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3a arna iarraidh sin ag AFA ó Bhallstát eile, cuirfean an AFA iarrthach ar an eolas go pras faoi na bearta arna ndéanamh ag an AFA a fuair an iarraidh.*

**Leasú 249**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Cumhachtófar do na AFAnna na fionraithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a fhorchur, go díreach nó go hindíreach, ar iarraidh ó AFA **Ballstáit eile** faoi na coinníollacha a shonraítear i ndlí náisiúnta an AFA a fhaigheann an iarraidh.

4. Cumhachtófar do na AFAnna na fionraithe **agus na bearta faireacháin** dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3a a fhorchur, go díreach nó go hindíreach, ar iarraidh ó AFA **ó thríú tír** faoi na coinníollacha a shonraítear i ndlí náisiúnta an AFA a fhaigheann an iarraidh.

**Leasú 250**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 20 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*4a. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus*

*cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad chun go nglacfar iad. Sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin an fhormáid a úsáidfear chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1a, 1b, 2a agus 2b den Airteagal seo a mhalartú agus leagfar síos iontu na critéir lena chinneadh an mbaineann fionraí le Ballstát eile. Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)].*

**Leasú 251**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) obair leantach a rinne AFA ar thuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha a fuair sé;*

**Leasú 252**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) aiseolas a fuarthas ó údaráis inniúla*

**Leasú 253**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ea) iarrataí arna gcur faoi bhráid na n-údarás inniúil a ainmnítear faoi Airteagal 3 de Threoir 2019/1153 agus arna bhfáil uathu;*

**Leasú 254**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 1 – pointe e b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(eb) acmhainní daonna arna leithdháileadh.**

**Leasú 255**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Scaipfidh na AFAnna an tuarascáil ar eintitis faoi oibleagáid. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil don phobal **laistigh de cheithre mhí tar éis** a scaipthe, cé is moite de na heilimintí den tuarascáil ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe. Ní cheadófar aon duine nádúrtha ná dlítheanach a aithint ón bhfaisnéis sin.

Scaipfidh na AFAnna an tuarascáil ar eintitis faoi oibleagáid. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil don phobal **ar dháta** a scaipthe, cé is moite de na heilimintí den tuarascáil ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe. Ní cheadófar aon duine nádúrtha ná dlítheanach a aithint ón bhfaisnéis sin.

**Leasú 256**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh AFAnna aiseolas mar gheall ar na tuarascálacha maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta amhrasta a chur ar fáil d'eintitis faoi oibleagáid. Cuimseoidh an t-aiseolas sin, ar a laghad, cáilíocht na faisnéise a soláthraíodh, tráthúlacht an tuairiscithe, cur síos ar an amhras **agus** an doiciméadacht a soláthraíodh ag tráth an tíolactha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh AFAnna aiseolas mar gheall ar na tuarascálacha maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta amhrasta a chur ar fáil d'eintitis faoi oibleagáid **ar a laghad dhá uair sa bhliain. Soláthróidh AFAnna aiseolas maidir le hanailís oibríochtúil agus straitéiseach.** Cuimseoidh an t-aiseolas sin, ar a laghad, cáilíocht na faisnéise a soláthraíodh, **an chaoi ar úsáideadh an fhaisnéis,** tráthúlacht an tuairiscithe, cur síos ar an amhras, an doiciméadacht a soláthraíodh ag tráth an tíolactha **agus na típeolaíochtaí féideartha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta nach gcumhdaítear**



*le tuarascáil an eintitis faoi oibleagáid.*

**Leasú 257**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Soláthróidh **an** AFA an t-aiseolas sin uair sa bhliain **ar a laghad, cibé acu a sholáthrófar é don** eintiteas faoi oibleagáid **aonair nó do ghrúpaí d'eintitis faoi oibleagáid**, agus **líon foriomlán na n-idirbheart amhrasach a thuairiscigh na heintitis faoi oibleagáid á gcur san áireamh.**

**Leasú 258**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Soláthróidh AFA an t-aiseolas sin **ar a laghad** uair sa bhliain **do gach catagóir d'eintiteas faoi oibleagáid amhail dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (1), (2) agus (3)(f), (g), (h) agus (k) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239 (COD)].**

**Leasú 259**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Cuirfe** an t-aiseolas sin **ar fáil freisin do mhaoirseoirí ionas** go mbeidh siad in ann maoirseacht riosca-bhunaithe a dhéanamh i

*Leasú*

Soláthróidh AFA an t-aiseolas sin **ar a laghad** uair sa bhliain **do gach catagóir d'eintiteas faoi oibleagáid amhail dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (1), (2) agus (3)(f), (g), (h) agus (k) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239 (COD)].**

*Leasú*

**Soláthróidh AFA anailís chomparáideach ar cháilíocht na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha de réir catagóir eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3 (3) pointí (a), (b), (c), (d) (e), (i), (j) agus (l) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid – 2021/0239 (COD)], agus líon foriomlán na n-idirbheart amhrasach arna dtuairisciú ag na heintitis faoi oibleagáid sin á chur san áireamh.**

*Leasú*

**Seolfar** an t-aiseolas sin, **lena n-áirítear measúnú comparáideach idir eintitis faoi oibleagáid agus grúpaí nó catagóirí**

gcomhréir le *hAirteagal 31*.

*eintiteas faoi oibleagáid, chuig maoirseoirí chun* go mbeidh siad in ann maoirseacht riosca-bhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le *hAirteagal 31*.

**Leasú 260**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Soláthróidh AFAnna, ar bhonn bliantúil ar a laghad, aiseolas straitéiseach do gach eintiteas faoi oibleagáid laistigh dá ndlínse maidir le tosaíochtaí faisnéise airgeadais agus treochtaí i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta.*

**Leasú 261**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 22 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh na AFAnna le chéile agus lena gcontrapháirtithe i dtríú tíortha, a mhéid is féidir, gan beann ar a stádas eagraíochta.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh na AFAnna le chéile agus lena gcontrapháirtithe i dtríú tíortha, a mhéid is féidir *agus ar bhealach tráthúil*, gan beann ar a stádas eagraíochta. *Chuige sin, cuirfidh siad socruithe éifeachtacha ar fáil don chomhar trasteorann agus idirnáisiúnta.*

**Leasú 262**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 22 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Cuirfidh na Ballstáit acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla leormhaithe ar fáil dá AFAnna chun a gcúraimí a chomhlíonadh.*

**Leasú 263**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 22 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 22a**  
**Comhar le ÚFA**

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh AFAnna rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ÚFA, agus go rannchuideoidh siad leo, i gcomhréir le forálacha Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)].***

**Leasú 264**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Bunófar córas chun faisnéis a mhalartú idir **AFAnna** na mBallstát ('FIU.net'). Áiritheofar leis an gcóras sin go mbeidh an chumarsáid slán agus beidh an córas in ann taifead scríofa a chur ar fáil faoi dhálaí inar féidir barántúlacht a dhéanamh amach. Féadfar an córas sin a úsáid freisin le haghaidh cumarsáid le contrapháirtithe AFAnna i dtríú tíortha agus le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Is é ÚFA a dhéanfaidh bainistiú ar FIU.net.

1. Bunófar córas chun faisnéis a mhalartú idir **Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais** na mBallstát (FIU.net), **gan aon mhoill**. Áiritheofar leis an gcóras sin go mbeidh an chumarsáid slán agus **go bhféadfar faisnéis a mhalartú agus** beidh an córas in ann taifead scríofa a chur ar fáil faoi dhálaí inar féidir barántúlacht a dhéanamh amach. **Má chineann ÚFA amhlaidh**, féadfar an córas sin a úsáid freisin le haghaidh cumarsáid le contrapháirtithe AFAnna i dtríú tíortha agus le húdaráis agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Is é ÚFA a dhéanfaidh bainistiú ar FIU.net. **Feidhmeoidh an córas mar mhol láraithe malartaithe faisnéise idir AFAnna agus ÚFA.**

**Leasú 265**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiríteoidh na Ballstáit go **ndéanfar aon mhalartú** faisnéise de bhun Airteagal 24 **a tharchur** trí mheán FIU.net. I gcás chliseadh teicniúil FIU.net, déanfar an fhaisnéis a tharchur trí **aon mhodh iomchuí eile** lena n-áiríteofar ardleibhéal slándála sonraí.

**Leasú 266**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiríteoidh na Ballstáit, chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar síos sa Treoir seo iad, go **gcomhoibreoidh** a AFAnna i **gcur i bhfeidhm** teicneolaíochtaí **úrscothacha** i gcomhréir **lena ndlí náisiúnta**.

**Leasú 267**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Áiríteoidh na Ballstáit go **ndéanfaidh AFAnna malartú** faisnéise de bhun Airteagal 24 **agus Airteagal 25** trí mheán FIU.net. I gcás chliseadh teicniúil **sealadach** FIU.net, déanfar an fhaisnéis a tharchur **gan aon mhoill** trí **bhealaí coibhéiseacha cumarsáide faoi chosaint** lena n-áiríteofar ardleibhéal slándála sonraí **agus cosaint sonraí, i gcomhréir leis na critéir arna saináithint ag ÚFA trí bhíthin treoirlínte**.

*Leasú*

3. Áiríteoidh na Ballstáit, chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar síos sa Treoir seo **agus i ndlí an Aontais is infheidhme** iad, go **n-úsáidfidh** a AFAnna **teicneolaíochtaí úrscothacha agus go mbeidh siad rannpháirteach agus go gcomhoibreoidh siad a mhéid is féidir chun iad a chur** i bhfeidhm, **go háirithe na teicneolaíochtaí sin arna bhforbairt agus arna mbainistiú ag ÚFA** i gcomhréir **le hAirteagal 5(5), pointe (e) agus Airteagal 37 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)]**.

*Leasú*

**3a. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh a AFAnna in ann FIU.net a úsáid chun na sonraí a mheaitseáil le sonraí AFAnna eile ar mhodh anaithnid. Áiríteoidh na**

*Ballstáit go mbeidh a AFAnna in ann FIU.net a úsáid chun sonraí ábhair a mheitseáil le bunachair sonraí Europol.*

**Leasú 268**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 – mír 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3b. Tar éis athbhreithniú piaraí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17(7a), féadfaidh ÚFA rochtain ar FIU.net a chur ar fionraí do AFA sonracha i gcás inarb é conclúid na tuarascála ón athbhreithniú piaraí nár comhlíonadh ceanglais a bhaineann le neamhspleáchas, sláine, gairmiúlacht, rúndacht nó slándáil an AFA, mar a leagtar amach in Airteagal 17. Is é Bord Ginearálta ÚFA a dhéanfaidh an cinneadh fionraí den sórt sin a fhorchur i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 27(5a) de Rialachán [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)] agus ní bheidh ceart vótála ag an AFA lena mbaineann. Eiseoidh ÚFA measúnú in éineacht leis an gcinneadh, ina míneofar agus ina léireofar na bearta leantacha is gá a chomhlíonadh chun deireadh a chur leis an bhfionraí. Déanfaidh ÚFA meastóireacht ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an AFA lena mbaineann tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis eisiúint an chinnidh.*

**Leasú 269**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 23a*

*Tarchur faisnéise ag eintitis faoi*

*oibleagáid chuig AFAnna trí FIU.net*

**1. Áiritheoidh ÚFA go mbeidh eintitis faoi oibleagáid in ann FIU.net a úsáid chun tuarascálacha ar idirbhearta agus ar ghníomhaíochtaí amhrasacha a chur faoi bhráid AFAnna lena mbaineann, i gcomhréir leis an Airteagal seo, trí bhealaí cumarsáide faoi chosaint.**

**2. Faoin ... [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], áiritheoidh ÚFA go mbeidh eintitis faoi oibleagáid in ann FIU.net a úsáid chun faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 50 (1) de Rialachán... [cuir isteach tagairt do ÚFA - 2021/0239 (COD)] a tharchur chuig AFA an Bhallstáit ina bhfuil an eintiteas faoi oibleagáid a tharchuireann an fhaisnéis bunaithe ina chríoch agus chuig aon AFA eile a mbaineann an tuarascáil de bhun Airteagal 24(1) den Treoir seo leis. Faoin dáta céanna, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh AFAnna a iarraidh ar eintitis faoi oibleagáid an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 50(1) de Rialachán... [cuir isteach tagairt do ÚFA - 2021/023940] a tharchur trí FIU.Net, go dtí go mbeidh sé éigeantach é a úsáid, faoi mhír 3.**

**3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tarchur na faisnéise dá dtagraítear i mír 2 éigeantach d'eintitis faoi oibleagáid faoin... [sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].**

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go malartóidh AFAnna, go spontáineach nó nuair a iarrfar sin, aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do phróiseáil nó d'anailísiú faisnéise a dhéanfaidh an AFA agus a mbeidh baint aici le sciúradh

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go malartóidh AFAnna, go spontáineach nó nuair a iarrfar sin, aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do phróiseáil nó d'anailísiú faisnéise a dhéanfaidh an AFA agus a mbeidh baint aici le sciúradh

airgid, leis na cionta preideacáite a ghabhann leis, nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, agus leis an duine nádúrtha nó dlítheanach atá páirteach, fiú mura n-aithneofar ag am an mhalartaithe na cineálacha cionta preideacáide ab fhéidir a bheadh i gceist.

airgid, leis na cionta preideacáite a ghabhann leis, nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, agus leis an duine nádúrtha nó dlítheanach atá páirteach, **gan beann ar an gcineál cionta preideacáite ab fhéidir a bheadh i gceist, agus** fiú mura n-aithneofar ag am an mhalartaithe na cineálacha cionta preideacáide ab fhéidir a bheadh i gceist.

**Leasú 271**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Faoi** [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad chun go nglacfaí iad. Sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin, sonrófar an fhormáid atá le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i **mír a** mhalartú.

*Leasú*

2. **Faoi ...** [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad chun go nglacfaí iad. Sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin, sonrófar an fhormáid atá le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i **mír 1 a** mhalartú **agus leagfar síos iontu na gnéithe ábhartha atá le cur san áireamh lena chinneadh an mbaineann tuarascáil de bhun Airteagal 50(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)] le Ballstát eile, na nósanna imeachta atá le cur ar bun agus an tuarascáil sin á cur ar aghaidh agus á fáil, agus an obair leantach is gá.**

**Leasú 272**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. **Faoi** [1 bhliain tar éis dháta thrasú na Treorach seo], déanfaidh ÚFA treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na AFAnna, treoirlínte maidir leis na tosca

*Leasú*

*scriosta*



***ábhartha atá le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an mbaineann tuarascáil de bhun Airteagal 50(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Sciúradh Airgid - COM/2021/420 final] le Ballstát eile, maidir leis na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm agus an tuarascáil sin á cur ar aghaidh agus á fáil, agus maidir leis an gcúram obair leantach atá le tabhairt.***

**Leasú 273**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 5 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Nuair a fhéachfaidh AFA le faisnéis bhreise a fháil ó eintiteas faoi oibleagáid atá bunaithe i mBallstát eile agus a oibríonn ina gcíoch an AFA sin, seolfar an iarraidh chuig AFA an Bhallstáit arb ina chríoch atá an t-eintiteas faoi oibleagáid bunaithe. Gheobhaidh an AFA sin faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus cuirfidh sé na freagraí ar aghaidh go pras.

**Leasú 274**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-iarrfar ar AFA faisnéis a chur ar fáil de bhun **mhír**, go bhfreagróidh sé an iarraidh

*Leasú*

Nuair a fhéachfaidh AFA le faisnéis bhreise a fháil ó eintiteas faoi oibleagáid atá bunaithe i mBallstát eile agus a oibríonn ina gcíoch an AFA sin, seolfar an iarraidh chuig AFA an Bhallstáit arb ina chríoch atá an t-eintiteas faoi oibleagáid bunaithe. Gheobhaidh an AFA sin faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus cuirfidh sé na freagraí ar aghaidh go pras. ***Soláthróidh eintitis faoi oibleagáid faisnéis dá AFAnna inniúla faoi seach agus cuirfidh siad an fhaisnéis a iarradh ar aghaidh ansin chuig an AFA iarrthach.***

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-iarrfar ar AFA faisnéis a chur ar fáil de bhun **mhír 1**, go bhfreagróidh sé an

a luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis dó an iarraidh a fháil. I gcásanna eisceachtúla, le húdar iomchuí, féadfar uastréimhse 14 lá féilire a chur leis an teorainn ama sin. I gcás nach mbeidh an AFA a fuair an iarraidh in ann an fhaisnéis a iarradh a fháil, cuirfidh sé an méid sin in iúl don AFA iarrthach.

**Leasú 275**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 8 – fómhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

iarraidh **agus go gcuirfidh sé an fhaisnéis a iarraidh ar fáil a** luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis dó an iarraidh a fháil. I gcásanna eisceachtúla, le húdar iomchuí, féadfar uastréimhse 14 lá féilire a chur leis an teorainn ama sin. I gcás nach mbeidh an AFA a fuair an iarraidh in ann an fhaisnéis a iarradh a fháil, cuirfidh sé an méid sin in iúl don AFA iarrthach.

*Leasú*

***Faoin ... [18 mhí tar éis dháta thrasú na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina leagfar amach fógraí faoi imthosca eisceachtúla dá dtagraítear sa chéad fómhír. Foilseoidh an Coimisiún tuarascálacha breise i gcás aon nuashonruithe ar na fógraí sin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú sa tuarascáil sin an bhfuil bonn cirt leis na himthosca eisceachtúla ar tugadh fógra fúthu mar a fógraíodh iad nó nach bhfuil.***

**Leasú 276**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) tá roinnt AFAnna ag déanamh anailísí oibríochtúla ina n-éilíonn imthosca an cháis gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna Ballstáit lena mbaineann.

*Leasú*

(b) tá roinnt AFAnna ag déanamh anailísí oibríochtúla ina n-éilíonn **nó ina dtuilleann** imthosca an cháis gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna Ballstáit lena mbaineann.

**Leasú 277**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 25 – mír 3 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) measann AFA go bhfuil sé iomchuí agus úsáideach chun a áirithiú go bhfuil anailís shonrach agus na torthaí uirthi ar cháilíocht níos fearr, chun leas a bhaint as sineirgí féideartha agus an fhéidearthacht faisnéis a úsáid ó fhoinsí éagsúla, nó faisnéis chuimsitheach a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí aimhrialta is bunús leis an anailís shonrach sin.**

**Leasú 278**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 25 – mír 3 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Féadfaidh aon cheann de na AFAnna lena mbaineann a ***iarraidh go mbunófaí foireann anailíse chomhphárteach.***

***Maidir le hiarraidh chun foireann chomhphárteach anailíse a bhunú,*** féadfaidh aon cheann de na AFAnna lena mbaineann ***nó ÚFA í a chur ar bun, faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 3a.***

**Leasú 279**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 25 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Ar choinníoll nach bhfuil iarraidh curtha isteach ag AFA chun foireann chomhphárteach anailíse a chur ar bun, féadfaidh ÚFA an fhoireann sin a chur ar bun ar a thionscnamh féin i gcás ina n-aithníonn sé na cásanna seo a leanas:**

**(a) go n-éilíonn na hanailísí oibríochtúla a dhéanann AFA anailísí deacra dianéilimh a bhfuil naisc acu le Ballstáit eile;**

**(b) go bhfuil roinnt AFAnna ag déanamh anailísí oibríochtúla ina n-éilíonn imthosca gníomhaíocht chomhordaithe, chomhbheartaithe sna**

*Ballstáit lena mbaineann;*

*(c) go bhfuair sé faisnéis go díreach ina léirítear go bhfuil amhras ann i dtaobh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mhargadh inmheánach nó a d'fhéadfadh baint a bheith aige le gníomhaíochtaí trasteorann.*

**Leasú 280**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 27 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i dtaca le toiliú roimh ré ón AFA a fuair an iarraidh le scaipeadh na faisnéise ar údaráis inniúla, go ndeonófar an toiliú sin go pras agus a mhéid is féidir, gan beann ar chineál na gcionta preideacáide. Ní dhiúltóidh an AFA a fuair an iarraidh toiliú leis an scaipeadh sin ach amháin más rud é go mbeadh sé sin lasmuigh de raon feidhme chur i bhfeidhm a fhorálacha AML/CFT nó go bhféadfadh lagú ar imscrúdú coiriúil teacht dá thoradh, nó go mbeadh sé ar neamhréir ar shlí eile le prionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Déanfar aon diúltú ar thoiliú a dheonú a mhíniú go hiomchuí. Na cásanna inar féidir do AFAnna diúltú toiliú a dheonú, sonrúfar iad ar shlí a chuirfidh cosc ar mhí-úsáid a bhaint as scaipeadh faisnéise ar údaráis inniúla, agus ar shrianta míchuí ar an scaipeadh sin.

**Leasú 281**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 27 – mír 2 a (nua)**

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i dtaca le toiliú roimh ré ón AFA a fuair an iarraidh le scaipeadh na faisnéise ar údaráis inniúla, go ndeonófar an toiliú sin go pras agus a mhéid is féidir, gan beann ar chineál na gcionta preideacáide, **agus gan beann ar an gcion preideacáide a bheith sainaitheanta nó gan a bheith sainaitheanta.** Ní dhiúltóidh an AFA a fuair an iarraidh toiliú leis an scaipeadh sin ach amháin más rud é go mbeadh sé sin lasmuigh de raon feidhme chur i bhfeidhm a fhorálacha AML/CFT nó go bhféadfadh lagú ar imscrúdú coiriúil teacht dá thoradh, nó go mbeadh sé ar neamhréir ar shlí eile le prionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Déanfar aon diúltú ar thoiliú a dheonú a mhíniú go hiomchuí. Na cásanna inar féidir do AFAnna diúltú toiliú a dheonú, sonrúfar iad ar shlí a chuirfidh cosc ar mhí-úsáid a bhaint as scaipeadh faisnéise ar údaráis inniúla, agus ar shrianta míchuí ar an scaipeadh sin.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Faoin ... [bliain amháin tar éis dháta thrasú na Treorach seo], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na himthosca eisceachtúla nach mbeadh scaipeadh i gcomhréir le prionsabail bhunúsacha an dlí náisiúnta dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh na Ballstáit na fógraí sin a thabhairt cothrom le dáta má thagann athruithe ar na himthosca eisceachtúla nach mbeadh scaipeadh i gcomhréir le bunphrionsabail an dlí náisiúnta.**

**Leasú 282**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 27 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2b. Faoin ... [18 mhí tar éis dháta thrasú na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina leagfar amach fógraí faoi imthosca eisceachtúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Foilseoidh an Coimisiún tuarascálacha breise i gcás aon nuashonruithe ar na fógraí sin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú sna tuarascálacha sin cibé an bhfuil bonn cirt leis na himthosca eisceachtúla ar tugadh fógra fúthu.**

**Leasú 283**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 27a**

**Faisnéis a tharchur chuig OIPE**

**I gcás ina bhfuil forais ann chun amhras a bheith ann faoi sciúradh airgid, nó faoi choireanna preideacáide bainteacha a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a**

*fheidhmiú ina leith nó ar fheidhmigh sí a hinniúlacht ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 nó le hAirteagal 25(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1939<sup>1a</sup> ón gComhairle, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an AFA an fhaisnéis seo a leanas a scaipeadh, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Rialachán sin:*

- (a) faisnéis ábhartha; agus*
- (b) torthaí a anailísí.*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).*

**Leasú 284**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach eintiteas faoi réir maoirseacht leordhóthanach. Chuige sin, ceapfaidh na Ballstáit maoirseoirí chun faireachán **chun faireachán** éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíontacht, agus na bearta is gá a dhéanamh chun an chomhlíontacht sin a áirithiú, na **n-eintiteas sin** leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus leis an gceanglas maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a chur chun feidhme.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach eintiteas faoi réir maoirseacht leordhóthanach, **éifeachtach agus neamhspleách**. Chuige sin, ceapfaidh na Ballstáit maoirseoirí chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíontacht, agus na bearta is gá a dhéanamh chun an chomhlíontacht sin a áirithiú, **ag na heintitis faoi oibleagáid** leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus ... **[cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le hAistriú Cistí - 2021/0241(COD)] agus** leis an gceanglas maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a chur chun feidhme. **I gcás ina bhfuil níos mó ná maoirseoir amháin ag na Ballstáit, ceapfaidh siad maoirseoir ceannais**

*amháin chun comhordú cuí a áirithiú.*

**Leasú 285**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Beidh maoirseoirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an chóras maoirseachta Eorpaigh don chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus rannchuideoidh siad leo, i gcomhréir le Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)]. Déanfaidh siad an méid seo a leanas, go háirithe:**

**(a) páirt a ghlacadh i gcomhfhóirne maoirseachta mar chuid lárnach dá gcuid cúraimí, agus i ngníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag ÚFA de bhun a shainordaithe;**

**(b) na sonraí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar do ÚFA chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, chomh maith le bearta arna ndéanamh ag ÚFA a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240(COD)] agus le dlí eile an Aontais is infheidhme.**

**Déanfar an fhaisnéis go léir a fhaigheann maoirseoirí trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ÚFA a chumhdach faoin rúndacht is déine.**

**Leasú 286**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. I gcás na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3(a), (b) **agus (d)** de Rialachán [cuir isteach

3. I gcás na n-eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3(a) **agus (b)** de Rialachán [cuir isteach tagairt



tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfaidh comhlachtaí féinrialála na feidhmeanna dá dtagraítear i **mír den** Airteagal seo, ar choinníoll go mbeidh ag na comhlachtaí féinrialála sin na cumhachtaí dá dtagraítear i mír den Airteagal seo agus go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla acu chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardleibhéal ionracais ag foireann na gcomhlachtaí sin agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu, agus go gcoimeádfaidh siad ardchaighdeán ghairmiúla maidir le rúndacht, cosaint sonraí agus caighdeán chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa.

**Leasú 287**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 288**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 4 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) bearta **faireacháin** iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon sárúithe ar **na ceanglais** is infheidhme ag na heintitis faoi oibleagáid **a shaináithnítear** sa phróiseas **um** measúnúithe maoirseachta agus bearta

– togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], féadfaidh na Ballstáit a cheadú go ndéanfaidh comhlachtaí féinrialála na feidhmeanna dá dtagraítear i **mír 1 den** Airteagal seo, ar choinníoll go mbeidh ag na comhlachtaí féinrialála sin na cumhachtaí dá dtagraítear i mír den Airteagal seo agus go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla acu chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardleibhéal ionracais ag foireann na gcomhlachtaí sin agus go mbeidh na scileanna iomchuí acu, agus go gcoimeádfaidh siad ardchaighdeán ghairmiúla maidir le rúndacht, cosaint sonraí agus caighdeán chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa.

*Leasú*

**3a. Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta thrasú na Treorach seo], déanfaidh ÚFA, tar éis dul i gcomhairle le ÚBE, treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar mhaoirseoirí maidir le comhlíonadh na gcaighdeán a leagtar síos i míreanna 2 agus 3.**

*Leasú*

(g) **freagairt gan moill mhíchúí d'aon amhras maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas is infheidhme ar thaobh na n-eintiteas faoi oibleagáid faoi mhaoirseacht agus bearta iomchuí maoirseachta** a dhéanamh chun aghaidh a

leantacha a dhéanamh chun *na bearta sin a chur chun* feidhme.

thabhairt ar aon sárúithe ar *cheanglais* is infheidhme ag na heintitis faoi oibleagáid *arna sainaitint* sa phróiseas measúnúithe maoirseachta agus bearta leantacha a dhéanamh *maidir le cur* chun feidhme *na mbeart sin*;

**Leasú 289**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 29 – mír 4 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ga) bearta maoirseachta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar líomhaintí maidir le sárúithe ar cheanglais is infheidhme tar éis nochtadh poiblí, nó faisnéis a cuireadh in iúl dóibh trí bhealaí príobháideacha, go háirithe trí na sásraí dá bhforáiltear in Airteagal 43.*

**Leasú 290**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(e) aon treoraíocht nó tuarascáil a chuireann ÚFA agus maoirseoirí eile ar fáil, agus, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis phoiblí a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála, AFA nó aon údarás inniúil nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus lucht leagtha amach caighdeán maidir le sciúradh airgid agus modhanna maoinithe sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith bainteach le hearnáil agus tásca a d'fhéadfadh a bheith ina n-éascú ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí atá i mbaol a bheith nasctha le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta san earnáil sin, agus ar oibleagáidí eintiteas faoi oibleagáid i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé.

(e) aon treoraíocht nó tuarascáil a chuireann ÚFA, *an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí* agus maoirseoirí eile ar fáil, agus, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis phoiblí a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála, AFA nó aon údarás inniúil nó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus lucht leagtha amach caighdeán maidir le sciúradh airgid agus modhanna maoinithe sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith bainteach le hearnáil agus tásca a d'fhéadfadh a bheith ina n-éascú ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí atá i mbaol a bheith nasctha le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta san earnáil sin, agus ar oibleagáidí eintiteas faoi oibleagáid i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé.

**6a. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh maoirseoirí agus comhlachtaí féinrialála tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe ar ghníomhaíochtaí ar fáil agus go gcuirfear achoimre den tuarascáil sin ar fáil go poiblí. Ní bheidh faisnéis rúnda san achoimre sin. Áireofar an méid seo a leanas san achoimre:***

**(a) *sonraí maidir le cúraimí na maoirseoirí;***

**(b) *forléargas ar na gníomhaíochtaí maoirseachta;***

**(c) *an líon gníomhaíochtaí maoirseachta ar an láthair agus lasmuigh den láthair; agus***

**(d) *líon na sárúithe a sainaitníodh ar bhonn na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus na smachtbhannaí nó na mbeart riaracháin a chuir na húdaráis mhaoirseachta agus na comhlachtaí féinrialála i bhfeidhm de bhun Roinn 4 de Chaibidil IV;***

***Déanfaidh an maoirseoir agus an comhlacht féinrialála a ullmhaíonn tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír an tuarascáil sin a tharchur chuig an údarás ainmnithe nó chuig an sásra ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus chuig ÚFA. Cuirfidh an t-údarás ainmnithe aiseolas ar fáil agus molfaidh sé feabhsuithe féideartha a bhféadfadh moltaí a bheith san áireamh iontu maidir le leithdháileadh na bhfreagrachtaí maoirseachta a athrú agus maidir leis na socruithe chun cúraimí maoirseachta a chur i gerích.***

***Airteagal 31a***

***Liosta d'institiúidí creidmheasa agus  
airgeadais faoi mhaoirseacht  
fheabhsaithe agus dícheall cuí  
custaiméara***

- 1. Déanfaidh maoirseoirí airgeadais  
institiúidí creidmheasa nó airgeadais  
sonracha a áireamh ar liosta d'institiúidí  
creidmheasa agus airgeadais faoi  
mhaoirseacht fheabhsaithe i gcás ina  
saináithneoidh maoirseoirí airgeadais, tar  
éis gníomhaíochtaí maoirseachta a  
dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 29,  
pointí (c), (e), (f) agus (g), laigí  
tromchúiseacha agus struchtúracha nó  
leochaileachtaí i gcur i bhfeidhm rialacha  
AML/CFT ag na hinstiúidí creidmheasa  
agus airgeadais sin faoina maoirseacht.***
- 2. Agus na bearta dá dtagraítear i  
mír 1 den Airteagal seo á gcur i bhfeidhm,  
cuirfidh maoirseoirí airgeadais san  
áireamh rialacha agus prionsabail na  
maoirseachta rioscabhunaithe a leagtar  
síos in Airteagal 31, go háirithe na  
tagarmharcanna agus modheolaíocht  
chun measúnú agus aicmiú a dhéanamh  
ar phróifíl riosca bhunúsach agus  
iarmharach na n-eintiteas atá faoi  
oibleagáid agus na treoirlínte maidir le  
saintréithe cur chuige rioscabhunaithe i  
leith maoirseachta.***
- 3. Cuirfidh maoirseoirí airgeadais  
institiúidí creidmheasa agus airgeadais ar  
an eolas faoina n-áireamh ar an liosta dá  
dtagraítear i mír 1 sula gcuirfear san  
áireamh iad trí theachtairacht  
réasúnaithe. Cuirfidh maoirseoirí  
airgeadais in iúl don institiúid  
chreidmheasa nó airgeadais lena  
mbaineann freisin na bearta a chuirfidh  
siad i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt***

*ar na laigí a saináithníodh laistigh de thréimhse shonrach ama.*

*4. Cuirfidh maoirseoirí airgeadais ÚFA agus maoirseoirí náisiúnta neamh-AML/CFT ar an eolas go pras faoi na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1. Cuirfidh maoirseoirí airgeadais na heintitis faoi oibleagáid, dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (1) agus (2), de Rialachán... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239(COD)], ar an eolas go tráthúil freisin maidir leis na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1.*

*5. Maidir le heintitis faoi oibleagáid, amhail dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí 1 agus 2, de Rialachán... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239(COD)], i gcás ina dtagann siad ar an eolas faoi idirbhearta a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais faoi mhaoirseacht fheabhsaithe, déanfaidh siad machnamh ar na bearta a leagtar síos in Airteagal 28(4) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rioscaí arna saináithint maidir le hidirbhearta a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa nó airgeadais faoi mhaoirseacht fheabhsaithe.*

*6. I gcás inar cuid de ghrúpa í an institiúid chreidmheasa agus airgeadais shonrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh maoirseoirí airgeadais a gcontrapháirtithe i mBallstáit eile ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 33.*

**Leasú 293**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 32 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit más rud é, *i*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit más rud é,

**gcúrsa** na seiceálacha arna ndéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid, nó ar bhealach ar bith eile, go n-aimseoidh na maoirseoirí fíorais a d'fhéadfadh baint a bheith acu le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, cuirfidh siad é sin in iúl don AFA go pras.

**le linn** na seiceálacha arna ndéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid, nó ar bhealach ar bith eile, go n-aimseoidh na maoirseoirí fíorais a d'fhéadfadh baint a bheith acu le sciúradh airgid nó le maoiniú sceimhlitheoireachta, cuirfidh siad é sin in iúl don AFA go pras **más rud é go mbeadh oibleagáid ar an eintiteas féin faoi oibleagáid tuarascáil a thabhairt maidir le hidirbheart amhrasach i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)].**

**Leasú 294**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 33 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Sa bhreis ar Airteagal 5, maidir le haon eintitis atá faoi oibleagáid ar mian leo an tsaoirse a fheidhmiú chun seirbhísí a sholáthar trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh laistigh de chríoch Ballstáit eile den chéad uair, tabharfaidh siad fógra do mhaoirseoirí an Bhallstáit baile faoi na gníomhaíochtaí a bheartaíonn siad a dhéanamh. Ceanglófar freisin an fógra sin a thabhairt i gcás inarb iad gníomhairí an eintitis atá faoi oibleagáid a sholáthraíonn na seirbhísí sin.

*Leasú*

2. Sa bhreis ar **na hoibleagáidí a leagtar síos in** Airteagal 5, maidir le haon eintitis atá faoi oibleagáid ar mian leo an tsaoirse a fheidhmiú chun seirbhísí a sholáthar trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh laistigh de chríoch Ballstáit eile den chéad uair, tabharfaidh siad fógra do mhaoirseoirí an Bhallstáit baile faoi na gníomhaíochtaí a bheartaíonn siad a dhéanamh. **Déanfaidh na maoirseoirí sin, laistigh de thrí mhí tar éis an fhaisnéis sin a fháil, í a chur in iúl do mhaoirseoirí an Bhallstáit óstaigh.** Ceanglófar freisin an fógra sin a thabhairt i gcás inarb iad gníomhairí an eintitis atá faoi oibleagáid a sholáthraíonn na seirbhísí sin **nó inarb é aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ghníomhaíonn thar a cheann a sholáthraíonn na seirbhísí sin. Ní bheidh feidhm aige maidir le heintitis faoi oibleagáid atá, de bhun gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, faoi réir nósanna imeachta sonracha um fhógra a thabhairt maidir le feidhmiú na saoirse bunáochta agus chun seirbhísí a sholáthar.**

**Leasú 295**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 33 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Sna cásanna a chumhdaítear le ***mír den*** Airteagal seo agus le hAirteagal 5, oibreoidh maoirseoirí an Bhallstáit óstaigh i gcomhar le maoirseoirí an Bhallstáit baile agus tabharfaidh siad cúnaimh lena áirithiú go bhfíoróidh an t-eintiteas atá faoi oibleagáid comhlíonadh cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus Rialachán [cuir isteach tagairt – togra maidir le athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847 - COM/2021/422 final] agus chun bearta comhréireacha iomchuí a dhéanamh chun dul i ngleic le sáruithe.

**Leasú 296**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 33 – mír 4 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 5, ceadófar do mhaoirseoirí an Bhallstáit óstaigh, ar a dtionscnamh féin, bearta iomchuí comhréireacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlistí tromchúiseacha a bhfuil gá le leigheasanna láithreacha ina leith. Beidh na bearta sin sealadach agus foirceannfar iad nuair a thabharfar aghaidh ar na clistí a shaináithnítear, lena n-áirítear le cúnaimh ó mhaoirseoirí Bhallstát baile an eintitis ***atá*** faoi oibleagáid nó i gcomhar leo.

*Leasú*

4. Sna cásanna a chumhdaítear le ***mír 2 den*** Airteagal seo agus le hAirteagal 5, oibreoidh maoirseoirí an Bhallstáit óstaigh i gcomhar le maoirseoirí an Bhallstáit baile agus tabharfaidh siad cúnaimh lena áirithiú go bhfíoróidh an t-eintiteas atá faoi oibleagáid comhlíonadh cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus Rialachán [cuir isteach tagairt – togra maidir le athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847 - COM/2021/422 final] agus chun bearta comhréireacha, ***éifeachtacha, athchomhairleacha*** iomchuí a dhéanamh chun dul i ngleic le sáruithe.

*Leasú*

Sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 5, ceadófar do mhaoirseoirí an Bhallstáit óstaigh, ar a dtionscnamh féin, bearta iomchuí comhréireacha ***éifeachtacha agus athchomhairleacha*** a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chlistí tromchúiseacha a bhfuil gá le leigheasanna láithreacha ina leith ***agus cuirfidh siad maoirseoir an Bhallstáit baile ar an eolas go pras***. Beidh na bearta sin sealadach agus foirceannfar iad nuair a thabharfar aghaidh ar na clistí a shaináithnítear, lena n-áirítear le cúnaimh ó mhaoirseoirí Bhallstát baile an eintitis faoi oibleagáid nó i gcomhar leo.



**Leasú 297**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 33 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], eiseoidh ÚFA treoirlínte maidir leis na critéir chun clistí tromchúiseacha a shainaithint a dteastaíonn gníomhaíocht láithreach ina leith, agus maidir leis na bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhaoirseoirí óstacha chun aghaidh a thabhairt ar na teipeanna sin.**

**Leasú 298**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 33 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5. I gcás nach n-aontaíonn maoirseoirí an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh maidir leis na bearta atá le déanamh i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid, féadfaidh siad an t-ábhar a chur faoi bhráid ÚFA agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 10 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final]. **Déanfaidh** ÚFA a chomhairle **a chur** ar fáil maidir le **heasaontas** laistigh de mhí amháin.

5. I gcás nach n-aontaíonn maoirseoirí an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh maidir leis na bearta atá le déanamh i ndáil le heintiteas faoi oibleagáid, féadfaidh siad **go léir** an t-ábhar a chur faoi bhráid ÚFA agus a chúnamh a iarraidh i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 10 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final]. **Cuirfidh** ÚFA a chomhairle ar fáil maidir le **hábhar an easaontais** laistigh de mhí amháin **agus réiteoidh sé an t-easaontas faoin ábhar trí threoir cheangailteach de bhun Airteagal XX(X) den Rialachán sin.**

**Leasú 299**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 34 – mír 5 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Féadfaidh ÚFA gníomhú i gcomhréir leis

Féadfaidh ÚFA gníomhú i gcomhréir leis

na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 5 agus Airteagal 10 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final]. Agus an méid sin á dhéanamh cuirfidh ÚFA a chomhairle ar fáil maidir le hábhar na hiarrata laistigh de mhí amháin.

na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 5 agus Airteagal 10 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final]. Agus an méid sin á dhéanamh cuirfidh ÚFA a chomhairle ar fáil maidir le hábhar na hiarrata laistigh de mhí amháin **agus réiteoidh sé an t-easaontas faoin ábhar trí threoir cheangailteach de bhun Airteagal XX(X) den Rialachán sin.**

**Leasú 300**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 34 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo freisin maidir le maoirseacht ar ghrúpaí eintiteas faoi oibleagáid cé is moite d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais. Áiritheoidh na Ballstáit chomh maith i gcásanna ina bhfuil eintitis atá faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais ina gcuid de na struchtúir faoina gcomhroinntear úinéireacht choiteann, bainistíocht nó rialú comhlíontachta, lena n-áirítear líonraí nó comhpháirtíochtaí, go n-éascófar comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí.***

*scriosta*

**Leasú 301**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 34 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 34a***

***Maoirseacht ar ghrúpaí eintiteas faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa nó airgeadais***

**1. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag forálacha Airteagal 34 freisin***

*maidir le maoirseoirí neamhairgeadais i gcásanna maoirseachta ar ghrúpaí eintiteas faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa nó airgeadais, ach amháin i gcás ina n-eisíonn ÚFA maoirseacht dhíreach i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)]. Áiritheoidh na Ballstáit freisin i gcásanna ina bhfuil eintitis atá faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais ina gcuid de na struchtúir faoina gcomhroinntear úinéireacht choiteann, bainistíocht nó rialú comhlíontachta, lena n-áirítear líonraí nó comhpháirtíochtaí, go n-éascófar comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí airgeadais agus neamhairgeadais.*

*2. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh ÚFA, tar éis dul i gcomhairle le maoirseoirí agus údarais a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad chun go nglacfar iad. Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin déanfar an méid seo a leanas:*

*(a) critéir a bhunú chun grúpaí eintiteas faoi oibleagáid a shainaithint seachas institiúidí creidmheasa nó airgeadais atá mar chuid de struchtúir a oibríonn thar theorainneacha agus a chomhroinneann úinéireacht chomhchoiteann, bainistíocht nó rialú comhlíontachta, lena n-áirítear líonraí nó comhpháirtíochtaí;*

*(b) mionsonraí a thabhairt ar dhualgais na maoirseoirí baile agus na maoirseoirí óstacha faoi seach, agus ar na módúlachtaí comhair eatarthu, go háirithe malartú faisnéise ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint bhunúsach nó iarmhair ar riosca eintitis faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa nó airgeadais i mBallstát*

*eile;*

*(c) treoir a chur ar fáil maidir leis na cásanna ina bhfuil comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí airgeadais agus maoirseoirí neamhairgeadais ábhartha agus maidir le módúlachtaí an chomhair sin.*

*3. Déanfaidh an Coimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 go hAirteagal 41 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/024039 (COD)].*

**Leasú 302**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 35 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na maoirseoirí, lena n-áirítear ÚFA, na cásanna in iúl dá chéile nach gceadaítear le dlí tríú tír cur chun feidhme na mbeartas, na rialuithe agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi Airteagal 13 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid- COM/2021/420 final]. Sna cásanna sin, féadfaidh **na** maoirseoirí gníomhaíochtaí comhordaithe a **ghlacadh** chun réiteach **a shaothrú**. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar cé na tríú tíortha nach gceadaíonn cur chun feidhme na mbeartas, na rialuithe agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi mhír 3 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid- COM/2021/420 final], cuirfidh na maoirseoirí san áireamh aon srianta dlíthiúla a d'fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme cuí na mbeartas agus na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear rúndacht ghairmiúil, leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí agus srianta eile a chuireann teorainn leis an malartú

*Leasú*

Cuirfidh na maoirseoirí, lena n-áirítear ÚFA **agus údaráis neamh-AML/CFT** na cásanna in iúl dá chéile nach gceadaítear le dlí tríú tír cur chun feidhme na mbeartas, na rialuithe agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi Airteagal 13 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid- COM/2021/420 final]. Sna cásanna sin, féadfaidh maoirseoirí gníomhaíochtaí comhordaithe a **dhéanamh** chun **teacht ar** réiteach, **má mheasann siad gur gá sin**. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar cé na tríú tíortha nach gceadaíonn cur chun feidhme na mbeartas, na rialuithe agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi mhír 3 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid- COM/2021/420 final], cuirfidh na maoirseoirí san áireamh aon srianta dlíthiúla a d'fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme cuí na mbeartas agus na nósanna imeachta sin, lena n-áirítear rúndacht ghairmiúil, leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí agus srianta

faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun na críche sin.

eile a chuireann teorainn leis an malartú faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun na críche sin.

**Leasú 303**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Caibidil IV – Roinn 2 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Forálacha sonracha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais

*Leasú*

Forálacha sonracha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais ***agus an earnáil neamhairgeadais***

**Leasú 304**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Coláistí maoirseachta AML/CFT

*Leasú*

Coláistí maoirseachta AML/CFT ***san earnáil airgeadais***

**Leasú 305**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Beidh gníomhaíochtaí maoirseachta choláistí maoirseachta AML/CFT comhréireach leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an institiúid chreidmheasa nó airgeadais agus le scála a gníomhaíochta trasteorann. Féadfaidh coláistí maoirseachta AML/CFT clár na ngníomhaíochtaí maoirseachta laistigh den choláiste a choigeartú ar bhonn riosca-íogair.***

**Leasú 306**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Freastalóidh ÚFA ar chruinnithe choláistí maoirseachta AML/CFT agus éascóidh sé a gcuid oibre i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].

**Leasú 307**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5. Freastalóidh ÚFA ar chruinnithe choláistí maoirseachta AML/CFT agus éascóidh sé a gcuid oibre i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final]. ***Beidh sé de chumhacht ag ÚFA idirghabháil a dhéanamh i gcás ina dtagann easaontas chun cinn idir maoirseoirí atá ag glacadh páirt i gcoláistí maoirseachta AML/CFT agus chun aon easaontas faoin ábhar a réiteach trí threoir cheangailteach de bhun Airteagal XX(X) den Rialachán sin.***

*Leasú*

***5a. Féadfar cead a thabhairt do mhaoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha a bheith rannpháirteach i gcoláistí maoirseachta AML/CFT, go háirithe coláistí maoirseachta AML/CFT arna mbunú faoi phointe (b) de mhír 1, ar na coinníollacha seo a leanas:***

***(a) go bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht ann;***

***(b) go bhfuil feidhm ag rialacha cosanta sonraí a bhaineann le haistrithe sonraí;***

***(c) go bhfuil an rannpháirtíocht bunaithe ar chómhálartacht;***

***(d) go bhfuil an fhaisnéis a nochtfar faoi réir ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil a ráthú atá coibhéiseach ar a laghad leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 50(1) agus nach n-úsáidtear í ach amháin chun cúraimí maoirseachta na maoirseoirí airgeadais***

*rannpháirteacha a chomhlíonadh.*

*Déanfaidh ÚFA measúnú an gcomhlíonann maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhómhír agus déanfaidh siad cinneadh maidir le rannpháirtíocht maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha i gcoláistí maoirseachta AML/CFT.*

**Leasú 308**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Faoin [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Sonrófar leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin na coinníollacha ginearálta le haghaidh feidhmiú coláistí maoirseachta AML/CFT, lena n-áirítear téarmaí an chomhair idir rannpháirtithe, agus feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí sin.

*Leasú*

6. Faoin [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Sonrófar leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin na coinníollacha ginearálta le haghaidh feidhmiú coláistí maoirseachta AML/CFT *ar bhonn riosca-íogair*, lena n-áirítear téarmaí an chomhair idir rannpháirtithe, agus feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí sin. *Sonróidh siad freisin ceanglais maidir le rannpháirtíocht maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha. Sula gcuirfear na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin, rachaidh ÚFA i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis na rialacha cosanta sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le sonraí a aistrítear chuig maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha.*

**Leasú 309**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 36 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 36a*



*Coláistí maoirseachta AML/CFT san  
earnáil neamhairgeadais*

**1. *Airitheoidh na Ballstáit go mbeidh maoirseoirí neamhairgeadais rannpháirteach i gcoláistí maoirseachta tiomnaithe AML/CFT a bhunaítear de bhun Airteagal 31a de Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)] in aon cheann de na cásanna seo a leanas:***

**(a) *maidir le heintiteas faoi oibleagáid amháil dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)], i gcás ina bhfuil bunáochtaí curtha ar bun aige nó ina soláthraíonn sé seirbhísí i dtír Bhallstát éagsúla ar a laghad seachas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil EUR 200 milliún ar a laghad aige ar fud an Aontais;***

**(b) *maidir le heintiteas faoi oibleagáid amháil dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3) de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)], i gcás inar eintiteas tríú tír é a oibríonn i gceithre Bhallstát ar a laghad agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil EUR 200 milliún ar a laghad aige ar fud an Aontais.***

**2. *Beidh gníomhaíochtaí maoirseachta choláistí maoirseachta AML/CFT comhréireach leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an eintiteas faoi oibleagáid agus le scála a gníomhaíochta trasteorann. Féadfaidh coláistí maoirseachta AML/CFT clár na ngníomhaíochtaí maoirseachta laistigh den choláiste a choigeartú ar bhonn riosca-íogair.***

**3. *Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, tar éis cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 31a de Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA — 2021/0240 (COD)],***

*áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh maoirseoirí neamhairgeadais na nithe seo a leanas a shainaithint:*

*(a) gach eintiteas faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)] a oibríonn ar bhonn trasteorann a bhfuil údarú faighte ina mBallstát;*

*(b) na bunáochtaí uile arna mbunú ag eintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)] i ndlinsí eile;*

*(c) na bunáochtaí arna mbunú ina gcríoch ag eintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), de Rialachán... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)] ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha.*

*4. Féadfar coláistí maoirseachta AML/CFT den sórt sin a úsáid chun faisnéis a mhalartú, cúnamh frithpháirteach a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, an cur chuige maoirseachta i leith an eintitis faoi oibleagáid a chomhordú, lena n-áirítear bearta iomchuí agus comhréireacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha ar cheanglais Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid — 2021/0239 (COD)] a bhraitear i ndlínse maoirseora a ghlacann páirt sa choláiste.*

*5. Déanfaidh ÚFA cinneadh maidir leis an ngá atá le coláistí maoirseachta AML/CFT a bhunú agus freastal ar chruinnithe choláistí maoirseachta AML/CFT agus éascóidh sé a gcuid oibre i gcomhréir le hAirteagal 31a de Rialachán... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)]. Beidh sé de chumhacht ag ÚFA*

*idirghabháil a dhéanamh i gcás ina dtagann easaontas chun cinn idir maoirseoirí a ghlacann páirt i gcoláistí maoirseachta AML/CFT agus cabhrú chun coinbhleachtaí a réiteach idir údaráis mhaoirseachta rannpháirteacha arna iarraidh sin dóibh de bhun Airteagal 31a(2) den Rialachán sin.*

*6. Féadfar cead a thabhairt do mhaoirseoirí neamhairgeadais i dtríú tíortha a bheith rannpháirteach i gcoláistí maoirseachta AML/CFT, go háirithe coláistí maoirseachta AML/CFT arna mbunú faoi phointe (b) de mhír 1, ar na coinníollacha seo a leanas:*

*(a) go bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht ann;*

*(b) go bhfuil feidhm ag rialacha cosanta sonraí a bhaineann le haistrithe sonraí;*

*(c) go bhfuil an rannpháirtíocht bunaithe ar chómhálartacht;*

*(d) go bhfuil an fhaisnéis a nochtfar faoi réir ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil a ráthú atá coibhéiseach ar a laghad leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 50(1) agus nach n-úsáidtear í ach amháin chun cúraimí maoirseachta na maoirseoirí airgeadais rannpháirteacha a chomhlíonadh.*

*Déanfaidh ÚFA measúnú an gcomhlíonann maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír agus déanfaidh siad cinneadh maidir le rannpháirtíocht maoirseoirí neamhairgeadais i dtríú tíortha i gcoláistí maoirseachta AML/CFT.*

*7. Faoin ... [trí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Sonrófar leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin na coinníollacha ginearálta le haghaidh feidhmiú coláistí*

*maoirseachta AML/CFT ar bhonn riosca-íogair, lena n-áirítear téarmaí an chomhair idir rannpháirtithe, agus feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí sin. Sonróidh siad freisin ceanglais shonracha maidir le rannpháirtíocht maoirseoirí neamhairgeadais i dtríú tíortha. Sula gcuirfear na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin, rachaidh ÚFA i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis na rialacha cosanta sonraí a bhfuil feidhm acu maidir le sonraí a aistrítear chuig maoirseoirí airgeadais i dtríú tíortha.*

*Cumhachtaítear don Choimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 go hAirteagal 41 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)].*

**Leasú 310**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 37 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhar le maoirseoirí *airgeadais* i dtríú tíortha

*Leasú*

Comhar le maoirseoirí i dtríú tíortha

**Leasú 311**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 37 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. *Féadfaidh* na Ballstáit a údarú do mhaoirseoirí comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích lena bhforálfar maidir le comhar agus malartú faisnéise rúnda a mhalartú lena gcontrapháirteanna i dtríú tíortha. Beidh comhaontuithe comhair den sórt sin i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí *maidir le malartuithe sonraí* agus

*Leasú*

1. *Déanfaidh* na Ballstáit a údarú do mhaoirseoirí comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích lena bhforálfar maidir le comhar agus malartú faisnéise rúnda a mhalartú lena gcontrapháirteanna i dtríú tíortha. Beidh comhaontuithe comhair den sórt sin i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí agus déanfar iad a thabhairt i gcrích

déanfar iad a thabhairt i gcrích ar bhonn na cómhalartachta agus ***ní dhéanfar é sin ach amháin má tá an fhaisnéis a nochtfar*** faoi réir cheanglais rúndachta gairmiúla atá comhionann ar a laghad leis sin dá dtagraítear in Airteagal 50(1). Bainfear feidhm as an bhfaisnéis rúnda a malartaíodh i gcomhréir leis na comhaontuithe comhair sin chun críche cúraimí maoirseachta na n-údarás sin a chomhlíonadh.

**Leasú 312**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 37 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás ina dtionscnaíonn an fhaisnéis arna malartú i mBallstát eile, ní dhéanfar í a nochtadh gan toiliú sainráite an údaráis inniúil a chomhroinn í agus, i gcás inarb iomchuí, chun na gcríoch ar thug an t-údarás sin a thoiliú dóibh agus chun na gcríoch sin amháin.

**Leasú 313**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 37 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Chun ***críocha mhír , féadfaidh ÚFA cibé cúnaimh is gá a thabhairt chun measúnú a dhéanamh*** ar choibhéis na gceanglas rúndachta gairmiúla is infheidhme maidir ***leis an gcontrapháirt*** tríú tír.

**Leasú 314**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 37 – mír 3**

ar bhonn na cómhalartachta agus faoi réir cheanglais rúndachta gairmiúla atá comhionann ar a laghad leis sin dá dtagraítear in Airteagal 50(1). Bainfear feidhm as an bhfaisnéis rúnda a malartaíodh i gcomhréir leis na comhaontuithe comhair sin chun críche cúraimí maoirseachta na n-údarás sin a chomhlíonadh.

*Leasú*

I gcás ina dtionscnaíonn an fhaisnéis arna malartú i mBallstát eile, ní dhéanfar í a nochtadh gan toiliú sainráite an údaráis inniúil a chomhroinn í agus, i gcás inarb iomchuí, chun na gcríoch ar thug an t-údarás sin a thoiliú dóibh agus chun na gcríoch sin amháin.

*Leasú*

2. Chun ***críoch mhír 1, déanfaidh ÚFA*** measúnú ar choibhéis na gceanglas rúndachta gairmiúla is infheidhme maidir ***le contrapháirtí an tríú tír.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh maoirseoirí airgeadais fógra faoi aon chomhaontú a shíniú de bhun an Airteagail seo do ÚFA laistigh d'aon mhí amháin ón uair a shíneofar é.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh maoirseoirí airgeadais fógra faoi aon chomhaontú a shíniú de bhun an Airteagail seo do ÚFA laistigh d'aon mhí amháin ón uair a shíneofar é. ***Forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrúfar teimpléad coiteann do na comhaontuithe comhair dá dtagraítear i mír 1. Cumhachtaítear don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA - 2021/0240 (COD)].***

**Leasú 315**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. I gcás ina gcinneann na Ballstáit, de bhun Airteagal 29(3), a cheadú do na comhlachtaí féinrialála maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a), (b) ***agus (d)*** de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], maidir le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí féinrialála sin a dhéanann siad agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gníomhaíochtaí sin faoi réir maoirseachta ag údarás poiblí.

*Leasú*

1. I gcás ina gcinneann na Ballstáit, de bhun Airteagal 29(3), a cheadú do na comhlachtaí féinrialála maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a) ***agus (b)*** de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], maidir le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí féinrialála sin a dhéanann siad agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gníomhaíochtaí sin faoi réir maoirseachta ag údarás poiblí.

**Leasú 316**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***1a. Beidh an t-údarás poiblí a bhfuil maoirseacht á déanamh aige ar***

*Leasú*

*chomhlachtaí féinrialála neamhspleách ó thaobh oibríochta de agus uathrialach agus déanfaidh sé a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh saor ó thionchar polaitiúil, rialtais nó tionscail nó ó chur isteach. Beidh ardleibhéal ionracais ag baill foirne na n-údarás poiblí sin agus beidh na scileanna iomchuí acu, lena n-áirítear maidir le claontaí a bhrath agus maidir le húsáid eiticiúil tacar mórshonraí, agus coinneoidh siad ardchaighdeáin ghairmiúla, lena n-áirítear caighdeáin rúndachta, cosanta sonraí agus caighdeáin a théann i ngleic le coinbhleachtaí leasa.*

**Leasú 317**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh an t-údarás a bhfuil maoirseacht á déanamh aige ar chomhlachtaí féinrialála freagrach as an méid seo a leanas:

*Leasú*

2. Beidh an t-údarás a bhfuil maoirseacht á déanamh aige ar chomhlachtaí féinrialála freagrach as *a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí féinrialála ar a laghad a n-oibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn as gníomhartha dlí an Aontais agus as reachtaíocht náisiúnta lena dtrasúitear gníomhartha dlí an Aontais, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:*

**Leasú 318**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) a áirithiú go *bhfeidhmeoidh na* comhlachtaí féinrialála a bhfeidhmeanna faoi Roinn 1 den Chaibidil seo de réir na gcaighdeán is airde;

*Leasú*

(c) a áirithiú go *gcomhlíonann* comhlachtaí féinrialála a bhfeidhmeanna faoi Roinn 1 den Chaibidil seo de réir na gcaighdeán is airde *agus, go háirithe, go ndéanann comhlachtaí féinrialála na cúraimí a leagtar síos in Airteagal 29(4);*



**Leasú 319**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar cumhachtaí leordhóthanacha don údarás a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mhír . **Ar a lghad**, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **an** chumhacht ag an údarás **an méid seo a dhéanamh**:

**Leasú 320**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) iallach a chur go gcuirfear ar fáil aon fhaisnéis a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus ar sheiceálacha a dhéanamh, seachas aon fhaisnéis a bhailíonn eintitis atá faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a), (b) **agus (d)**, de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] le linn staid dhlíthiúil a gcliant a fhionnadh, nó chun an cúram a chomhlíonadh maidir leis an gcliant sin a chosaint nó ionadaíocht air a dhéanamh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a thabhairt maidir leis na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint; i dtaobh ar bailíodh an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí, lena linn nó dá n-éis;

**Leasú 321**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 38 – mír 3 – pointe b**

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar cumhachtaí leordhóthanacha don údarás a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí féinrialála chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi mhír . **Go háirithe**, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **sé de** chumhacht ag an údarás:

*Leasú*

(a) iallach a chur go gcuirfear ar fáil aon fhaisnéis a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus ar sheiceálacha a dhéanamh, seachas aon fhaisnéis a bhailíonn eintitis atá faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (3)(a), **agus (b)**, de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] le linn staid dhlíthiúil a gcliant a fhionnadh, **faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin**, nó chun an cúram a chomhlíonadh maidir leis an gcliant sin a chosaint nó ionadaíocht air a dhéanamh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a thabhairt maidir leis na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint; i dtaobh ar bailíodh an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí, lena linn nó dá n-éis;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) treoracha a eisiúint do chomhlacht féinrialála chun críoch mainneachtain a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi Airteagal 29(1) a leigheas nó chun ceanglais **mhír den** Airteagal sin a chomhlíonadh, nó chun mainneachtain den chineál sin a chosc. Breithneoidh an t-údarás, agus na Treoracha sin á n-eisiúint aige, aon treoraíocht ábhartha a chur sé ar fáil nó a chuir ÚFA ar fáil.

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 39 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil oibleagáidí infheidhme maidir le **daoine dlítheanacha**, go bhféadfar smachtbhannaí agus bearta riaracháin a chur i bhfeidhm maidir **an** lucht bainistíochta sinsearach agus daoine dlítheanacha eile atá freagrach as an sárú faoin dlí náisiúnta.

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 39 – mír 5 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) treoracha a eisiúint do chomhlacht féinrialála chun críoch mainneachtain a fheidhmeanna a fheidhmiú faoi Airteagal 29(1) a leigheas nó chun ceanglais **mhír 5 agus 6 den** Airteagal sin a chomhlíonadh, nó chun mainneachtain den chineál sin a chosc. Breithneoidh an t-údarás, agus na Treoracha sin á n-eisiúint aige, aon treoraíocht ábhartha a chur sé ar fáil nó a chuir ÚFA ar fáil.

*Leasú*

3. I gcás sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil oibleagáidí infheidhme maidir le **duine dlítheanach**, go bhféadfar smachtbhannaí agus bearta riaracháin a chur i bhfeidhm maidir **lena** lucht bainistíochta sinsearach agus **le** daoine dlítheanacha eile atá freagrach as an sárú faoin dlí náisiúnta.

*Leasú*

**(ga) sárúithe comhchosúla arís agus arís eile ag an duine nádúrtha nó dlítheanach a gcuirtear an fhreagracht air.**

**Leasú 324**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 39 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu chun smachtbhannaí agus bearta riaracháin a fhorchur, comhoibreoidh maoirseoirí go dlúth chun a áirithiú go mbainfear amach na torthaí is inmhianaithe agus comhordóidh siad a ngníomhaíocht agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

**Leasú 325**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 39 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Faoi [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin **sainmhíneofar** táscairí chun aicmiú a dhéanamh ar leibhéal tromchúise na sárúithe agus na gcritéar a bheidh le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin á leagan **agus** bearta riaracháin á nglacadh de bhun na Roinne seo.

*Leasú*

6. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu chun smachtbhannaí agus bearta riaracháin a fhorchur, comhoibreoidh maoirseoirí go dlúth **agus, i gcás inarb ábhartha, comhordóidh siad a ngníomhaíochtaí le húdaráis neamh-AML/CFT**, chun a áirithiú go mbainfear amach na torthaí is inmhianaithe agus comhordóidh siad a ngníomhaíocht agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

*Leasú*

7. Faoi [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. **Saineofar** leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin táscairí chun aicmiú a dhéanamh ar leibhéal tromchúise na sárúithe agus na gcritéar a bheidh le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin á leagan **síos nó** bearta riaracháin á nglacadh de bhun na Roinne seo **agus na hiarmhairtí i gcás sárúithe leantacha. Aireofar freisin sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála raonta smachtbhannaí airgid i gcoibhneas le láimhdeachas an eintitis a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis na táscairí chun leibhéal an tsárúithe a aicmiú mar thagairtí le haghaidh smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, lena n-áirítear i gcás sárúithe a dhéantar arís agus arís eile.**

**Leasú 326**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 40 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) Roinn 1 de Chaibidil II (rialuithe inmheánacha).

**Leasú 327**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 40 – mír 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) i gcás duine dlítheanach, smachtbhannaí uasta airgid riaracháin ar luach EUR 10 000 000 ar a laghad nó, **10 %** den láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas is déanaí atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta; i gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta máthairghnóthais an t-eintiteas faoi oibleagáid a bhfuil sé de cheangal air cuntais airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>49</sup>, is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach i gcomhréir leis an gcóras cuntais ábhartha de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh;

---

<sup>49</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha

*Leasú*

(d) Roinn 1 de Chaibidil II (*beartais*, rialuithe **agus nósanna imeachta** inmheánacha **na n-eintiteas faoi oibleagáid**).

*Leasú*

(a) i gcás duine dlítheanach, smachtbhannaí uasta airgid riaracháin ar luach EUR 10 000 000 ar a laghad nó, **15 %** den láimhdeachas bliantúil **domhanda** iomlán de réir na gcuntas is déanaí atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, **cibé acu is airde**, i gcás inar máthairghnóthas nó fochuideachta máthairghnóthais an t-eintiteas faoi oibleagáid a bhfuil sé de cheangal air cuntais airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>49</sup>, is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha an láimhdeachas bliantúil **domhanda** iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach i gcomhréir leis an gcóras cuntais ábhartha de réir na gcuntas comhdhlúite is déanaí atá ar fáil a d'fhormheas comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh;

---

<sup>49</sup> Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha

gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

**Leasú 328**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 40 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

*Leasú*

**4a. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar na sárúithe dá dtagraítear i mír 1 a chur i leith duine dlítheanach i gcás ina ndearna aon duine nádúrtha an sárú chun tairbhe dó, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht an duine dhlítheanaigh sin a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:***

**(a) *cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar an duine dlítheanach sin;***

**(b) *údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;***

**(c) *údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach sin.***

**Leasú 329**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 40 – mír 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4b. *Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir duine dlítheanach a chur faoi dhlítheanas i gcás inar fhág easpa maoirseachta nó rialaithe ag na daoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 4a den Airteagal seo go bhfuil duine atá faoina n-údarás in ann aon cheann de na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal 40(1) a dhéanamh chun***

*tairbhe an duine dhlítheanaigh sin.*

**Leasú 330**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 41 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. *Nuair a shainaithníonn maoirseoirí* sáruihte ar cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le *Frithsciúradh* Airgid - COM/2021/420 final] nach meastar a bheith tromchúiseach go leor chun pionós riaracháin a ghearradh orthu, *féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh bearta riaracháin a fhorchur ar an eintiteas atá faoi oibleagáid.* Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na maoirseoirí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

**Leasú 331**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) ordú a thabhairt d’eintitis atá faoi oibleagáid comhlíonadh a dhéanamh, lean n-áirítear bearta ceartaitheacha sonracha a chur chun feidhme;

**Leasú 332**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 41 – mír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) i gcás ina mbeidh eintiteas faoi oibleagáid faoi réir údarú, an t-údarú a

*Leasú*

1. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh maoirseoirí in ann bearta riaracháin seachas smachtbhannaí a fhorchur ar eintiteas faoi oibleagáid i gcás ina sainaithníonn siad* sáruihte ar cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le *Sciúradh* Airgid – COM/2021/420 final] *i gcomhcheangal le smachtbhannaí riaracháin nó i gcásanna* nach meastar a bheith tromchúiseach *a phionósú le smachtbhanna riaracháin* go leor chun pionós riaracháin a ghearradh orthu, *ina n-aonar.* Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na maoirseoirí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

*Leasú*

(b) ordú a thabhairt d’eintitis atá faoi oibleagáid comhlíonadh a dhéanamh, lean n-áirítear bearta ceartaitheacha sonracha a chur chun feidhme, *laistigh d’amlíne nithiúil réasúnta;*

*Leasú*

(e) i gcás ina mbeidh eintiteas faoi oibleagáid faoi réir údarú, an t-údarú a

tharraingt siar nó a chur ar fionraí;

tharraingt siar nó a chur ar fionraí **nó a mholadh go bhforchuirfí na bearta sin nó bearta comhchosúla i gcás ina mbeidh na cumhachtaí comhfhreagracha ag údarás eile;**

### Leasú 333

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 41 – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) cosc sealadach a chur ar aon duine a urscaoileann freagrachtaí bainistíochta in eintiteas faoi oibleagáid nó ar aon duine nádúrtha a mheastar a bheith freagrach as an sárú feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú in eintitis atá faoi oibleagáid.

*Leasú*

(f) cosc sealadach a chur ar aon duine a urscaoileann freagrachtaí bainistíochta in eintiteas faoi oibleagáid nó ar aon duine nádúrtha a mheastar a bheith freagrach as an sárú feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú in eintitis atá faoi oibleagáid, **nó a mholadh go bhforchuirfí an beart sin nó go mbainfí an duine ó fheidhm laistigh den eintiteas faoi oibleagáid i gcás ina bhfuil na cumhachtaí comhfhreagracha ag údarás eile.**

### Leasú 334

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 41 – mír 2 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) tíolacadh ad hoc nó rialta aon doiciméid a iarraidh is gá chun a gcúramaí a fheidhmiú, lena n-áirítear na doiciméid sin lena dtabharfar bonn cirt don phróiseas chun na bearta riaracháin sin a iarrtar a chur chun feidhme;

*Leasú*

(a) tíolacadh ad hoc nó rialta aon doiciméid a iarraidh is gá chun a gcúramaí a fheidhmiú, lena n-áirítear na doiciméid sin lena dtabharfar bonn cirt don phróiseas chun na bearta riaracháin sin a iarrtar a chur chun feidhme **gan moill mhíchui;**

### Leasú 335

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 42 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na maoirseoirí cinneadh lena

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseoidh na maoirseoirí cinneadh lena



bhforchuirfear smachtbhanna nó beart riaracháin i leith sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], **nach bhfuil aon achomharc ina choinne**, ar a suíomh gréasáin díreach tar éis don fhógra faoin gcinneadh sin a bheith tugtha don duine ar a gcuirtear na smachtbhannaí. Áireofar san **fhoilseachán** ar a laghad faisnéis **maidir le cineál** an tsáraithe, **mar aon le céannacht** na ndaoine atá freagrach. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit an fhomhír seo a chur i bhfeidhm maidir le cinntí lena bhforchuirtear bearta de chineál imscrúdaitheach.

bhforchuirfear smachtbhanna nó beart riaracháin i leith sárú ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final], ar a suíomh gréasáin **i bhformáid inrochtana, i dteanga oifigiúil an Bhallstáit i dtrácht agus i mBéarla**, díreach tar éis don fhógra faoin gcinneadh sin a bheith tugtha don duine ar a gcuirtear na smachtbhannaí **agus nach bhfuil faoi réir athbhreithniú inmheánach a thuilleadh**. Áireofar san **fhoilsiú sin**, ar a laghad, faisnéis **faoi chineál agus nádúr** an tsáraithe **agus faoi chéannacht** na ndaoine atá freagrach **agus cé acu an bhfuil an cinneadh faoi réir achomhairc**. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit an fhomhír seo a chur i bhfeidhm maidir le cinntí lena bhforchuirtear bearta de chineál imscrúdaitheach.

**Leasú 336**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe ii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(ii) comhréireacht fhoilsiú an chinnidh maidir **le bearta** a mheastar a bheith gan mórán tábhachta.

*Leasú*

(ii) comhréireacht fhoilsiú an chinnidh maidir **leis an damáiste don eintiteas faoi oibleagáid nó do bhearta** a mheastar a bheith gan mórán tábhachta.

**Leasú 337**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 42 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh **na** maoirseoirí go bhfanfaidh aon fhoilseachán, atá i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar a suíomh gréasáin oifigiúil ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh a fhoilsithe. Ní choinneofar sonraí pearsanta a bheidh san fhoilseachán, áfach, ar shuíomh gréasáin an

*Leasú*

3. Áiritheoidh maoirseoirí **nó údaráis inniúla eile** go bhfanfaidh aon fhoilseachán, atá i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar a suíomh gréasáin oifigiúil ar feadh tréimhse cúig bliana i ndiaidh a fhoilsithe. Ní choinneofar sonraí pearsanta a bheidh san fhoilseachán, áfach,

údaráis inniúil ach ar feadh na tréimhse atá riachtanach i gcomhréir leis na rialacha infheidhme cosanta sonraí agus in aon chás ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana.

ar shuíomh gréasáin an údaráis inniúil ach ar feadh na tréimhse atá riachtanach i gcomhréir leis na rialacha infheidhme cosanta sonraí agus in aon chás ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana.

**Leasú 338**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 42 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh maoirseoirí tuarascáil a tharraingt suas ar bhonn bliantúil ina mbeidh faisnéis ábhartha staidrimh maidir leis na smachtbhannaí a eisíodh agus na bearta a rinneadh. Beidh achoimre sa tuarascáil sin ar na sáruithe a ceadaíodh agus ar mhéideanna na bhfíneálacha. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal.***

**Leasú 339**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 42 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 40(1) a chur i leith daoine dlítheanacha arna ndéanamh ag aon duine chun sochair dóibh, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid d’orgán an duine dhlítheanaigh, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:***

*scriosta*

- (a) *cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar an duine dlítheanach;***
- (b) *údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;***
- (c) *údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.***

**Leasú 340**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 42 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir daoine dlítheanacha a chur faoi dhlítheanas i gcás inar fhág easpa maoirseachta nó rialaithe ag na daoine dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo go bhfuil duine atá faoina n-údarás in ann aon cheann de na sárúithe dá dtagraítear in Airteagal 40(1) a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin.**

*scriosta*

**Leasú 341**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis mhaoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí féinrialála, sásraí éifeachtacha iontaoifa chun tuairisciú sárúithe féideartha nó iarbhír ar Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] a spreagadh.

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis mhaoirseachta, **AFAnna**, agus, i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí féinrialála, sásraí éifeachtacha iontaoifa chun tuairisciú sárúithe féideartha nó iarbhír ar **fhorálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo agus ar** Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] a spreagadh.

**Leasú 342**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 1 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun na críche sin, soláthróidh siad bealach cumarsáide slán amháin nó níos mó le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear sa chéad fómhír. Áiritheoidh bealaí den sórt sin **nach** mbeidh céannacht na ndaoine sin a chuireann faisnéis ar fáil

Chun na críche sin, soláthróidh siad bealach cumarsáide slán amháin nó níos mó le haghaidh an tuairiscithe dá dtagraítear sa chéad fómhír. Áiritheoidh bealaí den sórt sin **go** mbeidh céannacht na ndaoine sin a chuireann faisnéis ar fáil

ar eolas ach amháin ag an údarás maoirseachta nó, i gcás inarb infheidhme, ag an gcomhlacht féinrialála.

*criptithe agus nach mbeidh sí* ar eolas ach amháin ag an údarás maoirseachta nó, i gcás inarb infheidhme, ag an gcomhlacht féinrialála. *I gcás ina mbaineann tuairisciú le sáruihte féideartha nó iarbhír ag fostaithe nó ag comhlacht bainistíochta na n-údarás maoirseachta nó, i gcás inarb infheidhme, ag comhlacht féinrialála, níor cheart go mbeadh céannacht an duine ar eolas ach amháin ag an gcomhlacht sonracha atá freagrach as tuairiscí a fháil.*

**Leasú 343**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) nósanna imeachta sonracha maidir le tuairiscí ar sháruihte a fháil agus bearta leantacha a dhéanamh;

*Leasú*

(a) nósanna imeachta sonracha maidir le tuairiscí ar sháruihte a fháil **ag daoine aonair anaithnide** agus **neamh-anaithnide agus** bearta leantacha a dhéanamh;

**Leasú 344**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) cosaint iomchuí d'fhostaithe nó **do dhaoine** a bhfuil post inchomparáide acu, **in eintitis atá** faoi oibleagáid a thuiriscíonn sáruihte a dhéantar laistigh den eintiteas faoi oibleagáid;

*Leasú*

(b) cosaint iomchuí **chomh maith le rochtain ar chomhairle dhlíthiúil agus airgeadais** d'fhostaithe, **comhaltaí boird, scairshealbhóirí, conraitheoirí, fochonraitheoirí, soláthraithe, oiliúnaithe agus iar-oibrithe** nó **daoine** a bhfuil post inchomparáide acu, **d'fhostaithe eintiteas** faoi oibleagáid a thuiriscíonn sáruihte a dhéantar laistigh den eintiteas faoi oibleagáid, **agus d'aon duine aonair a bhfuil eolas neamhspleách aige nó a chuireann faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla tar éis meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí;**

**Leasú 345**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) rialacha soiléire a áiritheoidh go ráthófar rúndacht i ngach cás i ndáil leis an duine a thuairiscíonn na sáruihte a dhéantar laistigh den eintiteas faoi oibleagáid, mura gceanglófar an nochtadh le dlí náisiúnta i gcomhthéacs imscrúduithe breise nó imeachtaí breithiúnacha dá éis sin.

**Leasú 346**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar daoine aonair, lena n-áirítear fostaithe agus ionadaithe an eintitis atá faoi oibleagáid, a thuairiscíonn sáruihte féideartha nó iarbhír **faoi** Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le **Frithsciúradh** Airgid - COM/2021/420 final] **go hinmheánach nó don AFA**, a chosaint ó thaobh **an** dlí ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí **nó** ar ghníomhaíocht **dhíoltach** nó naimhdeach, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha.

**Leasú 347**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 3 – fómhír 1**

*Leasú*

(e) rialacha soiléire a áiritheoidh go ráthófar rúndacht i ngach cás i ndáil leis an duine a thuairiscíonn na sáruihte a dhéantar laistigh den eintiteas faoi oibleagáid, **nó laistigh den mhaoirseoir nó, i gcás inarb infheidhme, den chomhlacht féinrialála**, mura gceanglófar an nochtadh le dlí náisiúnta i gcomhthéacs imscrúduithe breise nó imeachtaí breithiúnacha dá éis sin.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar daoine aonair, lena n-áirítear fostaithe agus ionadaithe an eintitis atá faoi oibleagáid **nó na n-údarás inniúil nó na n-údarás maoirseachta nó na gcomhlachtaí féinrialála** a thuairiscíonn sáruihte féideartha nó iarbhír **ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo nó ar** Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le **Sciúradh** Airgid – COM/2021/420 final], **de réir mar a fhoráiltear i mír 1 den Airteagal seo, a chosaint ó thaobh dlí i gcomhréir le Treoir AE 2019/1937** ar bheith neamhchosanta ar bhagairtí, ar ghníomhaíocht **díoltais** nó naimhdeach, agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí fostaíochta díobhálacha nó idirdhealaitheacha.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine aonair atá neamhchosanta ar bhagairtí, gníomhaíochtaí naimhdeacha, nó díobhálacha nó idirdhealaitheacha gníomhaíochtaí fostaíochta maidir le tuairisciú féideartha nó iarbhír **faoi** Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] go himmheánach, nó chuig **an AFA** i dteideal gearán a thíolacadh ar bhealach sábháilte, do na húdaráis inniúla faoi seach. Gan dochar do rúndacht na faisnéise arna bailiú ag an AFA, áiritheoidh Ballstáit go mbeidh an ceart ag daoine aonair den sórt sin leigheas éifeachtach a fháil chun a gcearta a choimirciú faoin mhír seo freisin.

**Leasú 348**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 44 – mír 1**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid maoirseoirí agus, i gcás inarb ábhartha, an t-údarás náisiúnta **atá i mbun maoirseachta** ar chomhlachtaí féinrialála agus iad ag feidhmiú a bhfeidhmeanna, ÚFA a chur ar an eolas faoi na smachtbhannaí agus bearta uile arna bhforchur i gcomhréir leis an Roinn seo, lena n-áirítear faoi aon achomharc i ndáil leis agus **toradh** an achomhairc sin. Déanfar an fhaisnéis sin a chomhroinnt le maoirseoirí eile freisin nuair a bhaineann an smachtbhanna nó an beart riaracháin le heintiteas atá ag oibriú in dhá Bhallstát nó níos mó.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine aonair atá neamhchosanta ar bhagairtí, gníomhaíochtaí naimhdeacha, nó díobhálacha nó idirdhealaitheacha gníomhaíochtaí fostaíochta maidir le tuairisciú **sáruithe** féideartha nó iarbhír **ar na forálacha náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo nó ar** Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] go himmheánach, nó chuig **na sásraí dá dtagraítear i mír 1** i dteideal gearán a thíolacadh ar bhealach sábháilte, do na húdaráis inniúla faoi seach. Gan dochar do rúndacht na faisnéise arna bailiú ag an AFA, áiritheoidh Ballstáit go mbeidh an ceart ag daoine aonair den sórt sin leigheas éifeachtach a fháil chun a gcearta a choimirciú faoin mhír seo freisin.

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcuid maoirseoirí agus, i gcás inarb ábhartha, an t-údarás náisiúnta **a dhéanann maoirseacht** ar chomhlachtaí féinrialála agus iad ag feidhmiú a bhfeidhmeanna **maoirseachta**, ÚFA, agus, **i gcás inarb ábhartha, AFAnna na mBallstát lena mbaineann**, a chur ar an eolas faoi na smachtbhannaí agus **na** bearta **riaracháin** uile arna bhforchur i gcomhréir leis an Roinn seo, lena n-áirítear faoi aon achomharc i ndáil leis **sin** agus **faoi thoradh** an achomhairc sin. Déanfar an fhaisnéis sin a chomhroinnt le maoirseoirí eile freisin nuair a bhaineann an smachtbhanna nó an beart riaracháin le heintiteas atá ag oibriú in dhá Bhallstát nó níos mó.

**Leasú 349**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 44 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Coinneoidh ÚFA ar bun ar a shuíomh** gréasáin **ar a** mbeidh naisc chuig foilsíú na smachtbhannaí agus na mbeart riaracháin i gcomhréir **l hAirteagal 42 a dhéanfaidh** gach **údarás inniúil** agus **luafar air** an tréimhse **feadh a mbíonn** smachtbhannaí agus bearta riaracháin **foilsithe ag gach Ballstát**.

**Leasú 350**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le lucht déanta beartas, AFAnna, maoirseoirí, **lena n-áirítear ÚFA**, agus údaráis inniúla eile, chomh maith le húdaráis chánach go bhfuil sásraí éifeachtacha acu chun é a chur ar a gcumas dóibh oibriú i gcomhar agus comhordú ar bhonn intíre maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus chun neamhchur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú leata a chosc, **lena n-áirítear d'fhonn a n-oibleagáidí faoi Airteagal 8 a chomhlíonadh**.

*Leasú*

2. **Coimeádfaidh ÚFA bunachar sonraí** ar a **láithreán** gréasáin **ina** mbeidh **faisnéis faoi na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm in aghaidh an eintitis faoi oibleagáid, mar aon leis na** naisc chuig foilsíú na smachtbhannaí agus na mbeart riaracháin **arna bhforchur** i gcomhréir **le hAirteagal 42 ag** gach **maoirseoir** agus **taispeánfaidh siad** an tréimhse **ama ar lena linn a fhoilsíonn gach Ballstát** smachtbhannaí agus bearta riaracháin.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le lucht déanta beartas, AFAnna, maoirseoirí, agus údaráis inniúla eile, chomh maith le húdaráis **forfheidhmithe dlí agus údaráis** chánach go bhfuil sásraí éifeachtacha acu chun é a chur ar a gcumas dóibh oibriú i gcomhar agus comhordú ar bhonn intíre **agus ar leibhéal an Aontais** maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus chun neamhchur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú leata a chosc, **lena n-áirítear d'fhonn a n-oibleagáidí faoi Airteagal 8 a chomhlíonadh**.



**Leasú 351**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí éifeachtacha ag lucht déanta beartas, na FIUnna, maoirseoirí agus údaráis inniúla eile chun a chur ar a gcumas comhoibriú le ÚFA, Europol, Eurojust agus OIPE faoi dhlí an Aontais is infheidhme maidir le beartais agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus chun neamhchur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a chosc.**

**Leasú 352**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1b. Maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí éifeachtacha i bhfeidhm ag AFAnna, maoirseoirí, údaráis inniúla atá i gceannas ar na cláir de bhun Chaibidil II, údaráis inniúla atá i gceannas ar smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, údaráis atá i gceannas ar shócmhainní a rianú agus a urghabháil nó a chalcadh agus a choigistiú agus údaráis inniúla eile chun faisnéis a mhalartú maidir le comhlíonadh, maoirseacht agus forfheidhmiú na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, lena n-áirítear chun sonraí ábhartha a bhaineann le daoine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhailiú, a phróiseáil agus a nochtadh.**

**Leasú 353**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar mhalartú faisnéise nó ar chúnamh idir údaráis inniúla ná ní chuirfidh siad coinníollacha a bheadh sriantach go míchuí ar an malartú sin chun críocha na Treorach seo. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndiúltóidh údaráis inniúla iarraidh ar chúnamh ar na forais seo a leanas:

**Leasú 354**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 3 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) go bhfuil fiosrúchán, imscrúdú nó imeacht ar bun sa Bhallstát iarrtha, ach amháin i gcás ina gcuirfeadh an cúnaimh bac ar an bhfiosrúchán, ar an imscrúdú nó ar an imeacht sin;

**Leasú 355**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 3 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) go bhfuil cineál nó stádas údarás inniúil an chontrapháirt iarrthaigh éagsúil ó chineál nó stádas an údaráis inniúil iarrtha.

*Leasú*

3. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar mhalartú faisnéise nó ar chúnamh idir údaráis inniúla, **maoirseoirí agus údaráis neamh AML/CFT** ná ní chuirfidh siad coinníollacha a bheadh sriantach go míchuí ar an malartú sin chun críocha na Treorach seo. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndiúltóidh údaráis inniúla, **maoirseoirí agus údaráis neamh AML/CFT** iarraidh ar chúnamh ar na forais seo a leanas:

*Leasú*

(c) go bhfuil **anailís**, fiosrúchán, imscrúdú nó imeacht ar bun sa Bhallstát iarrtha, ach amháin i gcás ina gcuirfeadh an cúnaimh bac ar an **anailís, ar an** bhfiosrúchán, ar an imscrúdú nó ar an imeacht sin;

*Leasú*

(d) go bhfuil cineál nó stádas údarás inniúil an chontrapháirt iarrthaigh, **an mhaoirseora nó an údaráis neamh-AML/CFT** éagsúil ó chineál nó stádas an údaráis inniúil iarrtha, **an mhaoirseora nó an údaráis neamh-AML/CFT**.

**Leasú 356**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 45 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain phras ag a gcuid maoirseoirí ar aon fhaisnéis is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Beidh sé de dhualgas ar mhaoirseoirí agus ar údaráis inniúla, lena n-áirítear FIUnna, comhoibriú le chéile.**

**Leasú 357**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 46 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*An liosta d'údaráis inniúla a chur in iúl*

*Liosta na n-údarás inniúil agus na gclár a chur in iúl*

**Leasú 358**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) sonraí teagmhála an eintitis atá i bhfeighil na gclár lárnach dá dtagraítear in Airteagal 10;**

**Leasú 359**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 46 – mír 1 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bb) na sonraí teagmhála is gá chun faisnéis a fháil maidir le sonraí réadmhaoine, le hearraí áirithe agus le cuntais bhainc;**

**Leasú 360**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 47 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Rachaidh *AFA* agus údaráis *mhaoirseachta* i gcomhar le ÚFA agus cuirfidh siad an fhaisnéis uile is gá ar fáil dó chun go bhféadfaidh sé a chuid dualgas faoin Treoir seo a chomhlíonadh, faoi Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus faoi Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].

**Leasú 361**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 48 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhar maidir le hinstiúidí creidmheasa

**Leasú 362**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 48 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Maidir le maoirseoirí airgeadais, AFAnna agus údaráis atá inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar instiúidí creidmheasa faoi ghníomhartha dlí eile, áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus go soláthróidh siad faisnéis dá chéile a bheidh ábhartha chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh. Ní chuirfidh comhar agus malartú faisnéise den sórt sin isteach ar

*Leasú*

Rachaidh *AFAnna*, *údaráis mhaoirseachta*, *údaráis inniúla* agus údaráis *neamh-AML/CFT* i gcomhar le ÚFA agus cuirfidh siad an fhaisnéis uile is gá ar fáil dó chun go bhféadfaidh sé a chuid dualgas faoin Treoir seo a chomhlíonadh, faoi Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] agus faoi Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].

*Leasú*

Comhar maidir le hinstiúidí creidmheasa *nó airgeadais*

*Leasú*

1. Maidir le maoirseoirí airgeadais, *údaráis neamh-AML/CFT*, AFAnna agus údaráis atá inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar instiúidí creidmheasa *nó airgeadais* faoi ghníomhartha dlí eile, áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus go soláthróidh siad faisnéis dá chéile a bheidh ábhartha chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh. Ní chuirfidh comhar agus

fhiosrúchán, imscrúdú nó imeachtaí atá ar siúl i gcomhréir le dlí coiriúil nó riaracháin an Bhallstáit ina bhfuil **an maoirseoir airgeadais** nó an t-údarás **airgeadais** lonnaithe, ar **maoirseoir airgeadais nó údarás airgeadais** iad ar cuireadh inniúlachtaí de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa faoi ghníomhartha dlí eile, agus ní dhéanfaidh siad difear d'oibleagáidí rúndachta gairmiúla mar a fhoráiltear in Airteagal 50(1).

malartú faisnéise den sórt sin isteach ar fhiosrúchán, imscrúdú nó imeachtaí atá ar siúl i gcomhréir le dlí coiriúil nó riaracháin an Bhallstáit ina bhfuil **na maoirseoirí, údarás neamh-AML/CFT, AFAnna** nó an t-údarás lonnaithe, ar **maoirseoirí nó údarás** iad ar cuireadh inniúlachtaí de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa **nó airgeadais** faoi ghníomhartha dlí eile, agus ní dhéanfaidh siad difear d'oibleagáidí rúndachta gairmiúla mar a fhoráiltear in Airteagal 50(1).

**Leasú 363**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 48 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás ina sainaitheoidh maoirseoirí airgeadais laigí i gcóras rialaithe inmheánaigh AML/CFT agus i gcur i bhfeidhm cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] ag institiúid creidmheasa, ar laigí iad lena méadaítear go hábhartha ar na rioscaí a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu nó lena méadaítear ar na rioscaí arbh fhéidir go mbeadh an institiúid neamhchosanta orthu, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an maoirseoir airgeadais fógra láithreach don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus don údarás nó don chomhlacht a dhéanann maoirseacht ar an institiúid creidmheasa i gcomhréir le **Treoir (AE) 2013/36**, lena n-áirítear BCE ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 1024/2013 ón gComhairle<sup>50</sup>.

<sup>50</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013

*Leasú*

2. I gcás ina sainaitheoidh maoirseoirí airgeadais, **údarás neamh AML/CFT nó AFAnna** laigí i gcóras rialaithe inmheánaigh AML/CFT agus i gcur i bhfeidhm cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] ag institiúid creidmheasa **nó airgeadais**, ar laigí iad lena méadaítear go hábhartha ar na rioscaí a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu nó lena méadaítear ar na rioscaí arbh fhéidir go mbeadh an institiúid neamhchosanta orthu, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh an maoirseoir airgeadais, **údarás neamh-AML/CFT nó AFA** fógra láithreach don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus don údarás nó don chomhlacht a dhéanann maoirseacht ar an institiúid creidmheasa **dá ndéantar difear** i gcomhréir le **dlí an Aontais is infheidhme**, lena n-áirítear BCE ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 1024/2013 ón gComhairle<sup>50</sup>.

<sup>50</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013

lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

### Leasú 364

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 48 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás riosca méadaithe, **beidh** maoirseoirí **airgeadais in ann idirchaidreamh a dhéanamh** leis na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar an institiúid i gcomhréir le **Treoir (AE) 2013/36** agus measúnú comhchoiteann a tharraingt suas a **dtabharfar** fógra do ÚBE ina leith. Déanfar ÚFA a choinneáil ar an eolas faoi aon fhógra den sórt sin.

*Leasú*

I gcás riosca méadaithe **a d'fhéadfadh a bheith ann, comhoibreoidh na** maoirseoirí **faoi seach** leis na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar an institiúid **agus roinnfidh siad faisnéis leo** i gcomhréir le **dlí an Aontais is infheidhme** agus **déanfaidh siad** measúnú comhchoiteann a tharraingt suas, a **dtabharfaidh an maoirseoir a sheol an fógra ar dtús fógra** do ÚBE ina leith. Déanfar ÚFA a choinneáil ar an eolas faoi aon fhógra den sórt sin.

### Leasú 365

#### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 48 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás ina mbreithneoidh maoirseoirí airgeadais gur dhiúltaigh institiúid creidmheasa caidreamh gnó a dhéanamh ach nach dtugtar údar leis an diúltú sin leis an dícheall cuí custaiméara a dhoiciméadaítear de bhun Airteagal 17(2), áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh siad an t-údarás atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid sin Treoir (AE) 2014/92 nó Treoir (AE) 2015/2366 ar an eolas.

*Leasú*

3. I gcás ina mbreithneoidh maoirseoirí airgeadais gur dhiúltaigh institiúid creidmheasa caidreamh gnó a dhéanamh ach **nó leanúint ar aghaidh leis** nach dtugtar údar leis an diúltú sin leis an dícheall cuí custaiméara a dhoiciméadaítear de bhun Airteagal 17(2), áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh siad an t-údarás atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid sin Treoir (AE) 2014/92 nó Treoir (AE) 2015/2366 ar an eolas.

**Leasú 366**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 48 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Faoi [2 bhliain tar éis dháta trasuite na Treorach seo], eiseoidh ÚFA, i gcomhairle le ÚBE, treoirlínte maidir le comhar idir maoirseoirí airgeadais agus na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, lena n-áirítear maidir le leibhéal na rannpháirtíochta ag AFAnna sa chomhar sin.

**Leasú 367**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 49 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur ar na húdaráis dá dtagraítear i mír dul i gcomhar nuair a bheadh an comhar sin, lena n-áirítear malartú faisnéise, ag cur isteach ar fhiosrúchán, imscrúdú nó imeachtaí leanúnacha i gcomhréir le dlí coiriúil nó riaracháin an Bhallstáit ina bhfuil na húdaráis lonnaithe.

**Leasú 368**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 50 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar gach duine a bhíonn ag obair nó a bhí ag obair do mhaoirseoirí airgeadais agus iniúcháirí nó saineolaithe atá ag gníomhú thar ceann maoirseoirí airgeadais go

*Leasú*

6. Faoi [2 bhliain tar éis dháta trasuite na Treorach seo], eiseoidh ÚFA, i gcomhairle le ÚBE **agus maoirseoirí**, treoirlínte maidir le comhar idir maoirseoirí airgeadais agus na húdaráis dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, lena n-áirítear maidir le leibhéal na rannpháirtíochta ag AFAnna sa chomhar sin.

*Leasú*

2. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a chur ar na húdaráis dá dtagraítear i mír **1** dul i gcomhar nuair a bheadh an comhar sin, lena n-áirítear malartú faisnéise, ag cur isteach ar fhiosrúchán, **anailís**, imscrúdú nó imeachtaí leanúnacha **nó nuair a dhéanfaidh sé dochar do thoirmeasc ar nochtadh faoi Airteagal 54 de Rialachán ... [cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid -2021/0239 (COD)]** i gcomhréir le dlí coiriúil nó riaracháin an Bhallstáit ina bhfuil na húdaráis lonnaithe.

*Leasú*

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar gach duine a bhíonn ag obair nó a bhí ag obair do mhaoirseoirí airgeadais agus iniúcháirí nó saineolaithe atá ag gníomhú thar ceann maoirseoirí airgeadais **nó**



mbeidh siad faoi cheangal ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

*AFAnna* go mbeidh siad faoi cheangal ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

**Leasú 369**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) maoirseoirí airgeadais agus AFAnna;

*Leasú*

(b) maoirseoirí airgeadais, **údaráis inniúla** agus AFAnna;

**Leasú 370**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) maoirseoirí airgeadais agus údaráis inniúla atá i gceannas ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhréir le gníomhartha reachtacha eile a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear BCE ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 1024/2013, cibé acu laistigh de Bhallstát nó i mBallstáit éagsúla dóibh.

*Leasú*

(c) maoirseoirí airgeadais agus údaráis inniúla atá i gceannas ar **maoirseacht a dhéanamh ar** institiúidí creidmheasa agus airgeadais i gcomhréir le gníomhartha reachtacha eile a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear BCE ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 1024/2013, cibé acu laistigh de Bhallstát nó i mBallstáit éagsúla dóibh.

**Leasú 371**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ca) **maoirseoirí airgeadais, na bainc cheannais náisiúnta atá ina gcomhaltai den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), agus BCE.**

**Leasú 372**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 50 – mír 2 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha na **chéad fhomhíre, pointe (c)**, beidh an malartú faisnéise faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla dá bhforáiltear i **mír** .

**Leasú 373**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 51 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) maoirseoirí agus na húdaráis atá freagrach le dlí as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí airgeadais i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna maoirseachta faoi seach;

**Leasú 374**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 51 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 375**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 51 – mír 1 – pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun críocha na **míre seo**, beidh an malartú faisnéise faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla dá bhforáiltear i **mír 1 nó na gceanglas coibhéiseach dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais**.

*Leasú*

(b) maoirseoirí agus na húdaráis atá freagrach le dlí as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí airgeadais **nó institiúidí creidmheasa nó airgeadais** i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna maoirseachta faoi seach;

*Leasú*

**(ca) maoirseoirí agus, i gcás inarb ábhartha, OIPE maidir le haon iompar coiriúil a bhféadfadh sí a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 nó le hAirteagal 25(2) nó (3) de Rialachán (AE) 2017/1939<sup>1a</sup>**

*Leasú*

**(cb) maoirseoirí agus, i gcás inarb ábhartha, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le cásanna féideartha calaoise, éillithe nó aon**

*ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>;*

---

*<sup>1a</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).*

**Leasú 376**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 51 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt maidir le faisnéis áirithe faoin maoirseacht a dhéantar ar eintitis faoi oibleagáid maidir le comhlíonadh cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] a nochtadh do choistí fiosrúcháin parlaiminteacha, do chúirteanna iniúchóirí agus d'eintitis eile atá i gceannas ar fhiosrúcháin ina mBallstát, faoi na coinníollacha seo a leanas:

**Leasú 377**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 52 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Leasú*

3. Féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt maidir le faisnéis áirithe faoin maoirseacht a dhéantar ar eintitis faoi oibleagáid maidir le comhlíonadh cheanglais Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/420 final] a nochtadh do choistí fiosrúcháin parlaiminteacha, *lena n-áirítear na coistí sin arna mbunú ag Parlaimint na hEorpa*, do chúirteanna iniúchóirí agus d'eintitis eile atá i gceannas ar fhiosrúcháin ina mBallstát, faoi na coinníollacha seo a leanas:

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) an comhar idir na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear san Airteagal seo;**

**Leasú 378**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 53 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. A mhéid a bhfuil fíorghá leis chun críocha na Treorach seo, féadfaidh údaráis inniúla catagóir speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin faoi réir na gcosaintí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí **agus** na coimircí breise seo a leanas:

1. A mhéid a bhfuil fíorghá leis chun críocha na Treorach seo, féadfaidh údaráis inniúla catagóir speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin faoi réir na gcosaintí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, **chomh maith leis** na coimircí breise seo a leanas:

**Leasú 379**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 53 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) coinneoidh **baill foirne** na n-údarás inniúil ardchaighdeáin **ar bun maidir le rúndacht** agus **le cosaint** sonraí, beidh **ardleibhéal ionracais acu** agus beidh na scileanna iomchuí acu;

(b) coinneoidh **foireann** na n-údarás inniúil ardchaighdeáin **ghairmiúla rúndachta** agus **cosanta** sonraí, beidh **siad ionraic** agus beidh na scileanna iomchuí acu, **lena n-áirítear chun claonadh i dtacair mórshonraí agus in úsáid eiticiúil tacar mórshonraí a bhrath;**

**Leasú 380**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 53 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) beidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil na sonraí a áirithiú **ag caighdeáin arda teicneolaíochta.**

**Leasú 381**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 53 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 382**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 55 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) beidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun slándáil na sonraí a áirithiú **de réir ardchaighdeáin theicneolaíochta, agus chun a áirithiú nach dtiocfaidh torthaí claonta agus idirdhealaitheacha as próiseáil na sonraí;**

*Leasú*

(ca) **áireofar le haon chinnteoireacht uathoibríthe athbhreithniú daonna agus an fhéidearthacht maidir le hidirghabháil an duine.**

*Leasú*

***Airteagal 55a***

***Leanúnachas chur i bhfeidhm na n-ionstraimí glactha***

**1. *Leanfaidh gach treoirlíne, tuairim agus moladh arna n-eisiúint ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849 agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 d’fheidhm a bheith acu go dtí go ndéanfaidh ÚFA iad a leasú nó a aisghairm.***

**2. *Leanfaidh na caighdeáin theicniúla rialála uile arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849 agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh.***

*1095/2010 d'fheidhm a bheith acu go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a leasú nó a aisghairm trí ghníomhartha tarmligthe.*

**Leasú 383**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 56 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 56a***

***Athbhreithniú a bhaineann le hinfhaighteacht agus rochtain ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil***

***Faoin ... [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ÚFA, measúnú ar na nithe seo a leanas:***

***(a) feidhmiú chlár na n-úinéirí tairbhiúla arna mbunú sna Ballstáit chomh maith leis an gcóras idirnasctha le haghaidh cuardaigh tríd an Ardán Lárnach Eorpach;***

***(b) a indéanta atá sé clár láraithe Eorpach um úinéireacht thairbhiúil a bhunú;***

***(c) a indéanta atá sé clár Eorpach 'Bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' (KYC)/clár um Dhícheall Cuí do Chustaiméirí (CDD) a bhunú, agus aird á tabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do laghdú rioscaí a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, agus ar mhaolú ar ualaí riaracháin ar údaráis inniúla na mBallstát agus ar na heintitis faoi oibleagáid araon, chomh maith leis an mbreislúach ó thaobh cáilíochta sonraí de agus bearta maolaithe chun easnaimh a theorannú.***

***Faoin ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar thorthaí an mheasúnaithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfar***

*moltaí a áireamh sa tuarascáil sin chun feabhas a chur ar na cláir lárnacha arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le Clár Lárnach Eorpach um Úinéireacht Thairbhiúil nó Clár KYC/CDD Eorpach a bhunú*

**Leasú 384**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 56 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 56b***

***Athbhreithniú a bhaineann le hoibleagáidí clárúcháin sócmhainní nó earraí ardluacha***

*Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ÚFA, measúnú ar a indéanta atá sé na hoibleagáidí clárúcháin a leathnú le haghaidh earraí nó sócmhainní ardluacha eile lasmuigh de shaorchriosanna, rud a d'fhéadfadh an t-ualach clárúcháin a chur ar eintitis faoi oibleagáid. Déanfar meastóireacht sa mheasúnú ar a chomhréiri atá sé an clár sin a bhunú agus beidh anailís costais is tairbhe san áireamh ann. Cuirfear san áireamh ann na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go seachnófaí clárú earraí nó sócmhainní ardluacha trí na hearraí agus na sócmhainní sin a bhogadh lasmuigh de mhargadh inmheánach an Aontais nó ar bhealaí eile agus déanfar comparáid idir na costais a thabhaítear, chomh maith le comhréireacht.*

*Faoin ... [2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le torthaí an mheasúnaithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfar*



*moltaí a áireamh sa tuarascáil sin maidir leis na hoibleagáidí clárúcháin a leathnú. Féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibleagáidí clárúcháin nua.*

**Leasú 385**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 56 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 56c***

***Athbhreithniú a bhaineann le feidhmiú na gclár agus na gcóras maidir le sócmhainní nó earraí ardluacha***

***Faoi ... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ÚFA, measúnú ar na nithe seo a leanas:***

***(a) feidhmiú an chláir agus na gcóras aisghabhála sonraí le haghaidh mótarfheithiclí, aerárthaí agus árthaí uisce dá dtagraítear in Airteagal 16b;***

***(b) a indéanta atá sé na hoibleagáidí clárúcháin a leathnú chuig earraí nó sócmhainní ardluacha eile lasmuigh de saorchriosanna, rud a d'fhéadfadh an t-ualach clárúcháin a chur ar eintitis faoi oibleagáid, an measúnú chun meastóireacht a áireamh ar a chomhréirí atá sé an clár sin a bhunú agus measúnú costais ar shochair a mbeidh ról suntasach aige;***

***(c) feidhmiú na gclár sócmhainní i saorchriosanna dá dtagraítear in Airteagal 16c;***

***(d) a indéanta atá oibleagáidí clárúcháin níos leithne le haghaidh earraí agus sócmhainní ardluacha i saorchriosanna.***

***Cuirfear san áireamh sa mheasúnú na***

*rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go seachnófaí clárú earraí nó sócmhainní ardluacha trí na hearraí agus na sócmhainní sin a bhogadh lasmuigh de mhargadh inmheánach an Aontais nó ar bhealaí eile agus déanfar comparáid eatarthu agus na costais a thabhaítear, chomh maith le comhréireacht.*

*Faoin ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le torthaí an mheasúnaithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfar moltaí a áireamh sa tuarascáil sin maidir leis na cláir, na córais aisghabhála sonraí agus na hoibleagáidí clárúcháin a fheabhsú. Féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibleagáidí clárúcháin nua.*

**Leasú 386**  
**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 58 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná [cuir isteach dáta - **3 bliana** tar éis an teacht i bhfeidhm]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

*Leasú*

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná [cuir isteach dáta - **2 bhliain** tar éis an teacht i bhfeidhm]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### Breithnithe ginearálta

Tá sé soiléir le tamall anuas go bhfuil an creat reatha chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CTF) a chomhrac neamhéifeachtach. Cé go leagtar síos i reachtaíocht an Aontais cuid de na caighdeáin is forbartha ar domhan, níl sí á trasú go tráthúil ag na Ballstáit ná á forfheidhmiú i gceart ar an leibhéal náisiúnta. Mar gheall ar na héagsúlachtaí i gcur chun feidhme na dTreoracha a bhí ann roimhe seo maidir le AML, tá an bonn bainte go mór freisin ó éifeachtacht an chreata. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do na Comhrapóirtéirí an Pacáiste AML a mhol an Coimisiún, ina bhfuil ionstraimí reachtacha éagsúla, lena n-áirítear an 6ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid (AMLD). Is díol sásaimh do na Comhrapóirtéirí freisin an togra maidir le hÚdarás Frithsciúrtha Airgid (ÚFA) a bhunú.

Ba cheart a thuiscint nach bhfuil an creat chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (SA/MS) a chomhrac chomh héifeachtach leis an láthair is laige (bíodh sé ina thír, ina institiúid nó ina earnáil eacnamaíoch). Tá an méid sin níos ábhartha fós i margadh aonair an Aontais, margadh ina dtugtar le chéile rialacha agus saoirsí coiteanna. Ní leor ar chor ar bith feabhsuithe measartha a bhaint amach.

Is léir dúinn, i bhfianaise an ionsaí Rúisigh i gcoinne na hÚcráine agus thoradh na smachtbhannaí a lean an cogadh, nach n-eascraíonn torthaí inmhianaithe as na rialacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair. Cé nach ndírítear smachtbhannaí ach ar líon beag cásanna ardphróifíle, tá aithint úinéirí earraí agus sócmhainní ardluacha, amhail tithe millteacha, eitleáin phríobháideacha agus luaimh mhíllteacha, ró-dúshlánach, sna cúinsí reatha, do na húdarais inniúla. Léiríonn sé sin na laigí atá ag na creataí SA/MS atá ann faoi láthair, ós rud é go bhfuil amhras réasúnach ann nach bhfuil bunús soiléir ag cuid den airgead a úsáideann daoine faoi chóras smachtbhannaí. Ba cheart an taithí ón eachtra sin a bheith léirithe sa reachtaíocht nua.

Ón bplé le páirtithe leasmhara éagsúla, is léir anois go bhfuil tionchar ag an easpa rialacha mionsonraithe agus na héagsúlachtaí cleachtas i gcur chun feidhme náisiúnta na dTreoracha AML ar chumas na n-údarás inniúil idirbhearta amhrasacha a shainnithint agus gníomhaíocht choiriúil a shuaitheadh i ndairíre, go háirithe coireacht trasteorann. Ní mór dúinn na bearnaí atá fós ann a dhúnadh, agus an leas is fearr a bhaint as an gcóras atá ann faoi láthair mar bhonn ar ar féidir feabhas a dhéanamh. Ina theannta sin, ní mór dúinn a mheabhrú gur cheart go mbeadh tionchar teoranta, comhréireach ag fiontraithe agus ag gnólachtaí ar an tionchar a bhaineann le ceanglais SA/MS ar dhaoine macánta, ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí.

### Smaointe tráthúla:

Tá sé tábhachtach a choimirciú go gcomhlíonfaidh daoine a ghlacann poist i mbainistiú eintiteas faoi oibleagáid áirithe, nó ar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas faoi oibleagáid sin iad, go gcomhlíonfaidh siad ceanglais áirithe a bhaineann go háirithe le macántacht agus le hionracas agus le dea-cháil. Molann na Comhrapóirtéirí na ceanglais sin a neartú agus tuilleadh sonraíthe a dhéanamh ar na cumhachtaí maoirseachta is gá chun iad a fhorfheidhmiú.

Le Treoracha AML atá i bhfeidhm cheana féin, ceanglaítear ar na Ballstáit cosc a chur ar mhí-

úsáid daoine dlítheanacha i gcás SA/MS agus a áirithiú go bhfuil faisnéis leormhaith, chruinn agus cothrom le dáta ann maidir le húinéireacht thairbhiúil agus rialú daoine dlítheanacha agus socruithe trí chláir phoiblí. Is bonn maith é an togra ón gCoimisiún in AMLD6 don phlé ar na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais maidir le cláir úinéireachta tairbhiúla a bhunú ag na Ballstáit. Mar sin féin, bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus chun feabhas breise a chur ar chruinneas na sonraí a sholáthraítear sna cláir, molann na Comhrapóirtéirí ceanglais níos láidre, go háirithe maidir le fíorú na sonraí agus úsáid na teicneolaíochta chun na críche sin, agus maidir le cumas na n-eintiteas atá i gceannas ar na cláir, smachtbhannaí a chur ar mhíchruinnis agus neamhréireachtaí. Ina theannta sin, creideann na Comhrapóirtéirí nár cheart srian a chur a thuilleadh le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil iontaobhas agus faoi shocruithe dlíthiúla comhchosúla.

Tá sé an-tábhachtach freisin rialacha soiléire a leagan amach maidir le rochtain ar na cláir úinéireachta tairbhiúla agus cuardach a dhéanamh orthu ag údaráis inniúla, maoirseoirí agus eintitis faoi oibleagáid. Dá bhrí sin, molann na Comhrapóirtéirí foráil shonrach lena leagtar síos na critéir le haghaidh cuardach sna cláir úinéireachta tairbhiúla tríd an Ardán Lárnach Eorpach, agus tá súil againn go mbeidh sé ag feidhmiú faoin am a thiocfaidh an Treoir i bhfeidhm.

Leanann an réadmhaoine de bheith ina thráchtearra tarraingteach do choirpigh chun fáltais a ngníomhaíochtaí aindleathacha a sciúradh, ós rud é, ar an drochuair sa chleachtas, gur féidir fíorfhoinsé na gcistí agus céannacht an úinéara thairbhiúil a chomhlíonadh. Is mian le Comhrapóirtéirí, dá bhrí sin, rochtain thráthúil ar shonraí maidir le húinéireacht thairbhiúil úinéirí réadmhaoine a áirithiú, lena n-áirítear trí chláir nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí\*\*\*. Ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit rochtain ar an bhfaisnéis sin a sholáthar do na húdaráis inniúla trí phointe rochtana aonair, agus faisnéis a áireamh ní hamháin faoin luach eacnamaíoch ach faoi na modhanna íocaíochta freisin. Déanfar cláir nó córais leictreonacha aisghabhála sonraí a idirnascadh le pointe rochtana aonair sonraí réadmhaoine (RED), a oibreoidh an Coimisiún, lena dtabharfar lánrogha do na Ballstáit a chinneadh cén córas a úsáidfídh siad chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tá sé tar éis éirí soiléir freisin, cé go mbailítear faisnéis maidir le hearraí ardluacha, amhail luaimh agus eitleáin, is annamh a bhíonn sé úsáideach chun SA/MS a bhrath. Dá bhrí sin, tugann na Comhrapóirtéirí oibleagáid ar na Ballstáit rochtain a sholáthar d'údaráis inniúla ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil earraí ar úinéirí earraí áirithe a meastar a luach a bheith os cionn tairseach áirithe, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis maidir le modhanna íocaíochta maidir le cuid de na sócmhainní sin.

Is cuid de líonra oibríochtúil AML/CTF dlínse iad na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) agus tá ról lárnach acu sa líonra sin, agus soláthraíonn siad tacaíocht ríthábhachtach don obair a dhéanann údaráis inniúla eile. Thug Comhrapóirtéirí isteach athruithe sa chaibidil lena rialaítear feidhmiú AFAnna, arb é is aidhm dóibh rochtain ar fhaisnéis ag AFAnna agus malartú faisnéise eatarthu a chothú, agus an leas is fearr á bhaint as dul chun cinn teicneolaíoch, agus cearta bunúsacha á gcosaint ag an am céanna. Is minice anois a thrasnaíonn gluaiseacht airgid aindleathach teorainneacha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar Bhallstáit éagsúla, agus is é sin an fáth a bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí an sreabhadh faisnéise gan bhacainní agus moilleanna nach bhfuil gá leo a fheabhsú tuilleadh, agus ba cheart deiseanna maidir le meaitseáil sonraí idir na Ballstáit a fheabhsú tuilleadh.

Tá cumas AFAnna fós chun idirbhearta a chur ar fionraí ríthábhachtach chun cur isteach ar SA/MS, agus sin an fáth ar roghnaigh na Comhrapóirtéirí an nós imeachta sin a mhionsonrú tuilleadh sa dréacht-tuarascáil.

Tá maoirseacht chuí ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus ar eintitis eile faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais i gceolár chreat éifeachtach AML/CFT. Le deich mbliana anuas, léirigh roinnt cásanna ardphróifíle sciúrtha airgid go raibh easnaimh shuntasacha ann maidir le bainistiú riosca banc áirithe agus maidir leis an bhfaireachas a dhéanann AML/CFT agus maoirseoirí stuamachta araon orthu. Leis na scannail a rinneadh le déanaí, rinneadh maoirseacht lochtach éadrom ar eintitis neamhairgeadais freisin. Is díol sásaimh do na Comhrapóirtéirí na tograí ón gCoimisiún maidir le tuilleadh mionsonraí a thabhairt ar ghníomhaíocht mhaoirseachta agus ar chomhordú. Tá mionsonrú breise ar ról ÚFA déanta ag na Comhrapóirtéirí, i gcásanna ina mbíonn easaontais idir maoirseoirí agus ina bhfuil gá le comhfhoirne anailise. Tugtar ról do ÚFA freisin maidir le measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha le haghaidh comhair le maoirseoirí airgeadais tríú tíortha ar bhonn cás ar chás.

Tacaíonn na Comhrapóirtéirí go hiomlán leis an togra ón gCoimisiún maidir le maoirseacht phoiblí ar chomhlachtaí féinrialála, atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar eintitis shonracha faoi oibleagáid san earnáil neamhairgeadais, agus na ceanglais atá sna forálacha ábhartha a mhionsonrú tuilleadh. Creideann na Comhrapóirtéirí, áfach, nár cheart d'údarás poiblí, seachas comhlacht féinrialála, maoirseacht a dhéanamh ar earnáil an eastáit réadaigh.

Sa bhreis ar an méid a luadh cheana, is mian leis na Comhrapóirtéirí ról ÚFA a mhéadú i gcomhthéacs na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Treoir seo. Molann na Comhrapóirtéirí, go háirithe, gur cheart do ÚFA an méid seo a leanas a dhéanamh:

treoirlínte a dhréachtú agus a fhoilsiú maidir leis na gnéithe a bheidh le cur san áireamh ag maoirseoirí nuair a bheidh oiriúnacht na bainistíochta agus úinéireacht thairbhiúil eintiteas faoi oibleagáid áirithe á measúnú, chomh maith leis na himthosca ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn i measc chomhaltaí foirne AFA;

stóras sonraí a choimeád ina liostófar na húdaráis náisiúnta atá freagrach nó sásraí a bunaíodh chun an fhreagairt náisiúnta do rioscaí a chomhordú, arna sainaitheint ar bhonn náisiúnta;

athbhreithnithe piaraí a dhéanamh maidir le feidhmiú na n-eintiteas náisiúnta atá i gceannas ar chláir úinéireachta tairbhiúla, agus maidir le comhlíonadh ceanglas sonracha a leagtar síos sa Treoir seo ag AFAnna;

go dtabharfar an chumhacht rochtain ar FIU.net a chur ar fionraí, dá mba rud é go mbeadh an t-athbhreithniú piaraí ar AFA sonracha ina ábhar inní tromchúiseach;

go n-áireofar sna caighdeáin theicniúla ar cheart do ÚFA raonta smachtbhannaí airgid a ullmhú i gcoibhneas le láimhdeachas an eintitis a chuirfear i bhfeidhm i sáruithe ar oibleagáidí AML.

## **SEASAMH MIONLACH (RIAIL 52a)**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2015/849 /2021-0250 (COD))**

Aontaím go láidir nach mór feabhas a chur ar chreat reatha an Aontais maidir le frithsciúradh airgid. Tá comhar trasteorann ríthábhachtach chun líonraí coiriúla an-soghluaiste agus grúpaí sceimhlitheoireachta a chomhrac. Is díol sásaimh dom go bhfuil cuid dár leasuithe lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh atá ann faoi láthair san áireamh sa chomhréiteach deiridh. Mar sin féin, ní hé an cur chuige ceart é clár lárnach AE a bhunú ina bhfuil faisnéis íogair faoi choigilteoirí agus pinsinéirí Eorpacha. Ní mór dúinn díriú ar choirpigh chánach agus sceimhlitheoirí a ghabháil, seachas suirbhé a dhéanamh ar shaoránaigh atá géilliúil don dlí.





## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849	
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0423 – C9-0342/2021 – 2021/0250(COD)	
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	22.7.2021	
<b>Coistí freagracha</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 4.10.2021	LIBE 4.10.2021
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.10.2021	
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinneadh	JURI 14.10.2021	
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Luděk Niedermayer 25.11.2021	Paul Tang 25.11.2021
<b>Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	16.12.2021	
<b>Pléite sa choiste</b>	2.6.2022	
<b>Dáta an ghlaicthe</b>	28.3.2023	
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 107 –: 5 0: 0	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Abir Al-Sahlani, Rasmus Andresen, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Gilles Boyer, Karolin Braunsberger-Reinhold, Annika Bruna, Damien Carême, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Frances Fitzgerald, Daniel Freund, Jean-Paul Garraud, Valentino Grant, Maria Grapini, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Stasys Jakeliūnas, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Othmar Karas, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Costas Mavrides, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Maite Pagazaurtundúa, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Emil Radev, Evelyn Regner, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Paul Tang, Annalisa Tardino, Irene Tinagli, Tomas Tobé, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Elissavet Vozemberg-	

	Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zile
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Damian Boeselager, Herbert Dorfmann, Margarida Marques, Alessandra Mussolini, Matjaž Nmec, Dragoş Pîslaru, Thijs Reuten, Eleni Stavrou, Róza Thun und Hohenstein, Tomáš Zdechovský
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Attila Ara-Kovács, Hildegard Bentele, Emmanouil Fragkos, Bart Groothuis, Niclas Herbst, Beata Kempa, Antonio López-Istúriz White, Daniela Rondinelli, Susana Solís Pérez, Henna Virkkunen, Rainer Wieland
<b>Dáta don chur síos</b>	14.4.2023

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

107	+
ECR	Emmanouil Fragkos, Michiel Hoogeveen, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofò, Jadwiga Wiśniewska, Roberts Zīle
ID	Annika Bruna, Patricia Chagnon, Jean-Paul Garraud, Valentino Grant, Annalisa Tardino, Marco Zanni
NI	Laura Ferrara, Enikő Győri
PPE	Isabel Benjumea Benjumea, Hildegard Bentele, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Lena Düpont, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, Niclas Herbst, Othmar Karas, Jeroen Lenaers, Antonio López-Istúriz White, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Nuno Melo, Nadine Morano, Siegfried Mureşan, Alessandra Mussolini, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Emil Radev, Karlo Ressler, Ralf Seekatz, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Inese Vaidere, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Rainer Wieland, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Giuseppe Ferrandino, Bart Groothuis, Sophia in 't Veld, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Georgios Kyrtos, Maite Pagazaurtundúa, Dragoş Pîslaru, Eva Maria Poptcheva, Susana Solís Pérez, Ramona Strugariu, Róza Thun und Hohenstein, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Attila Ara-Kovács, Pietro Bartolo, Marek Belka, Jonás Fernández, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Eero Heinäluoma, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Aurore Lalucq, Juan Fernando López Aguilar, Margarida Marques, Costas Mavrides, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemeč, Evelyn Regner, Thijs Reuten, Daniela Rondinelli, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli, Elena Yoncheva
The Left	Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, Clare Daly, Cornelia Ernst
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damian Boeselager, Damien Carême, Daniel Freund, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Diana Riba i Giner, Tineke Strik, Ernest Urtasun

5	-
ECR	Dorien Rookmaker
ID	Gunnar Beck, Nicolaus Fest
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos
Renew	Moritz Körner

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh